Chuir foilseacháin leantacha tionscail agus Rialtais, lena n-áirítear *Feidhm a bhaint as ár n-acmhainneacht: Infheistíocht agus poist i dtionscal gaoithe amach ón gcósta na hÉireann* de chuid WEI (March 2020), *Creat-Ráiteas Beartais don Todhchaí ORE* de chuid RCAC agus an *Treochlár um Fhuinneamh In-athnuaite Amach ón gCósta do 2050* de chuid SEAI atá le teacht an SEAI scóip na deise do chuideachtaí in Éirinn a bheith rannpháirteach i slabhraí soláthair gaoithe amach ón gcósta in Éirinn agus go hidirnáisiúnta. Aithníodh deiseanna tráchtála inláimhsithe i margaí tosaíochta lena n-áirítear an RA, an réigiún Nordach, an Fhrainc, an Ghearmáin agus na SA i dtaighde a rinneadh trí líonra FÉ thar lear agus a bhfuil ionchur na bhfiontar beag agus meánmhéide (FBManna) mar thaca aige.

In 2024, tá ról suntasach ag gaoth sheasta amach ón gcósta cheana féin i go leor margaí, agus 61GW ag feidhmiú ar fud an domhain thar thart ar 250 tionscadal.[23] Tá leibhéal ard ullmhachta tráchtála ag baint leis an teicneolaíocht seo, agus meastar go bhfuil sí iontaofa ó thaobh brabúis de, ag éascú rochtana ar airgeadas. Tá leibhéal níos lú ullmhachta tráchtála ag gaoth ar snámh amach ón gcósta ná mar atá ag gaoth seasta amach ón gcósta, ach tá iarrachtaí chun an teicneolaíocht a úsáid ar scála ag dul i méid ar fud an domhain, agus go leor tíortha ag leagan síos spriocanna uaillmhianacha imscartha il-GW.

De réir an *Chreatráitis Beartais don Todhchaí ORE*, "Mar thoradh ar imscaradh 37GW de ORE in Éirinn beidh méadú suntasach ar ioncam don Stát chomh maith le deiseanna fostaíochta díreacha agus indíreacha...Tugann an anailís mhargaidh eacnamaíoch a rinneadh le fios freisin go bhféadfadh suim €69 billiún a bheith in Oll-Bhreisluach (OBL) thar shaolré na dtionscadal – idir 2022 agus 2060 – ag glacadh leis go mbeadh 37GW d'acmhainn ORE agus 12.2GW idirnasctha. Soláthraíodh OBL mar chomhiomlán na gcostas saothair agus na mbrabús oibriúcháin. D'fhéadfadh OBL iomlán na tíre buaic de thart ar €2.4 billiún a bhaint amach in 2049. D'fhéadfaí €8.8 billiún san iomlán OBL den luach seo a fhabhrú don Stát faoi 2050 trí onnmhairiú táirgí agus seirbhísí a bhaineann le ORE neamhspleách ar shochair fostaíochta agus OBL a bhaineann le húsáidí intíre amháin." Bunaithe ar an gcineál imscartha ORE atá beartaithe faoi láthair, is gaoth amach ón gcósta a bheidh i bhformhór mór de seo.

Cé nach ionann é agus liosta uileghabhálach, samhlaítear i dtuarascáil an SEAI atá ag teacht, *Treochlár um Fhuinneamh In-athnuaite Amach ón gCósta do 2050*, ag brath ar mhéid imscartha na gaoithe amach ón gcósta, deiseanna féideartha slabhra soláthair i bhforbairt tionscadal gaoithe amach ón gcósta agus i ngníomhaíochtaí O&C; déantúsaíocht comhpháirteanna móra tuirbíní gaoithe amach ón gcósta amhail túir; agus déantúsaíocht chomhpháirteanna ríthábhachtacha gaoithe amach ón gcósta ar snámh amhail bunchóimeáil agus rópa sintéiseach agus líne feistithe.

23. Tuarascáil Comhairle um Fuinneamh Gaoithe Eorpach 2023

Ar bhonn níos leithne, tá deiseanna slabhra soláthair do chuideachtaí Éireannacha á dtuar freisin i réimsí mar

- Suirbhéireacht gheoifisiceach agus gheosonraí;
- Rialtáin agus ionstraimíocht;
- Innealtóireacht leictreach chun fostáisiúin ar talamh agus amach ón gcósta a shuiteáil;
- Innealtóireacht mhuirí;
- Iompar tarlaithe ar talamh agus ar muir;
- Bainistíocht tionscadail;
- Deisiúcháin leictreacha agus meicniúla;
- Árachas; agus
- Áiseanna soithigh agus calafoirt.

I dteannta leis na comhpháirteanna agus na gníomhaíochtaí seanbhunaithe thuas, tugtar le tuiscint i gcomhairliúchán tionscail 2023 de chuid an RFTF go bhféadfadh cuideachtaí in earnáil na teicneolaíochta digití a théann isteach i réimsí 'comhlíontacha' nó a théann i bhfeidhm orthu i réimsí gaoithe amach ón gcósta luach nua ar fad a chur leis an slabhra soláthair gaoithe amach ón gcósta domhanda. Beidh éileamh mór ar réimsí amhail cibearshlándáil, monatóireacht ar choinníollacha iargúlta, agus cumarsáid amach ón gcósta ar fud na hearnála. Is dócha go mbeidh méid na deise seo suntasach, cé nach bhfuil sé sainithe faoi láthair, de réir mar a mhéadóidh imscaradh gaoithe amach ón gcósta ar fud an domhain. Ina theannta sin, ba cheart go mbeadh inaistritheacht áirithe slabhra soláthair indéanta idir gaoth ar talamh agus amach ón gcósta in Éirinn.

Is náisiún oileánda í Éire, atá ag brath ar nascacht fuinnimh agus cumarsáide lenár gcomhpháirtithe idirnáisiúnta ach gan cumas suntasach intíre i ndéantúsaíocht ná leagan cáblaí. Tá gá straitéiseach leis an dá cheann acu a bhunú chun ár n-uaillmhianta ORE agus idirnaisc a chumasú, a bheith mar chuid den slabhra soláthair domhanda do thionscadail idirnáisiúnta agus cabhrú le slándáil nascachta a áirithiú trí rochtain réidh ar chumas athshlánaithe tubaiste.

Tríd is tríd, tá sé mar aidhm ag na bearta atá leagtha amach sa chuid seo feasacht a fheabhsú ar an deis agus ar ullmhacht FBManna na hÉireann a bheith rannpháirteach sa slabhra soláthair gaoithe amach ón gcósta suntasach in Éirinn agus go hidirnáisiúnta.

## 4.1 Cumas agus Acmhainn a Fhorbairt i Slabhra Soláthair na hÉireann

### 4.1.1 Cúlra/Forléargas

Cabhróidh infheistíocht i agus tacú le forbairt cuideachtaí in Éirinn atá ag obair nó ag iarraidh oibriú sa tionscal gaoithe amach ón gcósta le leibhéil ábhair slabhra soláthair áitiúil a uasmhéadú i margadh baile na hÉireann agus

cabhróidh sé le honnmhairí cuideachtaí Éireannacha a mhéadú thar mhargaí domhanda gaoithe amach ón gcósta. Tá sé ríthábhachtach iomaíochas agus cumas cuideachtaí Éireannacha sa ghaoth amach ón gcósta a fhorbairt agus bainfear é seo amach trí thacaíochtaí spriocdhírithe agus leathana.

Aithnítear go forleathan go bhfuil Éire ag déanamh níos fearr ná ár méid ar an stáitse domhanda, agus tá FÉ i gcroílár tacú le forbairt earnálacha a bhfuil poist cheannródaíocha acu lena n-áirítear Comhábhair Fheidhmiúla & Cothú, Tógáil Ardteicneolaíochta, Eolaíochtaí Beatha agus Teicneolaíocht Dhigiteach. Soláthraíonn clú FÉ i bhforbairt fiontraíochta, mar aon lenár meascán de nuálaíocht agus saineolas margaidh, peirspictíocht uathúil ar fhorbairt earnálacha na todhchaí, atá á thabhairt againn anois don spás um Theicneolaíocht Aeráide & Fuinneamh In-athnuaite, agus go háirithe don ghaoth amach ón gcósta.

Leanfaidh FÉ ar aghaidh ag cur tacaíochtaí saincheaptha duine le duine ar fáil do chliaint gaoithe amach ón gcósta, ag cuidiú leo aghaidh a thabhairt ar na príomhfhadhbanna straitéiseacha a bheidh rompu, agus ag cur na bloc tógála i bhfeidhm ar mhaithe le fás sa todhchaí. Agus muid i gcomhpháirtíocht le cuideachtaí cliaint ar an mbealach seo, cinnteoimid go mbeidh Éire aitheanta go hidirnáisiúnta mar cheannaire sa slabhra soláthair gaoithe amach ón gcósta ar fud an domhain.

### Tacaíocht Ghnó agus Ceannaireacht Straitéiseach

Beidh forbairt shuntasach ar chumas straitéiseach na gcuideachtaí Éireannacha atá gníomhach in earnáil na gaoithe amach ón gcósta taobh thiar d'fhás sa slabhra soláthair dúchasach den chuid is mó. Tacófar leis seo trí chúnamh domhain, duine le duine, chun athrú bunathraithe a bhrú chun cinn i gcliaint FÉ, ag díriú ar fhás scálaithe sa slabhra soláthair gaoithe amach ón gcósta. Tabharfar tacaíocht freisin do chuideachtaí uaillmhianacha ar a n-aistear scálaithe trí rannpháirtíocht spriocdhírithe i gcláir cheannaireachta gnó FÉ, lena n-áirítear *Leadership 4 Growth* agus cláir spriocdhírithe eile a fhorbrófar go sonrach do chuideachtaí san earnáil seo a bhfuil tábhacht straitéiseach náisiúnta ag baint leo.

Tabharfar tús áite freisin do cheannairí sinsearacha ó chuideachtaí Éireannacha a nascadh le comhairleoirí agus meantóirí fáis gaoithe amach ón gcósta a bhfuil taithí acu. Leanfar le tacaíocht fheabhsaithe foghlama idir piaraí a éascú trí *Gael Offshore Network* de chuid FÉ agus beidh sé ina bhunchloch d'aon chnuasach gaoithe amach ón gcósta náisiúnta amach anseo.

Cuirfear tús le tacaíocht mhéadaithe do chuideachtaí Éireannacha maidir le monatóireacht agus freagairt do thairiscintí gaoithe amach ón gcósta agus deiseanna conartha.

## Cumas Gaoithe Amach ón gCósta na hÉireann a Scálú

Mar gheall ar an deis mhór domhanda maidir le gaoth amach ón gcósta, tá scóip ann chun méadú suntasach a thiomáint ar líon na gcuideachtaí scála Éireannacha san earnáil seo; spreagfaidh na cuideachtaí seo fostaíocht, ioncam agus fás onnmhairithe láidir anseo in Éirinn. Cé go mbeidh conaire gach cuideachta chun fás scálaithe uathúil, beidh an chinnteacht go bhfuil roghanna ann do mhaoiniú straitéiseach fadtéarmach, lena n-áirítear caipiteal fadtéarmach, ina phríomhchinntitheach ratha. I gcás cuideachtaí nuálacha, is féidir é seo a fheabhsú trí chúnamh méadaithe a chur ar fáil do chuideachtaí Éireannacha chun maoiniú seachtrach Eorpach a fháil, e.g., *Horizon Europe, An Chomhairle Nuálaíochta Eorpach (CNE)*. Ina theannta sin, scrúdóimid roghanna eile lena chinntiú go mbeidh maoiniú síolchaipitil agus forbartha ar fáil atá dírithe ar thacú le forbairt an éiceachórais agus na hearnála in Éirinn, go háirithe do ghnólachtaí nuathionscanta agus do ghnóthais scála.

## An Scéim Iasachta Fáis agus Inbhuanaitheachta

Soláthraíonn an Scéim Iasachta Fáis agus Inbhuanaitheachta €500 milliún, a seoladh an 19 Meán Fómhair 2023,[24] iasachtaí níos fadtéarmaí do FBManna, lena n-áirítear feirmeoirí agus iascairí agus cuideachtaí beaga meánchaipitil. Díríonn an scéim ar íosmhéid de 30% den mhéid iasachtaithe chun críocha inbhuanaitheachta comhshaoil agus é mar aidhm aici FBManna a spreagadh chun bearta dearfacha a dhéanamh chun tacú leis an gclár oibre um athrú aeráide. Tá an scéim oscailte do raon leathan infheistíochtaí ar féidir leo cáiliú le haghaidh incháilitheachta mar infheistíocht i mbearta glasa/inbhuanaithe. Áirítear leo seo, ach níl siad teoranta dóibh, tionscadail fuinnimh in-athnuaite agus déantúsaíocht táirgí, comhpháirteanna agus innealra le haghaidh fuinnimh in-athnuaite. Bainfidh iasachtaí chun críocha gníomhaíochta ar son na haeráide agus inbhuanaitheachta comhshaoil leas freisin as lascaine bhreise ar ráta úis. Chomh maith leis sin, beidh suas le 70% d'iasachtú le haghaidh infheistíochtaí straitéiseacha d'fhonn táirgiúlacht agus iomaíochas a mhéadú, agus ar an gcaoi sin bonn taca a chur faoi inbhuanaitheacht agus fás gnó amach anseo. Feidhmeoidh an Scéim Iasachta Fáis agus Inbhuanaitheachta go dtí an 30 Meitheamh 2026 nó go dtí go mbeidh an scéim go hiomlán lán (cibé acu is luaithe).

Maidir le maoiniú, beidh gá le leibhéil shuntasacha infheistíochta chun ár gcórais fuinnimh a athrú ó bhonn. Féadfaidh an earnáil airgeadais inbhuanaithe ról lárnach a bheith aici maidir le rannchuidiú le haistriú ísealcharbóin a mhaoiniú.

Is dúshlán fós é an maoiniú agus ní mór obair a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann le maoiniú a dhéanamh ar an aistriú a shamhlaítear sa Straitéis seo. Tá scrúdú gníomhach á dhéanamh ag an Roinn Airgeadais ar an margadh airgeadais inbhuanaithe intíre chun aon bhac ar

24. https://enterprise.gov.ie/en/what-we-do/supports-for-smes/access-to-finance/growth-and-sustainability-loan-scheme/

ghníomhaíocht mhaoinithe agus bearta beartais iarmhartacha a aithint is féidir a shaothrú chun gníomhaíocht mhaoinithe a chur chun cinn agus a spreagadh.

### Gnólachtaí Nuathionscanta Gaoithe Amach ón gCósta a Mhéadú in Éirinn

Cuirfidh méadú ar líon na ngnólachtaí nuathionscanta Éireannacha atá dírithe ar an deis a bhaineann le gaoth amach ón gcósta ar chumas na hÉireann leas iomlán a bhaint as an deis eacnamaíoch fhadtéarmach. Tacófar leis seo trí mhaoiniú réamhshíola agus tacaíochtaí cumais a sholáthar. Tabharfar tosaíocht freisin do chomhordú méadaithe leis an earnáil tríú leibhéal chun tráchtálú taighde gaoithe amach ón gcósta a uasmhéadú. D'fhéadfadh go mbeadh gá freisin gnólachtaí nuathionscanta ardacmhainneachta uaillmhianacha (GNAA) a bhrostú a dhíreoidh ar earnáil na gaoithe amach ón gcósta, trí chúnamh airgeadais agus forbartha spriocdhírithe agus den mhéid ceart a sholáthar.

### An Deis Easpórtála Gaoithe Amach ón gCósta Domhanda a uasmhéadú

Tá deiseanna suntasacha onnmhairithe domhanda ann do chuideachtaí Éireannacha a oibríonn sa tionscal gaoithe amach ón gcósta. Soláthrófar seirbhísí tacaíochta leanúnacha agus feabhsaithe a sheachadfar trí FÉ, sa bhaile agus thar lear araon, chun líon iomlán onnmhaireoirí na hÉireann a mhéadú agus go deimhin líon na n-onnmhaireoirí céaduaire atá gníomhach sa mhargadh domhanda gaoithe amach ón gcósta a mhéadú. Tá fócas straitéiseach glactha ag FÉ ar mhargaí idirnáisiúnta tosaíochta, áit a leanfaidh FÉ le dianiarrachtaí chun tacaíochtaí duine le duine a sholáthar agus chun naisc a chruthú le forbróirí tionscadail, le conraitheoirí leibhéil a haon, agus le déantóirí buntrealaimh (O&C), ar mhaithe le cuideachtaí slabhra soláthair na hÉireann.

### Lucht saothair oilte a fhorbairt

Tá an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta (RBATNE) i mbun gníomhaíochta chun aghaidh a thabhairt ar na scileanna atá ag teastáil chun gaoth amach ón gcósta a fhorbairt in Éirinn, agus chun a buntáistí tionsclaíochta agus eacnamaíocha a uasmhéadú. Tá sraith láidir roghanna oiliúna ar fáil cheana féin ag córas oideachais na hÉireann a bhaineann le gaoth amach ón gcósta – trí phrintíseachtaí; tríd an earnáil Breisoideachais agus Oiliúna; trí thionscnaimh spriocdhírithe don ardoideachas amhail an *Tionscnamh um Chaipiteal Daonna;* agus trí oiliúint treoraithe ag tionscal arna cómhaoiniú ag Skillnet Ireland.

Tá obair shuntasach bhreise ag teastáil chun an raon iomlán riachtanas scileanna agus fórsa saothair a aithint maidir le forbairt na gaoithe amach ón gcósta, agus chun fórsa saothair inbhuanaithe agus píblíne scileanna a bhunú. Chun na haidhmeanna seo a chur chun cinn, tá RBATNE ag comhoibriú leis an RCAC agus leis an tionscal trí Shruth Oibre 8 Scileanna agus Fórsa Oibre tiomnaithe mar chuid den OWDT. Ina theannta sin, rachaidh an Roinn

Oideachais agus Scileanna i dteagmháil leis an nGrúpa Saineolaithe ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí maidir leis seo.

Príomh-aschur den Sruth Oibre seo ba ea tuarascáil mhionsonraithe mheasúnaithe scileanna don ghaoth amach ón gcósta a chur i gcrích, a rinneadh i gcomhar le WEI agus Green Tech Skillnet, an líonra forbartha gnó agus oiliúna d'fhuinneamh in-athnuaite atá faoi stiúir fiontair. Sa tuarascáil seo, *Building our Potential: Ireland's Offshore Wind Skills and Talent Needs*, leagtar scála an dúshláin amach, ach na deiseanna atá ar fáil d'Éirinn chun píblíne scileanna agus tallainne inbhuanaithe a fhorbairt freisin. Meastar sa tuarascáil go mbeidh éileamh ar thart ar 86,000 bliain coibhéise lánaimseartha (FTE) ann go dtí 2040 i gcás 'gnó mar is gnách'. I gcás 'idirghabhála', áfach, ina ndéantar bearta gníomhacha chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanas scileanna agus chun ábhar áitiúil a mhéadú, go háirithe sa déantúsaíocht agus sa slabhra soláthair, ardaíonn sé seo go dtí breis agus 146,000 bliain FTE. Déanann an tuarascáil, a foilsíodh i R1 2024, raon moltaí gearrthéarmacha, meántéarmacha agus fadtéarmacha, a bhreithneoidh RBATNE de réir mar a chomhaontóidh sé gníomhartha chun tosaíochtaí scileanna a sheachadadh don ghaoth amach ón gcósta.

Chun freastal ar an éileamh méadaitheach ón earnáil gaoithe amach ón gcósta ar phleanálaithe spásúlachta muirí agus saineolaithe eolaíochta mara ar fud na Ranna agus na ngníomhaireachtaí Rialtais, tá gá le méadú suntasach ar phearsanra teicniúil a bhfuil taithí chuí acu. Tá soláthar na sainphost seo ina thosaíocht chun forbairt tráthúil na hearnála gaoithe amach ón gcósta a chinntiú. Cé gur tríd an earnáil tríú leibhéal an bealach isteach tosaigh chuig na gairmeacha seo, ciallaíonn nádúr speisialaithe na róil seo go bhfuil cáilíochtaí iarchéime agus taithí ábhartha riachtanach freisin. Dá bhrí sin, tá gá le cúrsaí iarchéime breise a sholáthar ar fud na hÉireann sa phleanáil mhuirí agus san eolaíocht mhuirí chun soláthar na scileanna riachtanacha sna hearnálacha seo a mhéadú. Tá gá le nochtadh méadaithe don earnáil in-athnuaite amach ón gcósta ag an tríú leibhéal do mhic léinn fochéime mara, comhshaoil, pleanála, gnó agus eacnamaíochta chun a chinntiú go maolaítear an riosca maidir le ganntanas scileanna laistigh den earnáil.

Chun a chinntiú go bhfreagróidh monatóireacht scileanna do riachtanais na hearnála atá ag teacht chun cinn, tá Sainghrúpa Comhairleach ar scileanna gaoithe amach ón gcósta bunaithe ag RBATNE, le baill ó bhreisoideachas agus ardoideachas agus Ranna, gníomhaireachtaí agus tionscal Rialtais. Soláthraíonn an Sainghrúpa Comhairleach seo fóram sofhreagrúil chun riachtanais scileanna nua agus atá ag teacht chun cinn a aithint. Cinntíonn sé gur féidir le príomhpháirtithe leasmhara ó bhreisoideachas agus ardoideachas agus tionscal an rialtas a chur ar an eolas faoi dheiseanna scileanna, dúshláin agus idirghabhálacha féideartha ar bhealach dinimiciúil.

### 4.1.2 Réasúnaíocht

Tá rialtais ar fud an domhain ag breathnú níos mó ar ghaoth amach ón gcósta mar ghné lárnach i seachadadh a gcuid gealltanas aeráide agus dícharbóinithe. Tá scála na huaillmhéine giniúna gaoithe amach ón gcósta ar fud an domhain thar an 20 go 30 bliain atá romhainn suntasach, ag tabhairt deiseanna suntasacha do chuideachtaí Éireannacha atá in ann seirbhís a chur ar fáil don tionscal. Tá dúshlán roimh shlabhraí soláthair domhanda coinneáil suas le fás tapa an tionscail ar fud an domhain, rud a chruthaíonn deiseanna breise do chuideachtaí in Éirinn. Tá forbairt shlabhra soláthair gaoithe amach ón gcósta na hÉireann ríthábhachtach ar roinnt cúiseanna:

1. Is féidir le forbairt slabhra soláthair dúchasach tacú le seachadadh spriocanna uaillmhianacha náisiúnta.
2. Is féidir tacaíocht a thabhairt do chuideachtaí Éireannacha chun an deis seo sa mhargadh domhanda a thapú, mar bhonn is mar thaca ag fás onnmhairithe, agus cruthú post, anseo in Éirinn.
3. Tacóidh rannpháirtíocht mhéadaithe chuideachtaí Éireannacha in earnáil na gaoithe amach ón gcósta le fostaíocht fhadtéarmach inbhuanaithe agus forbairt eacnamaíoch ar fud limistéar cósta.

### 4.1.3 Tionchar

Cabhróidh infheistíocht i gcuideachtaí Éireannacha agus tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt na gcuideachtaí gaoithe amach ón gcósta le leibhéil ábhair an tslabhra soláthair áitiúil a uasmhéadú i margadh inmheánach na hÉireann, ag cuidiú le leas a bhaint as an acmhainneacht ioncaim agus fostaíochta. Cabhróidh sé freisin le méadú ar onnmhairí cuideachtaí Éireannacha a thiomáint thar mhargaí domhanda gaoithe amach ón gcósta agus méadóidh sé scála agus fairsinge na gcuideachtaí Éireannacha atá gníomhach ar fud an tionscail gaoithe amach ón gcósta.

| Gníomhartha | | Spriocdháta | Úinéirí |
|---|---|---|---|
| 1 | Sonraí bonnlíne a bhunú agus spriocanna réamh-mheasta a shocrú le haghaidh<br>• Caiteachas T&F sa slabhra soláthair<br>• Líon na bpost sa slabhra soláthair gaoithe amach ón gcósta<br>• Gnólachtaí Nuathionscanta sa slabhra soláthair gaoithe amach ón gcósta<br>• Easpórtálacha<br>• Acmhainn IDC | R4 2024 | RFTF |
| 2 | Measúnú tionchair eacnamaíoch a dhéanamh ar acmhainneacht na gaoithe amach ón gcósta in Éirinn. | R4 2024 | RFTF |

| | Gníomhartha | Spriocdháta | Úinéirí |
|---|---|---|---|
| 3 | Rannpháirtíocht i gcláir cheannaireachta gnó a mhéadú i measc an tslabhra soláthair gaoithe amach ón gcósta agus tacaíochtaí sainiúla cumais a fhorbairt d'iontrálaithe nua san earnáil gaoithe amach ón gcósta. | Ar siúl faoi láthair | FÉ |
| 4 | Roghanna maoinithe straitéiseacha fadtéarmacha a sheachadadh chun tacú le scálaithe cuideachtaí slabhra soláthair gaoithe amach ón gcósta na hÉireann. | Ar siúl faoi láthair | FÉ, RFTF, CBSÉ, CISÉ |
| 5 | Gnólachtaí nuathionscanta méadaithe agus gnólachtaí nuathionscanta ardacmhainne a thiomáint i ngaoth amach ón gcósta, trí chláir fheabhsaithe forbartha fiontraithe agus tacaíochtaí maoinithe spriocdhírithe. | Ar siúl faoi láthair | FÉ, RFTF |
| 6 | Dul i dteagmháil le gníomhaireachtaí ábhartha eile, amhail an SEAI, Fondúireacht Eolaíochta Éireann (FEÉ), Foras na Mara (MI), Oifig Forbartha Muirí na hÉireann (IMDO), chun cláir thacaíochta agus deiseanna maoinithe a threisiú chun leibhéil ábhair slabhra soláthair áitiúil sa mhargadh baile Éireannach a uasmhéadú. | Ar siúl faoi láthair | DETE, SEAI, SFI, MI, IMDO |
| 7 | Féachaint le síneadh a chur leis an Scéim Iasachta Fáis agus Inbhuanaitheachta de €500 milliún agus aon ghá le scéim nó tionscnamh maoinithe eile chun tacú le fás an tslabhra soláthair gaoithe amach ón gcósta. | R4 2024 | RFTF, CBSÉ |
| 8 | Breithniú a dhéanamh ar mholtaí na Tuarascála Measúnaithe Scileanna Greentech Skillnet/WEI agus, ag baint úsáide as maoiniú spriocdhírithe ón gCiste Náisiúnta Oiliúna (CNO), faoi réir comhaontaithe sa phróiseas meastacháin, gníomhartha a chomhaontú chun tosaíochtaí scileanna a sheachadadh chun spriocanna fuinnimh gaoithe amach ón gcósta a bhaint amach. | 2024 ar aghaidh | RBATNE |

# Cás-Staidéar

XOCEAN
Ocean data, delivered.

Ag baint úsáide as Arthaí Dromchla Gan Criú (USVanna), soláthraíonn XOCEAN sonraí muirí lándéanta. Ó mhapáil ghrinneall na farraige go monatóireacht chomhshaoil, cuireann XOCEAN réiteach atá sábháilte, eacnamaíoch agus neodrach ó thaobh carbóin de ar fáil maidir le seachadadh sonraí aigéin. Bunaíodh XOCEAN, a bhfuil a cheanncheathrú i gCo. Lú, in 2017 agus tháinig méadú air ó shin go dtí breis agus 200 ball foirne le hoifigí in Éirinn, sa RA, sna SA, i gCeanada agus san Astráil.

In 2021, fuair XOCEAN maoiniú T&F ón *gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh*. Deontas a bhí ann faoin nglao maoinithe don "Infheistiú sa Nuálaíocht Ghorm". Fuair XOCEAN deontas €1.7 milliún chun a n-ardán teicneolaíochta agus suirbhéireachta a fhorbairt agus a thráchtálú, lena n-áirítear comhtháthú an phróifíleora fo-bhun (PF) – braiteoir a úsáidtear i dtionscal fuinnimh in-athnuaite na mara chun geolaíocht ghrinneall na farraige a mheas agus chun tréithe agus comhdhéanamh fhodhromchla ghrinneall na farraige a thuiscint, rud a chabhraíonn le forbairt samhlacha talún do limistéir eagair bheartaithe agus bealaí cábla onnmhairithe. Bhí an cumas seo ag teastáil ó phríomhchuideachta ORE domhanda, a raibh XOCEAN ag gabháil léi ar thionscadal forbartha gaoithe amach ón gcósta ag céim luath. Chuir an maoiniú T&F a deonaíodh, chomh maith le hinfheistíocht FÉ mar chuid dá bhabhta maoinithe Sraith A, ar chumas na foirne XOCEAN an cumas seo a fhorbairt agus a leabú ina thairiscint seirbhíse mar chaighdeán ar fud a gcabhlaigh USVanna.

Chuir an tacaíocht T&F ar chumas XOCEAN riachtanais bhreise an chustaiméara a sheachadadh agus bhí sé ina phríomhchumasóir maidir le creat-chomhaontú a fháil le haghaidh oibre athfhilltí ar fud roinnt feirmeacha gaoithe amach ón gcósta san Eoraip. Bhí an cliant thar a bheith sásta le cumas XOCEAN sonraí a sheachadadh a d'éiligh, go dtí sin, imscaradh soithigh suirbhéireachta traidisiúnta a d'éiligh ar chriú dul amach ón gcósta agus a raibh astuithe suntasacha carbóin mar thoradh air. Tá an tseirbhís seo á hiarraidh anois i níos mó ná 50% de na tionscadail a sheachadann XOCEAN, agus dá bharr sin tá siad in ann an gnó a scála níos tapúla. Tháinig méadú faoi dhó ar an ioncam iomlán ag XOCEAN go dtí deireadh 2023 ó tugadh an tseirbhís bhreise seo isteach in 2021.

## 4.2 Deiseanna a uasmhéadú do shlabhra soláthair na hÉireann conarthaí nua gaoithe amach ón gcósta a bhuachan sa bhaile agus thar lear

### 4.2.1 Cúlra/Forléargas

Ceann de na haidhmeanna uileghabhálacha atá ag *Ag Cumhachtú Rathúnais: Straitéis Thionsclaíoch na hÉireann um Fhuinneamh Gaoithe Amach ón gCósta* ná líon na gcuideachtaí in Éirinn a oibríonn ar fud an tslabhra soláthair gaoithe amach ón gcósta a uasmhéadú, sa bhaile agus thar mhargaí onnmhairithe domhanda.

#### Imeachtaí 'Buail leis an gCeannaitheoir' agus Infheictheacht Deiseanna Conartha

Tá clár seanbhunaithe ag FÉ chun cuideachtaí Éireannacha ábhartha a nascadh go díreach le cinnteoirí príomhsholáthraithe táirgí agus seirbhísí gaoithe amach ón gcósta, e.g., forbróirí tionscadail, conraitheoirí sraithe a haon, agus DBTanna. Beidh tógáil feasachta ar chumas méadaitheach na hÉireann mar thosaíocht i measc an ghrúpa tionscail seo. Léiríodh i gcomhairliúcháin tionscail a tugadh chun críche le linn fhorbairt na Straitéise seo go mbeidh méadú ar infheictheacht agus feasacht i measc an tslabhra soláthair ar dheiseanna conartha agus tairisceana atá le teacht chomh tábhachtach céanna. Chun cabhrú leis seo a bhaint amach, forbrófar agus soláthrófar clár leathnaithe de rannpháirtíochtaí 'Buail leis an gCeannaitheoir' chun slabhra soláthair na hÉireann a thabhairt níos gaire dá bhonn custaiméirí, rud a chuideoidh le leibhéil ábhair sa slabhra soláthair áitiúil a uasmhéadú.

#### Tacaíocht Fhiontraíocht Éireann i Margaí Easpórtála Tosaíochta

Leanfaidh FÉ lena chlár gníomhaíochtaí gaoithe amach ón gcósta thar lear agus seirbhísí tacaíochta do chuideachtaí a chur i bhfeidhm. Áirítear leis na gníomhaíochtaí sin cuairteanna grúpa staidéir margaidh agus misin trádála chuig margaí onnmhairithe tosaíochta, chomh maith le cruinnithe duine le duine spriocdhírithe le páirtithe leasmhara tionscail agus ceannaitheoirí sa mhargadh. Mar a luaitear i gcuid 4.1, tacóidh FÉ freisin le tógáil inniúlachta ar fud an tslabhra soláthair, ag dul i dteagmháil le ceannairí gnó i gcuideachtaí reatha agus cuideachtaí nua san earnáil.

#### Deiseanna Soláthair Phoiblí Gaoithe Amach ón gCósta a Uasmhéadú

Cé go n-eascróidh go leor de na deiseanna slabhra soláthair ó fhorbróirí na hearnála príobháidí agus ó chonraitheoirí gaolmhara sraith a haon, cruthóidh comhlachtaí poiblí a bhfuil baint acu le bonneagar gaoithe amach ón gcósta a fhorbairt in Éirinn deiseanna breise. Déanfaidh EirGrid, mar shampla, an córas tarchurtha amach ón gcósta a bhainistiú agus a chothabháil agus, sa ról seo, beidh sé ina mhór-sholáthraí táirgí agus seirbhísí. Féadfaidh comhlachtaí

agus gníomhaireachtaí poiblí breise deiseanna conartha a thabhairt chuig an margadh ó am go ham freisin, rud a chuirfeadh leis an deis do chuideachtaí slabhra soláthair intíre.

Chun cabhrú leis na deiseanna a eascraíonn as conarthaí soláthair phoiblí gaoithe amach ón gcósta a uasmhéadú, cuirfear oiliúint chuimsitheach soláthair phoiblí ar fáil do chuideachtaí Éireannacha chun cabhrú le feabhas a chur ar fhreagraí tairisceana i gcomhréir le critéir soláthair phoiblí. Beidh sé seo bunaithe ar thairiscintí atá beartaithe ag comhlachtaí poiblí ar fud OWDT an Rialtais sna blianta amach romhainn. Síneofar MT nua idir EirGrid, FÉ, agus GFT Éireann, a gheallfaidh an sreabhadh faisnéise idir na páirtithe a mhéadú, agus comhoibriú níos dlúithe ar fhorbairt straitéisí nuálacha gaoithe amach ón gcósta.

Díreoidh an MT seo ar thionscnaimh ORE Chéim 2 agus níos faide i gcéin. Sa dara céim soláthrófar leibhéil shuntasacha leictreachais ó fheirmeacha gaoithe amach ó chósta theas na hÉireann.
Soláthróidh forbróirí príobháideacha na tuirbíní gaoithe arís, ach, sa chéim seo, beidh EirGrid freagrach as an mbonneagar a sheachadadh a nascfaidh an chumhacht leis an ngreille ar talamh. Bainfear é seo amach trí chlár EirGrid Ár dTodhchaí um Fhuinneamh Gaoithe Amach ón gCósta a Mhúnlú, a shuiteálfar fostáisiúin leictreachais amach ón gcósta. Soláthróidh EirGrid naisc idir na fostáisiúin amach ón gcósta seo agus fostáisiúin nua ar talamh a úsáideann cáblaí leictreachais faoin bhfarraige agus faoin talamh.

Tá sé mar aidhm ag an MT comhoibriú níos fearr a chothú le EirGrid ar a straitéis slabhra soláthair (nuair is féidir) ach aithnítear freisin go bhfuil go leor páirtithe leasmhara páirteach sa phróiseas seo agus mar sin go bhfuil go leor réimsí comhoibrithe lasmuigh de smacht EirGrid.

### 4.2.2 Impact

D'fhéadfadh tionchar suntasach dearfach a bheith ag imeachtaí méadaithe 'Buail leis an gCeannaitheoir' agus feasacht níos fearr ar chumas na hÉireann i measc na bpríomhsholáthraithe domhanda táirgí agus seirbhísí gaoithe amach ón gcósta ar fhás shlabhra soláthair na hÉireann. Cuidíonn sé freisin leis an mbonn FBManna a chur ar an eolas faoi riachtanais an tionscail ORE amach anseo ar féidir leis na gnólachtaí sin aghaidh a thabhairt orthu trí leas a bhaint as tacaíochtaí spriocdhírithe FÉ. Ar deireadh, cabhróidh sé seo tacaíocht a thabhairt do mhéadú ar líon na gcuideachtaí in Éirinn atá ag obair sa tionscal, sa mhargadh inmheánach agus i margaí easpórtála domhanda.

Soláthróidh fócas leanúnach ag FÉ ar sholáthar seirbhísí tacaíochta cuimsitheacha do chuideachtaí Éireannacha i margaí easpórtála tosaíochta fás ar ioncam onnmhairithe gaoithe amach ón gcósta a bheidh ag méadú i gcónaí. Chomh maith leis sin, neartóidh sé seo cumas agus taithí tionscail shlabhra soláthair na hÉireann i ngaoth amach ón gcósta, rud a chuirfidh ar chumas cuideachtaí in Éirinn seasamh láidir a thabhairt do dheiseanna conarthacha sa mhargadh inmheánach sna blianta amach romhainn. Ina

theannta sin, cinnteoidh rannpháirtíocht láidir le margaí easpórtála go mbeidh sruth ioncaim gaoithe amach ón gcósta éagsúlaithe ag cuideachtaí in Éirinn, rud a ligeann dóibh acmhainní a imscaradh chomh éifeachtach agus is féidir, agus gníomhaíocht agus suíomh margaidh san earnáil a chothabháil de réir mar a chuireann gach tír a bplean náisiúnta i bhfeidhm.

Is féidir le fócas comhchruinnithe ar oiliúint soláthair phoiblí cur ar chumas cuideachtaí na deiseanna a thagann chun cinn i margadh na hÉireann a uasmhéadú, ag cuidiú le hábhar slabhra soláthair áitiúil a neartú.

| Gníomhartha | | Spriocdháta | Úinéirí |
|---|---|---|---|
| 9 | Ceardlanna oiliúna soláthair phoiblí a sheachadadh do chuideachtaí ar fud shlabhra soláthair na hÉireann. | R4 2024 | FÉ, EirGrid |
| 10 | MT a bhunú agus a chur i bhfeidhm idir EirGrid agus na gníomhaireachtaí fiontair ábhartha. | R2 2024 | EirGrid, FÉ, GFT |

## 4.3 Ag Tacú le Cnuasach Náisiúnta Gaoithe Amach ón gCósta

### 4.3.1 Cúlra/Forléargas

Aithnítear sa *Pháipéar Bán um Fhiontraíocht 2022-2030* cnuasú mar phríomhuirlis chun cuspóirí beartais fiontair na hÉireann a bhaint amach, lena n-áirítear an nuálaíocht a thiomáint, an t-aistriú dúbailte glas agus digiteach a leanúint, infheistíocht idirnáisiúnta a mhealladh agus a neadú agus naisc láidre a fhorbairt idir cuideachtaí ilnáisiúnta agus gnólachtaí dúchasacha.

Chomh maith leis na gréasáin atá ann cheana féin, thabharfadh Cnuasach Náisiúnta Gaoithe Amach ón gCósta baill le chéile ó fhiontraíocht, ó bhreisoideachas agus ardoideachas, ó thaighde, agus ón earnáil phoiblí, ag éascú an leibhéil líonraithe, nuálaíochta, comhroinnte faisnéise, comhoibrithe agus forbartha acmhainne is gá chun a chinntiú go bhforbraíonn Éire tionscal gaoithe amach ón gcósta ar scála. [25]

25. Soláthraíodh an sainmhíniú seo a leanas sa tuarascáil 'Development of an Evidence Base to Support the Development of a National Clustering Policy and Framework' le Grant Thornton, a choimisiúnaigh RFTF agus atá ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne

Is comhghuaillíochtaí idirghníomhacha geografacha iad cnuasaigh d'fhiontair idirnasctha, d'ionaid taighde agus d'institiúidí gaolmhara i réimsí ar leith a théann in iomaíocht, a chomhoibríonn le chéile, agus a mbíonn dúshláin agus deiseanna comónta rompu.

### 4.3.2 Réasúnaíocht

Is earnáil í an ghaoth amach ón gcósta a bhfuil tábhacht náisiúnta straitéiseach ag baint léi, a thairgeann bealach chun ár ngeilleagar a dhícharbónú agus ag an am céanna chun deiseanna suntasacha a chur ar fáil d'fhás eacnamaíoch. Tháinig cnuasú chun cinn mar mhodh éifeachtach chun deiseanna sa tionscal gaoithe amach ón gcósta a uasmhéadú.
Tá cnuasaigh éifeachtacha gaoithe amach ón gcósta bunaithe ag go leor tíortha ar éirigh leo dul chun cinn luath a dhéanamh san earnáil.

Is uirlis éifeachtach é cnuasú freisin chun go leor de na dúshláin in earnáil na gaoithe amach ón gcósta a mhaolú agus ag an am céanna buntáistí suntasacha a sheachadadh, mar shampla trí:

- Feasacht agus cumas cuideachtaí Éireannacha rochtain a fháil ar dheiseanna laistigh d'earnáil gaoithe amach ón gcósta na hÉireann a neartú.
- Feabhas a chur ar chomhoibriú idir an tionscal agus na hEagraíochtaí Feidhmithe Taighde (ETanna) chun méadú ar an toradh ar infheistíocht an Stáit i dtaighde gaoithe amach ón gcósta a chur chun cinn.
- Aitheantas idirnáisiúnta ar chumas na hÉireann san earnáil a threisiú.

**FÍOR 5**
**Samplaí de Chnuasaigh Ghaoithe Amach ón gCósta ar Éirigh leo san Eoraip**



### 4.3.3 Tionchar

Chuirfeadh Cnuasach Náisiúnta Gaoithe Amach ón gCósta ardán ríthábhachtach ar fáil do phlé, do chomhar agus do chomhoibriú idir an tionscal, an saol acadúil agus an earnáil phoiblí. Thacódh sé le huaillmhian na hÉireann tionscal gaoithe amach ón gcósta atá láidir agus athléimneach a thógáil trí:

- Imeachtaí líonraithe atá deartha chun caidrimh agus comhroinnt faisnéise a chothú idir FBManna, tionscal mór, agus an earnáil taighde, forbartha agus nuálaíochta (TF&H); treiseoidh sé seo a gcumas a bheith iomaíoch agus iad ag tairiscint conarthaí nó i gceantanna fuinnimh in-athnuaite.
- Cláir mheantóireachta atá deartha chun ligean do FBManna leas a bhaint as taithí daoine mór le rá agus saineolaithe seanbhunaithe tionscail as Éirinn agus thar lear.
- Acmhainn comhpháirtíochta a mheas, sineirgí a aithint i scileanna/acmhainní cuideachtaí agus cuideachtaí comhoiriúnacha a mheaitseáil.
- Cuairteanna staidéir a mhargú chun comhoibriú ar dhea-chleachtas idirnáisiúnta agus dul i gcomhpháirtíocht le piaraí ar fud na hearnála.
- Scanadh léaslíne le haghaidh tairiscintí atá le teacht agus fógra ar iarrthóirí oiriúnacha.
- Oideachas agus oiliúint, lena n-áirítear mapáil ar infhaighteacht agus ar thairiscintí scileanna, chomh maith le cúrsaí a fhorbairt i gcomhar le hinstitiúidí ardleibhéil (ollscoileanna/ollscoileanna teicneolaíochta), comhlachtaí breisoideachais (Boird Oideachais agus Oiliúna) agus comhlachtaí Stáit (e.g., Skillnet agus SOLAS) chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais scileanna agus a chinntiú go mbeidh soláthar leordhóthanach de shaothar oilte ann; oiliúint theicniúil, tacaíocht forbartha gnó, oiliúint soláthair a sholáthar, deiseanna chun innealra agus teicneolaíocht nua a thriail ag an gcéim réamhinfheistíochta trí chomhpháirtíocht le lárionaid nuálaíochta (e.g. Future Manufacturing Ireland) etc.
- Rannpháirtíocht níos mó a éascú le héiceachórais thionsclaíocha an AE, le comhaontais thionsclaíocha, agus le Tionscadail Thábhachtacha Comhleasa Eorpach (IPCEI).
- Naisc láidre a chothú idir cuideachtaí ilnáisiúnta agus gnólachtaí dúchasacha agus tarraingteacht na hÉireann don IDC a neartú.

It would also strengthen the RD&I sector to support offshore wind development by:

- Strengthening collaboration between industry stakeholders and researchers, to collectively identify areas in which innovation will address gaps or increase cost-efficiency while accelerating the commercialisation and use of new knowledge and ideas.
- Aligning with existing test sites, the proposed test site and OWCE to facilitate top-tier RD&I in Ireland.

| Gníomhartha | | Spriocdháta | Úinéirí |
|---|---|---|---|
| 11 | Trí rannpháirtíocht le comhpháirtithe tionscail, feasacht a ardú agus rannpháirtíocht a spreagadh i nglao iomaíoch náisiúnta ar chnuasaigh faoin gClár um Chnuasaigh Náisiúnta a luaithe a fhógraítear é. | Le linn 2024 | RFTF, FÉ, GFT, SEAI, MI, IMDO |

# Cás-Staidéar

DP ENERGY

Tá ceanncheathrú DP Energy, ceann de na forbróirí is mó le rá in Éirinn maidir le tionscadail fuinnimh in-athnuaite, i gCorcaigh agus feidhmíonn siad ar fud an domhain. Agus cáil dhomhanda thar 31 bliain ann, tá 1.6GW de shócmhainní giniúna fuinnimh in-athnuaite ar scála mór forbartha ag an gCuideachta ó 1993 i leith. Bunaíodh DP Energy le tiomantas d'úsáid a bhaint as na modhanna is inbhuanaithe agus is freagraí ó thaobh an chomhshaoil de ar fud a chuid forbairtí fuinnimh go léir, gealltanas atá fós lárnach i ngníomhaíochtaí na Cuideachta sa lá atá inniu ann. Tá DP Energy ag feidhmiú i gCeanada, in Éirinn, sa RA agus san Astráil agus trasna go leor teicneolaíochtaí lena n-áirítear gaoth ar talamh agus amach ón gcósta, teicneolaíochtaí gréine, stóráil fuinnimh in-athnuaite agus réitigh hidrigine & díorthaigh. Cuimsíonn an Chuideachta foireann idirnáisiúnta d'innealtóirí, eolaithe mara, saineolaithe pleanála, bainisteoirí tionscadail, bainisteoirí comhshaoil agus ard-taithí acu, agus saineolaithe airgeadais, dlí agus teicniúla.

Chuaigh DP Energy i dteagmháil le MaREI trí cheithre thionscadal taighde comhoibríocha ar leith, a bhí páirtmhaoinithe ag an gcuideachta agus Fondúireacht Eolaíochta Éireann (FEÉ). Ag díriú ar nuálaíochtaí a sheachadadh ar fud an tslabhra soláthair ORE, áirítear leo sin comhpháirtíochtaí ar an tionscadal EirWind, ina bhfuil cuibhreannas de chomhpháirtithe tionscail dírithe ar threoirphlean a fhorbairt le haghaidh forbartha fuinnimh gaoithe amach ón gcósta in Éirinn, agus an tionscadal leanúnach H-WIND, a dhíríonn ar ghníomhachtú margaí nua don hidrigin a ghintear ó fhuinneamh gaoithe amach ón gcósta. Ina theannta sin, tá DP Energy agus MaREI i gcomhpháirtíocht le Clár Comhaltachta T&I an Tionscail FEÉ chun tacú le socrúchán sealadach taighdeoirí MaREI le DP Energy.

Thacaigh an chomhpháirtíocht seo go díreach le nuálaíocht agus iomaíochas sa chomhpháirtí tionscail le cur i bhfeidhm ar dheiseanna ORE agus hidrigine. Tá réitigh taighde ildisciplíneacha curtha ar fáil aige ar fhadhbanna teicniúla sainithe agus chuir sé ardán ar fáil do chomhoibriú agus do theacht le chéile earnála méadaithe trí thionscadail EirWind agus H-Wind. Ina theannta sin, d'éascaigh sé comhoibriú breise idir MaREI agus DP Energy ar dheiseanna maoinithe rathúla AE agus thacaigh sé le haistriú príomhthaighdeoirí MaREI go róil theicniúla laistigh den chuideachta.

# 5. Infheistíocht Dhíreach Choigríche, Slabhra Soláthair Idirnáisiúnta agus Deiseanna Domhanda



# 5.1 Comhpháirtíocht Idirnáisiúnta

## 5.1.1 Cúlra/Forléargas

Tá GFT Éireann, gníomhaireacht de chuid na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, ar cheann de na gníomhaireachtaí IDC is mó ar domhan. Bunaithe i 1948, tá GFT Éireann ar thús cadhnaíochta na forbartha tionsclaíochta in Éirinn le 75 bliain.

Tá dlúthbhaint idir spriocanna agus cuspóirí straitéis GFT Éireann, *Téarnamh agus Fás Inbhuanaithe a Thiomáint 2021 – 2024* le *Plean Gníomhaithe Náisiúnta na hÉireann ar son na hAeráide* agus an *Páipéar Bán ar Fhiontraíocht 2022 – 2030*. Ag obair as lámha a chéile leis an rialtas, páirtithe leasmhara agus FÉ, téann GFT Éireann i mbun comhpháirtíochta agus comhoibríonn siad le hinfheisteoirí agus cuideachtaí idirnáisiúnta, chun a ngnó a fhás, chun taighde agus nuálaíocht úrnua a chur i gcrích, agus chun cumas tallainne saibhir, bríomhar a fhorbairt do riachtanais an tionscail.

Is scéal í comhpháirtíocht na hÉireann le IDC a bhfuil rath uirthi ar fud an domhain a chuireann breis is €35 billiún le geilleagar na hÉireann go bliantúil, trí fhostaíocht, T&F, caiteachas caipitil agus cáin chorparáideach. Tá 1,800 cliant IDC domhanda a bhfuil ainmneacha branda acu, a fhostaíonn 300,000 duine ar fud na hÉireann. Tá ionaid shuntasacha réigiúnacha agus dhomhanda 'corparáideacha agus oibríochtaí' ag infheisteoirí in Éirinn, go príomha thar chúig phríomhearnáil: Eolaíochtaí Beatha, Teicneolaíocht, Innealtóireacht, Seirbhísí Idirnáisiúnta agus Seirbhísí Airgeadais.

Fásfaidh neart chumas na hÉireann, an fhís agus an uaillmhian don ghaoth amach ón gcósta a thógáil, a fhás agus a sheachadadh ó bhonn saibhir de chumas agus de thallann seanbhunaithe, de stair ratha an tionscail, agus ó fhorbairt comhpháirtíochtaí nua agus comhoibrithe nua.

Is riachtanas iomaíoch é tionscal amach ón gcósta agus slabhraí soláthair idirnáisiúnta a fhorbairt in Éirinn chun IDC a bhaint amach. Cuireann an *Páipéar Bán ar Fhiontraíocht 2022-2030* béim ar sholáthairtí fuinnimh dícharbónaithe agus inbhuanaithe mar phríomhthiománaí iomaíochais. Is iad na tíortha a bhfuil iomaíochas coibhneasta acu maidir le fuinneamh glas, costais fuinnimh agus cinnteacht an tsoláthair is fearr chun infheistíocht a choinneáil agus a mhealladh sna hearnálacha is dóichí a spreagfaidh fás sa gheilleagar domhanda sna 2030í.

Bunaithe ar an measúnú is déanaí ón nGníomhaireacht Idirnáisiúnta Fuinnimh (IEA) ar bheartais fuinnimh, aeráide agus tionsclaíochta faoi láthair, tá an geilleagar domhanda ar an mbealach chun buaicphointe a bhaint amach roimh 2030 maidir le gach breosla iontaise. In aghaidh gach $1 a chaitear ar bhreoslaí iontaise, caitear $1.80 anois ar theicneolaíochtaí glanfhuinnimh agus ar bhonneagar gaolmhar, i gcomparáid le cóimheas de 1:1 cúig bliana ó shin. Má fhanann Éire i gcéim den aistriú glas agus láithreacha ceannródaíocha IDC eile athraithe cheana féin, beidh Éire faoi mhíbhuntáiste

iomaíoch suntasach i réimse bunúsach tarraingteachta IDC. Ina theannta sin, má bhíonn Éire fós ag brath go measartha ar bhreoslaí iontaise, i gcomparáid le láithreacha iomaíocha, d'fhéadfadh go mbeadh costais fuinnimh a bheidh réasúnta níos airde ag baint le hinfheistíocht IDC in Éirinn de réir mar a mhéadaíonn praghsanna carbóin; slándáil fuinnimh níos ísle (m.sh., mar gheall ar chur isteach geopholaitiúil ar mhargaí breosla iontaise); agus mí-ailíniú le spriocanna aeráide ar an leibhéal corparáideach.

### 5.1.2 Réasúnaíocht

Tá an iomaíocht idirnáisiúnta le haghaidh acmhainní ag méadú ar fud na margaí idirnáisiúnta go léir, de réir mar a mhéadaíonn an t-éileamh ar threalamh riachtanach a bhaineann le gaoth amach ón gcósta. Ní mór go dtiocfaidh fás suntasach ar acmhainn tionscail san AE agus in áiteanna eile ar fud an éiceachórais, ionas go bhféadfaidh rialtais agus infheisteoirí spriocanna forbartha a bhaint amach. Léiríonn an fás domhanda seo an deis nua do IDC in Éirinn agus d'fhéadfadh sé cur le agus tacú le hamlínte forbartha na hÉireann, slándáil an tslabhra soláthair, píblínte tallainne, agus clár oibre láidir T&F faoi stiúir an tionscail.

Is éiceachóras domhanda scaipthe de chuideachtaí an-speisialaithe agus teicniúla é an slabhra soláthair gaoithe amach ón gcósta, roinnte ina thrí shraith de ghnáth. Cuid lárnach de straitéis 2021 -2024 GFT Éireann agus sprioc leanúnach i straitéis nua GFT Éireann 2025 – 2029 ná infheistíocht idirnáisiúnta nua a bhaint amach, agus díriú ar IDC straitéiseach i ngach Sraith den slabhra luacha amach ón gcósta.

- Sraith 1 - Conraitheoirí móra atá bunaithe go hidirnáisiúnta a oibríonn go díreach le forbróirí feirmeacha gaoithe. Mar shampla, DBTanna a bhfuil baint acu le dearadh, innealtóireacht, déanamh, agus déantúsaíocht na gcomhpháirteanna tábhachtacha amhail na lanna, tuirbíní, bunsraitheanna, fostáisiúin agus cáblaí tarchurtha.
- Sraith 2 - Conraitheoirí earraí agus seirbhísí speisialaithe atá ríthábhachtach d'fhorbairt feirmeacha gaoithe, e.g. seirbhísí innealtóireachta domhainfharraige, déantúsaíocht comhpháirteanna áirithe amhail córais cháblaí, fostáisiúin nó cuideachtaí a sholáthraíonn seirbhísí lóistíochta.
- Sraith 3 - Táirgí agus seirbhísí nideoige don tionscal gaoithe amach ón gcósta amhail suirbhéanna mara nó geoiteicniúla, seirbhísí speisialaithe innealtóireachta nó comhpháirteanna speisialaithe.

D'éirigh le straitéis reatha GFT Éireann 2021 – 2024 infheistíocht agus oibríochtaí a mhealladh ó roinnt cuideachtaí straitéiseacha idirnáisiúnta Sraith 1 agus 2, agus tacú leo. Is é sprioc GFT Éireann ná tacaíocht a thabhairt do chuideachtaí idirnáisiúnta a chomhlánóidh seachadadh spriocanna gaoithe amach ón gcósta na hÉireann agus oibriú leo.

### 5.1.3 Tionchar

Trí oibriú le cliaint IDC beifear in ann éiceachóras gaoithe amach ón gcósta atá láidir agus bríomhar a fhorbairt in Éirinn. Trí infheistíocht nua a bhuachan, neartófar tairiscint luach eacnamaíoch na hÉireann go díreach do gach infheisteoir IDC sna láithreacha ar fad in Éirinn. Áiríonn samplaí tionchair:

- Bheadh flúirse fuinnimh in-athnuaite mar thaca ag tairiscint luacha Éireannach don chéad ghlúin eile, a bheadh thar a bheith tarraingteach chun Infheistíocht Dhíreach Choigríche a choinneáil agus a fhorbairt sna hearnálacha ard-déantúsaíochta, seirbhísí idirnáisiúnta, agus earnálacha atá dian ar fhuinneamh, a bhfuil tábhacht náisiúnta straitéiseach ag baint leo.
- Tacóidh agus neartóidh slabhraí luacha fuinnimh in-athnuaite gaoithe amach ón gcósta le forbairt réigiúnach, go háirithe i bhfianaise scaipeadh geografach na suíomhanna forbartha. Tá an poitéinseal ag forbairt na hearnála agus gníomhaíochtaí féideartha in aice láimhe deiseanna nua a chruthú i láithreacha réigiúnacha.
-

Beidh baint amach spriocanna gaoithe amach ón gcósta ríthábhachtach chun dícharbónú na spriocanna tionscail atá san áireamh i *bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide* na hÉireann a bhaint amach, ag tacú le tionscal seanbhunaithe ar a n-aistear dícharbónaithe trí leictriú, stóráil fuinnimh, agus úsáid roghanna breosla iontaise do phróisis déantúsaíochta ardteochta.

| Gníomhartha | | Spriocdháta | Úinéirí |
|---|---|---|---|
| 12 | Straitéis GFT na hÉireann 2021 –2024: Leanúint ar aghaidh ag díriú agus ag tacú le gealltanais infheistíochta 'Inbhuanaitheacht agus Geilleagar Glas' IDC. | R4 2024 | RFTF, GFT |
| 13 | Straitéis GFT na hÉireann 2025 – 2029: Cinntiú go socraítear spriocanna agus cuspóirí soiléire chun infheistíocht IDC a bhuachan agus chun tacú leis in earnáil na gaoithe amach ón gcósta. | R4 2024 | RFTF, GFT |
| 14 | Dul san iomaíocht go hidirnáisiúnta chun infheistíochtaí móra ar scála a bhaint amach ó IDC straitéiseach, a chomhlánaíonn forbairt chumas gaoithe amach ón gcósta na hÉireann agus an fás ar chineálacha nua infheistíochta 'ardluacha'. | Ar siúl faoi láthair | RFTF, GFT |
| 15 | Comhoibriú go dlúth lena chinntiú gur féidir deiseanna comhpháirtíochta a uasmhéadú le cuideachtaí idirnáisiúnta in earnáil na gaoithe amach ón gcósta. | Ar siúl faoi láthair | RFTF, GFT, FÉI |
| 16 | Oibriú go dlúth le RFTF agus le Ranna eile chun a chinntiú go bhfuil na meicníochtaí tacaíochta cuí agus na scéimeanna maoinithe i bhfeidhm chun tacú le forbairt IDC gaoithe amach ón gcósta idirnáisiúnta. | R2 2024 | RFTF, GFT |

# Cás-Staidéar

Is cuideachta seirbhísí innealtóireachta fuinnimhgaoithe amach ón gcósta é Venterra Group atá faoi úinéireacht phríobháideach sa Ríocht Aontaithe a sholáthraíonn seirbhísí innealtóireachta den scoth ar fud an 'tslabhra soláthair' gaoithe amach ón gcósta iomlán. Is é Gavin & Doherty Geosolutions (GDG), fochuideachta de chuid Venterra Group, an mol domhanda innealtóireachta agus seirbhísí gnó do Venterra Group a thugann aghaidh ar mhargaí na hÉireann, na hEorpa, na hÁise agus Mheiriceá Thuaidh. Soláthraíonn GDG réitigh innealtóireachta nuálacha do chuid de na tionscadail gaoithe, mara agus bonneagair is dúshlánaí ar fud an domhain. Díríonn foireann sainchomhairleoirí innealtóireachta GDG ar réitigh dearaidh nuálacha, éifeachtacha ó thaobh costais de agus inbhuanaithe do chliaint. Cuireann siad tacaíocht ar fáil do chliaint ó oibreacha luatha go céim mhionsonraithe deartha agus comhairliúchán suiteála le haghaidh feirmeacha gaoithe amach ón gcósta.

Tá réitigh mhúrála agus ancaire reatha le haghaidh gaoithe amach ón gcósta ar snámh an-chostasach le déanamh agus dúshlánach ó thaobh lóistíochta de le himscaradh a dhéanamh, fadhb atá níos measa mar gheall ar an easpa acmhainne sa slabhra soláthair chun freastal ar éilimh thionscail atá ag méadú go tapa. D'aithin GDG coincheap ancaire le haghaidh gaoithe ar snámh amach ón gcósta ar féidir a úsáid i bhfad níos éifeachtaí ná an teicneolaíocht reatha, fiú sna láithreacha gaoithe amach ón gcósta is crua. Chun an coincheap seo a chur ar aghaidh chuig tairiscint tráchtála, bhí infheistíocht shuntasach ag teastáil le haghaidh dearaidh innealtóireachta ardleibhéil. Thacaigh GFT le forbairt tosaigh agus féidearthacht, rud a ligeann do GDG infheistíocht TF&N na milliún euro a bhaint den teicneolaíocht seo in Éirinn. Bhain GDG úsáid freisin as roinnt foinsí maoinithe lena n-áirítear FEÉ, An Chomhairle um Thaighde in Éirinn (IRC), SEAI, a d'éascaigh comhoibriú agus rannpháirtíocht fhairsing idir GDG agus an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath i roinnt tionscadal. Léirigh na tionscadail seo na féidearthachtaí agus na contúirtí a bhaineann le húsáid IS le haghaidh sonraí fíor agus casta amach ón gcósta ag measúnú láidreachtaí geoiteicniúla láithreán trí thástálacha treá cóin. Chomh maith leis sin, scrúdaíodh na féidearthachtaí agus na teorainneacha a bhaineann le Meaisín-Fhoghlaim chun tacair shonraí reatha a threisiú agus a fheabhsú agus cruthaíodh an chéad bhonn fianaise tagarmharcála trí úsáid a bhaint as coinníollacha amach ón gcósta na hÉireann.

Thug an tacaíocht ó GFT Éireann deis do GDG féidearthacht ardleibhéil an togra innealtóireachta a chinneadh, coincheapa dearaidh a fhorbairt, agus an ghníomhaíocht tástála agus phíolótach atá ag teastáil chun an coincheap seo a thabhairt chuig an margadh a bhunú. Leanfaidh GDG ag infheistiú san fhorbairt seo in Éirinn mar gheall ar an tacaíocht seo. Tá an obair thaighde a fhaigheann tacaíocht ó fhoinsí maoinithe éagsúla lena n-áirítear FEÉ, IRC agus SEAI, nuálaíoch toisc go dtugann sé IS isteach sa gheiteicnic agus sa gheo-eolaíocht thraidisiúnta agus cumasaíonn sé seo léirmhíniú níos cliste ar shonraí suímh le haghaidh dearaidh. Bunaíonn an obair conair i dtreo treoirlínte, moltaí, boinn fianaise údarásacha agus ar deireadh, i dtreo an chleachtais is fearr maidir le húsáid fhreagrach a bhaint as IS in earnáil na gaoithe amach ón gcósta a fhorbairt.

## 5.2 Comhpháirtíochtaí Straitéiseacha a Shaothrú & Aitheantas d'Éirinn mar Mhargadh Ardacmhainneachta a Bhunú

### 5.2.1 Cúlra/Forléargas

Is féidir le comhpháirtíochtaí straitéiseacha idirnáisiúnta deiseanna a thapú d'Éirinn chun páirt a ghlacadh i slabhraí soláthair idirnáisiúnta OWE agus leas a bhaint as saineolas idirnáisiúnta atá ann cheana féin agus muid ag forbairt ár n-earnáil OWE féin. Tugann Comhpháirtíochtaí Comhair, MoUanna agus Dearbhuithe Intinne (DI) atá ann cheana le príomh-chomhpháirtithe Eorpacha deis comhar bríoch a bhunú i bhforbairt slabhra an tsoláthair, ar féidir leo, dá réir sin, cabhrú le cumas agus acmhainn intíre a fhorbairt:

- In 2023, shínigh Éire *MT leis an Ríocht Aontaithe* ***(RA)*** maidir le haistriú fuinnimh, acmhainní in-athnuaite amach ón gcósta, agus comhar idirnasctha leictreachais. Tá an MT deartha chun comhar níos dlúithe a éascú idir an dá thír sna réimsí seo, agus chun creat a bhunú chun é sin a chumasú. Sonraítear ORE, agus go háirithe an slabhra soláthair, mar earnáil amháin chuige seo.
- Shínigh Éire *Comh-DI ar Chomhar Trasdulta Fuinnimh* i mí na Samhna 2023. Cuireann an DI creat ar fáil do thoilteanas an dá tíre dlús a chur le dícharbónú na gcóras fuinnimh agus tá sé mar chuid d'uaillmhian chomhchoiteann níos leithne don Eoraip a bheith ar an gcéad mhór-roinn atá neodrach ó thaobh na haeráide de faoi 2050. Curtha san áireamh sa DI tá gealltanas chun dlús a chur le himscaradh fuinnimh in-athnuaite amach ón gcósta agus córais ORE, lena n-áirítear comhar a threisiú ar fhuinneamh amach ón gcósta, go déthaobhach agus go réigiúnach sa Mhuir Thuaidh. Chuir an dá thír in iúl freisin go raibh siad ar intinn acu comhoibriú maidir le hidirnascadh méadaithe, tarchur amach ón gcósta, agus hidrigin ghlas.
- In 2019, chuir Éire agus Albain tús le ***Comh-Athbhreithniú Déthaobhach na hÉireann/na hAlban*** chun naisc reatha idir an dá thír a chomhdhlúthú agus chun tuilleadh réimsí comhoibrithe féideartha a fhiosrú. Chuir an t-athbhreithniú béim ar an bpoitéinseal do chomhoibriú i réimse an ORE, i measc réimsí eile, agus athdhearbhaíodh an fócas seo le linn an athbhreithnithe ar dhul chun cinn is déanaí i mí Iúil 2023 nuair a cuireadh béim arís ar chomhaontú chun dul i mbun rannpháirtíochta suntasaí beartais sa réimse seo.
- In 2018, aontaíodh an chéad ***Chomhphlean Gníomhaíochta idir an Ghearmáin agus Éire (CPG) le haghaidh Comhar Feabhsaithe Déthaobhach agus AE*** Ar dtús, chuimsigh an CPG comhar idir Aireachtaí na hÉireann agus na Gearmáine a bhí freagrach as talmhaíocht, geilleagar, gnóthaí eachtracha, agus airgeadas, agus tháinig Aireachtaí líne sa bhreis ón dá dhlínse isteach sa dara CPG. Táthar ag súil go seolfar an tríú CPG in 2024, a léiríonn deis chun gníomhartha nua a bhaineann le OWE a chur san áireamh.

- Tacaíonn an **GCFMT** le comhoibriú idir tíortha na Mara Thuaidh chun lánacmhainneacht an réigiúin do tháirgeadh fuinnimh in-athnuaite a nochtadh, lena n-áirítear forbairt ghreille amach ón gcósta. Tá Éire ina ball den ghrúpa seo in éineacht leis an mBeilg, an Danmhairg, an Fhrainc, an Ghearmáin, Lucsamburg, an Ísiltír, an Iorua, an tSualainn, agus an Coimisiún Eorpach.

Is féidir le comhaontuithe déthaobhacha ar leibhéal tionscail/earnála, amhail an MT idir EirGrid agus Oibreoir Córais Tarchurtha na Fraince (TSO), Réseau de Transport d'Électricité (RTE), deiseanna a oscailt do chuideachtaí in Éirinn chun páirt a ghlacadh i dtionscadail idirnáisiúnta agus na scileanna atá ag teastáil chun freastal ar thionscadail Ghaeilge san fhadtéarma a fhorbairt. Ina theannta sin, tá obair shuntasach déanta chun comhar agus comhoibriú a fhorbairt le calafoirt sa RA, sa Fhrainc, sa Phortaingéil agus sa Spáinn.

Chomh maith leis sin, lorgóidh RFTF deiseanna chun comhpháirtíochtaí nó comhoibrithe breise a fhorbairt le comhpháirtithe agus eagraíochtaí Eorpacha agus domhanda a cheadóidh aistriú eolais idir lucht déanta beartas chomh maith le cuideachtaí atá bunaithe in Éirinn, ETanna, agus a gcomhghleacaithe. Ina theannta sin, ba cheart go gceadódh comhpháirtíochtaí agus comhoibrithe den sórt sin fás cuideachtaí agus ETanna feadh an tslabhra soláthair in Éirinn.

Déanfar rannpháirtíocht na hÉireann i gcomhaontuithe comhair idirnáisiúnta agus i líonraí comhoibríocha a uasmhéadú chun forbairt deiseanna idirnáisiúnta slabhra soláthair OWE a chur chun cinn.

## Comhoibriú Uile-oileáin

Tá InterTradeIreland (ITI), an comhlacht forfheidhmithe Thuaidh Theas atá freagrach as trádáil agus gnó, ag forbairt tionscadail taighde faoi láthair chun deiseanna gaoithe amach ón gcósta a fhiosrú. Scrúdóidh an tionscadal taighde seo conas is féidir le fuinneamh in-athnuaite cuidiú le spriocanna neodracha an dá dhlínse ar an oileán a bhaint amach. Díreoidh sé go háirithe ar acmhainneacht na gaoithe amach ón gcósta, agus conas is féidir le cur chuige uile-oileáin cur lena buntáistí a sheachadadh níos tapúla agus ar scála níos mó.

Áireofar leis na príomh-bhreithnithe deiseanna slabhra soláthair do FBManna, conas a d'fhéadfadh hidrigin ghlas rannchuidiú le cur i bhfeidhm rathúil agus oibriú gaoithe amach ón gcósta, conas a d'fhéadfadh bonneagar uile-oileáin (cosúil le calafoirt agus an margadh leictreachais uile-oileáin) dlús a chur ar thógáil agus seachadadh, agus na buntáistí eacnamaíocha níos leithne a bhaineann le cumhacht inbhuanaithe, ísealcharbóin a ghintear go háitiúil.

### 5.2.2 Réasúnaíocht

Mar thoradh ar ghéarchéimeanna domhanda le déanaí cosúil leis an bpaindéim dhomhanda COVID-19 agus ionradh na Rúise ar an Úcráin i mí Feabhra 2022, tháinig luasghéarú suntasach ar an aistriú fuinnimh domhanda agus tíortha ag iarraidh bogadh ar shiúl ó bhreoslaí iontaise a sholáthraíonn an Rúis agus ag an am céanna spriocanna a mhéadú maidir le táirgeadh fuinnimh in-athnuaite.[26] Maidir le OWE, bhí 35GW d'acmhainn suiteáilte ar fud an domhain in 2020, agus is é an sprioc domhanda carnach do 2030 ná 330GW, ag ardú go 657GW faoi 2050. San áireamh leis seo tá comhsprioc de 260GW faoi 2050 i measc na dtíortha GCFMT, lena n-áirítear Éire.

Mar gheall ar mhéadú uaillmhianach den sórt sin i bhforbairt OWE tá roinnt baic nochta sa slabhra soláthair agus rialála cheana féin, a d'fhéadfadh tionchar a bheith acu ar an gcumas na spriocanna seo a bhaint amach.[27] San Eoraip, cuireann ceadú mall, boilsciú costais mhéadaithe amhábhar agus lóistíochta, spleáchas ar allmhairí amhábhar, éileamh méadaitheach ar thuirbíní níos mó, agus iomaíocht ón tSín, i measc fadhbanna eile, srian ar chumas na mór-roinne seachadadh a dhéanamh.[28] Cé gur dúshláin iad seo nach mór a shárú ionas gur féidir le tíortha ar nós na hÉireann ár spriocanna uaillmhianacha OWE a bhaint amach, tugann siad deis freisin d'Éirinn slabhra soláthair OWE a thógáil trí chumas agus acmhainn FBManna na hÉireann a mhéadú, agus mar shuíomh féideartha le haghaidh infheistíochtaí IDC.

### 5.2.3 Tionchar

Má dhéantar rannpháirtíocht na hÉireann i líonraí comhoibrithe idirnáisiúnta a uasmhéadú agus trí chomhaontuithe atá ann cheana féin a úsáid le tíortha eile, féadtar bealach a sholáthar d'earnáil nua OWE na hÉireann chun leas a bhaint as deiseanna slabhra soláthair idirnáisiúnta ar bhealach a sholáthraíonn deiseanna nua gnó, chomh maith le tógáil acmhainne do thionscadail intíre.

26. https://windeurope.org/intelligence-platform/product/the-state-of-the-european-wind-energy-supply-chain/
27. Ibid.
28. The Bottlenecks Challenging Growth in the EU Offshore Wind Supply Chain - Rabobank

| Gníomhartha | | Spriocdháta | Úinéirí |
|---|---|---|---|
| 17 | Ballraíocht na hÉireann i gComhghuaillíochtaí Comhoibrithe amhail GCFMT, agus comhaontuithe déthaobhacha atá ann cheana féin le comhpháirtithe Eorpacha a úsáid chun forbairt deiseanna idirnáisiúnta slabhra soláthair OWE a chur chun cinn. | Ar siúl faoi láthair | RFTF, GFT, FÉ |
| 18 | Gníomhaíochtaí nua féideartha a aithint le cur san áireamh sa tríú CPG idir an Ghearmáin agus Éire a dhírigh ar chomhoibriú i réimse na slabhraí soláthair OWE. | R4 2024 | RFTF |
| 19 | Deiseanna a lorg chun comhpháirtíocht straitéiseach a fhorbairt le tíortha nó eagraíochtaí eile, lena n-áirítear i bhfoirm MoUanna nó DoIanna, chun comhroinnt eolais agus fás an tslabhra soláthair in Éirinn a chumasú. | Ar siúl faoi láthair | RFTF |
| 20 | Éire a chur chun cinn mar mhargadh OWE ardacmhainneachta trí mhisin trádála aireachta agus rannpháirtíocht ghníomhach i gcomhdhálacha idirnáisiúnta, seónna trádála agus imeachtaí móra earnála OWE eile, lena n-áirítear trí rannpháirtíocht le comhlachtaí ionadaíocha tionscail. | Ar siúl faoi láthair | RFTF, FÉ, GFT, RFTF |
| 21 | Misean aimsithe fíricí a threorú chuig calafort Esbjerg le príomhpháirtithe leasmhara chun féachaint conas a d'fhorbair sé chun tacú leis an slabhra soláthair gaoithe amach ón gcósta. | R4 2024 | RFTF, FÉ |
| 22 | Dul i dteagmháil le Roinn Geilleagair Thuaisceart Éireann agus Idirthráchtáil Éireann (ITI) maidir le deiseanna féideartha slabhra soláthair OWE uile-oileáin. | Ar siúl faoi láthair | RFTF, FÉ, GFT, ITI |
| 23 | Comh-imeacht bliantúil a bhunú le hAlbain atá dírithe ar chomhphlé idir-Rialtais agus rannpháirtíocht le tionscal i réimse an fhuinnimh in-athnuaite a chur chun cinn. | R2 2024 | RFTF |

# 6. Taighde, Forbairt, agus Nuálaíocht

Mar atá sonraithe in *Tionchar 2030*, tá acmhainn iontach Taighde, Forbartha agus Nuálaíochta (TF&N) ag Éirinn, acmhainn a chlúdaíonn forbairt luathchéime, idir tráchtáil agus imlonnú.[29] Bhí tionchar suntasach ag infheistíocht in acmhainn TF&N le 20 bliain anuas ar fhorbairt thionsclaíoch na hÉireann, agus chabhraigh an infheistíocht seo le cruthú fostaíochta agus rathúnas geilleagrach.[30] Cuireann infheistíocht spriocdhírithe in TF&N san earnáil gaoithe amach ón gcósta leis an acmhainn thionsclaíoch atá ar fáil faoi láthair agus treiseoidh sé tairiscint na hÉireann i ndáil le fás agus forbairt tionscadal gaoithe amach ón gcósta.

29. Tionchar 2030.
30. Ibid.

Dá mhéad is féidir le cuideachtaí nuálaíochta in Éirinn cur leis an earnáil gaoithe amach ón gcósta, is ea is mó ratha a bheidh ar shlabhra soláthair na hÉireann. Tá a fhios ag gach duine go bhfuil nasc idir infheistíocht i nuálaíocht agus táirgiúlacht mhéadaithe agus níos mó díolachán. Chun níos mó infheistíochta i nuálaíocht a dhreasú, soláthróidh an Rialtas bearta maoinithe spriocdhírithe, níos fadtéarmaí a bheidh saincheaptha do riachtanais uathúla gach cuideachta. San áireamh anseo beidh tionscnaimh spriocdhírithe a mbeidh sé mar aidhm leo comhoibriú i réimse na nuálaíochta fiontair agus taighde a threisiú ag leibhéal náisiúnta (e.g., *An Ciste Nuálaíochta um Theicneolaíochtaí Bunathraitheacha*) agus AE (e.g., *Fís Eorpach*, *Eureka*), mar aon le tionscnaimh atá á dtreorú ag gníomhaireachtaí a bhfuil sé mar aidhm leo tacú le T&F i gcuideachtaí a mhéadú. Chomh maith leis sin, beidh sé riachtanach comhoibriú agus infheistíocht thionsclaíoch a mhéadú san éiceachóras taighde Éireannach agus idirnáisiúnta, trí bheith ag obair go dlúth le mórchomhlachtaí maoinithe taighde, cosúil le Fondúireacht Eolaíochta Éireann (FEÉ), SEAI agus MI, chun gníomhartha comhpháirteacha a fhorbairt a bheidh spriocdhírithe ar an slabhra soláthair gaoithe amach ón gcósta. Lena chois sin, beidh sé riachtanach tacú leis na hiarrachtaí glacadh leis an teicneolaíocht ag leibhéal cuideachta, go háirithe teicneolaíochtaí digiteacha, chun iomaíochas a mhéadú.

Cuirfidh níos mó infheistíochta in TF&N dlús le himlonnú thionscadail gaoithe amach ón gcósta na hÉireann trí thacú le forbairt teicneolaíochtaí nua agus bealaí oibre nua san earnáil gaoithe amach ón gcósta agus chomh maith leis sin cabhróidh an infheistíocht bhreise le foireann oibre ardoilte agus ábhartha a fhorbairt a bheidh riachtanach chun an straitéis seo a sheachadadh. Cabhróidh forbairt agus imlonnú teicneolaíochtaí & próiseas nua ó chuideachtaí sa slabhra soláthair leis an riosca a bhaineann le spriocanna gaoithe amach ón gcósta na hÉireann a mhaolú agus lena gcumas foinsí gnó nua a aimsiú sa bhaile agus thar lear i gcomhthéacsanna ina bhfuil nuálaíocht mar bhonn le buntáiste tráchtála. Tá eolas le fáil sa Straitéis seo faoi bhreis comhoibrithe idir FBManna, cuideachtaí idirnáisiúnta, gníomhaireachtaí rialtais, ionaid taighde, agus institiúidí breisoideachais agus ardoideachais, ar mhaithe leis na haidhmeanna thuasluaite a chomhlíonadh agus ullmhacht teicneolaíochta a fheabhsú.

Déantar cur síos sa tuarascáil SEAI atá le foilsiú go luath, Treochlár um Fhuinneamh In-athnuaite Amach ón gCósta do 2050, ar stádas teicniúil agus tráchtála níos forbartha na gaoithe amach ón gcósta seasta agus na gaoithe amach ón gcósta ar snámh:

- Seasta: Tá an teicneolaíocht is nua-aimseartha atá á forbairt/in úsáid faoi láthair dírithe ar thionscadail tráchtála 1GW+ a úsáideann tuirbíní 13 mheigeavata (MW).
- Ar snámh: Tá an teicneolaíocht is nua-aimseartha atá á forbairt/in úsáid faoi láthair dírithe ar thionscadail tráchtála 0.1GW+ a úsáideann tuirbíní 8 MW.

TChomh maith leis, réamh-mheastar i dtuarascáil SEAI príomhfhorbairtí a dhéanfar i ndáil leis an dá theicneolaíocht amach anseo. Maidir le gaoth amach ón gcósta seasta, samhlaítear go mbeidh tuirbíní níos mó a bheidh níos iontaofa in úsáid. Is dócha go mbeidh bonnsraitheanna tuirbín á bhfeabhsú le haghaidh uiscí níos doimhne, ba cheart go laghdódh costas na gcóras easpórtála agus go mbeadh oibríochtaí amach ón gcósta níos éifeachtúla. Maidir le gaoth amach ón gcósta ar snámh, táthar ag súil le forbairtí teicneolaíocha den chineál céanna agus beachtú suntasach na gcoincheap bunúsach a bhaineann le gaoth amach ón gcósta ar snámh. Gach seans go dtarlóidh tionsclú na déantúsaíochta cabhlach, agus go bhfeabhsófar córas an chábla dhinimiciúil, an córas múrála agus ancaire. De réir mar a fhorbraíonn an teicneolaíocht, forbrófar modhanna suiteála, oibriúcháin agus cothabhála nua. Ní chuirtear as an áireamh sna réamh-mheastacháin seo aon phoitéinseal nuálaíochta in TF&N de réir mar a mhéadaíonn an comhoibriú laistigh den éiceachóras TF&N gaoithe amach ón gcósta in Éirinn.

Chomh maith leis sin, tarraingítear aird sa tuarascáil seo ar rogha de théamaí forbartha teicneolaíochta féideartha atá ailínithe go dlúth leis na tionscail atá bunaithe in Éirinn, acmhainn taighde, eolas agus scileanna, nithe atá ábhartha do gach teicneolaíocht ORE. Ina measc seo tá gaoth amach ón gcósta, lena n-áirítear forbairt ábhar, déantúsaíocht breiseán agus ard-déantúsaíocht, déantúsaíocht comhpháirteanna gléis agus táirgeadh cruach; mórshonraí, anailísíocht agus leathchúplaí digiteacha; IS agus meaisínfhoghlaim; róbataic ar an láthair agus teicneolaíocht uathrialaitheach; agus IoT agus teicneolaíocht braite.

Bunaithe ar na téamaí teicneolaíochta atá sainaitheanta i dtuarascáil SEAI thuas, díreoidh RFTF ar a Foghrúpa TF&N in 2024 an athuair, agus bunófar téarmaí tagartha nua agus plean oibre nua i gcomhair 2024, agus breithneofar síneadh a chur leis an mballraíocht reatha. Beidh ról ríthábhachtach ag an bhFoghrúpa TF&N i ndáil le teacht ar chomhréiteach maidir leis na hearnálacha agus teicneolaíochtaí a bheidh in ann buntáiste iomaíoch a chur ar fáil d'Éirinn san earnáil gaoithe amach ón gcósta. Is é an tionchar a bheidh ag na hiarrachtaí comhpháirteacha seo ná go mbeidh ullmhacht margaidh agus iomaíochas costais cuideachtaí atá ag feidhmiú san earnáil gaoithe amach ón gcósta sa bhaile agus thar lear a mhéadú, agus táthar ag súil go mbeidh dul chun cinn suntasach déanta faoi 2030.

Chomh maith leis sin, soláthróidh foilsiú beartaithe, i lár 2024, straitéis T&F mhuirí náisiúnta nua d'Éirinn, dar teideal, Feasacht Mara 2030, cuspóirí straitéiseacha TF&N don earnáil ORE, lena n-áirítear fuinneamh gaoithe. Á comhordú ag MI, déileálfar sa straitéis le riachtanais TF&N i roinnt príomhearnálacha den gheilleagar gorm. Maidir le ORE, tá MI ag obair go dlúth le SEAI agus RFTF chun príomhbhearnaí eolais, gníomhartha agus tacaíochtaí TF&N a shainaithint atá riachtanach chun cabhrú le forbairt inbhuanaithe na hearnála ORE.

Déantar cur síos sna beartais agus gníomhartha atá luaite sa rannóg seo ar thionscnaimh shonracha a bhfuil sé mar aidhm leo cur leis an dul chun cinn atá déanta cheana féin ag go leor cuideachtaí, Ranna Rialtais agus gníomhaireachtaí, ionad taighde agus institiúidí breisoideachais agus ardoideachais in Éirinn maidir le TF&N gaoithe amach ón gcósta. Cuirfear tús i mí Aibreáin 2024 le gníomhaíocht náisiúnta chomhordaithe agus straitéiseach TF&N, a chabhróidh lena chinntiú go mbeidh Éire ag feidhmiú mar cheannaire san earnáil gaoithe amach ón gcósta.

## 6.1 Éiceachóras TF&N Gaoithe Amach ón gCósta a Chothabháil trí Ionad Náisiúnta Bairr Feabhais

### 6.1.1 Cúlra/Forléargas

Is ionad náisiúnta, á threorú ag an tionscal a bheadh san OWCE atá beartaithe a fhorbairt a chuirfeadh ar chumas cuideachtaí slabhra soláthair gaoithe amach ón gcósta, atá lonnaithe in Éirinn, gníomhaireachtaí rialtais agus institiúidí breisoideachais agus ardoideachais rochtain a fháil ar, glacadh le agus dlús a chur le teicneolaíochtaí digiteacha nua a réitíonn fadhbanna dáiríre agus a chomhoibríonn lena chéile chun dlús a chur le hiomaíochas na hearnála amach anseo.

**Ionad Bairr Feabhais Náisiúnta na Gaoithe Amach ón gCósta**
Mar chuid d'fhís OWCE, sna blianta amach romhainn, bhunófaí saoráid atá á treorú ag an tionscal atá dírithe ar réimse/réimsí sonrach(a) de ghaoth amach ón gcósta a thugann deis d'Éirinn í féin a bhunú mar cheannaire domhanda. Nuair a bheadh sé forbartha, bheidh tairbhe á baint as OWCE chun saineolaithe ón earnáil thionsclaíoch agus acadúil a thabhairt le chéile, chun tacú le comhoibriú, taighde agus nuálaíocht san earnáil gaoithe amach ón gcósta.

Le limistéar geografach níos lú ná tíortha eile, e.g., an Ríocht Aontaithe, áit a bhfuil roinnt ionad bairr feabhais réigiúnach ORE Catapult (CoEs), bheadh OWCE in Éirinn ag feidhmiú mar acmhainn náisiúnta chun tionscal iomlán na gaoithe amach ón gcósta a thabhairt le chéile agus chun ár n-éiceachóras seanbhunaithe a thabhairt le chéile freisin, timpeallacht ina bhfuil taighde á dhéanamh ar raon réimsí ORE. Bheadh OWCE á threorú ag an tionscal agus bheadh tús áite á thabhairt do agus nasc á chruthú le taighde feidhmeach i bpríomhréimsí teicneolaíochta chun dúshláin thionsclaíocha sainaitheanta a réiteach, agus an tslí sin, chuirfí dlús le forbairt earnáil gaoithe amach ón gcósta na hÉireann.

Déanfar obair chun dlús a chur lena leithéid de CoE a fhorbairt, a thógfaidh roinnt blianta le bunú agus le tógáil, i rith an chéad leagain den Straitéis seo.

### An Ceathrú Láithreán Tástála: Taispeántóir Gaoithe Amach ón gCósta Ar Snámh

Tá críoch mhuirí na hÉireann thart ar dheich n-oiread níos mó ná a hachar talún, agus ár LEE timpeall seacht n-oiread ár mórchríoch. Is limistéar farraige é seo a sholáthraíonn fuinneamh gaoithe ar ardchaighdeán, mar gheall ar an soláthar gaoithe láidre agus comhsheasmhach. Tá teicneolaíocht gaoithe amach ón gcósta ar snámh úsáidte i líon beag láithreán ach níl sí sách forbartha fós chun an oiread tairbhe agus is féidir a bhaint as an tsócmhainn seo ag féachaint go háirithe do na timpeallachtaí muirí níos dúshlánaí. Táthar beagnach réidh chun tuirbíní gaoithe fosaithe a thráchtálú go forleathan; é sin ráite, tá formhór de LEE na hÉireann ródhomhain chun freastal ar struchtúir fhosaithe. Dá réir sin, tá gaoth amach ón gcósta ar snámh riachtanach chun spriocanna gaoithe amach ón gcósta na hÉireann a chomhlíonadh.

Go ginearálta, tagraíonn boscaí gainimh rialála d'uirlisí rialála, a thugann cead do ghnóthaí táirgí, seirbhísí nó gnóthaí a thástáil agus a thriail nuair a bhíonn siad faoi mhaoirseacht rialtóra i gcomhair tréimhse theoranta ama – *Parlaimint na hEorpa*[31]

### Regulatory Sandboxes

Tá úsáid rathúil á baint as boscaí gainimh rialála san earnáil Teicneolaíochta Airgeadais agus tá siad ag éirí níos coitianta i gcomhthéacs na dteicneolaíochtaí digiteacha. Tá scóip i The *dTreoir an AE maidir le hÚsáid Fuinnimh ó Fhoinsí In-athnuaite* chun boscaí gainimh rialála a chruthú a bhfuil sé mar aidhm leo tacú le nuálaíocht in earnáil an fhuinnimh in-athnuaite, agus bunaítear in *An Gníomh um an Tionscal Glan-nialasachta* coincheap na mboscaí gainimh rialála do spás na teicneolaíochta glaise, lena n-áirítear i gcomhair na gaoithe amach ón gcósta. D'fhoilsigh Coimisiún na hEorpa Doiciméad Inmheánach Oibre, ina soláthraítear treoir le haghaidh boscaí gainimh, mar a fógraíodh sa *Chlár Oibre Eorpach Nua um Nuálaíocht*, chun tacú le Ballstáit na boscaí gainimh rialála a ullmhú, go háirithe i ndáil le fuinneamh in-athnuaite.

Faigheann cuideachtaí a bhfuil baint acu le bosca gainimh rialála tarscaoileadh ó fhorálacha dlíthiúla sonracha, a chuireann ar a gcumas a bheith nuálach i dtimpeallacht dháiríre rialaithe faoi mhaoirseacht an údaráis inniúil ábhartha. Ceadaíonn sé seo do chuideachtaí, lena n-áirítear FBManna agus gnólachtaí nuathionscanta, a gcuid táirgí a fhorbairt, a thástáil agus a bhailíochtú roimh iad a chur ar an margadh chun iad a imlonnú ar bhonn níos ginearálta.

## 6.1.2 Réasúnaíocht

In Éirinn táthar ag leanúint ar aghaidh le taighde atá dírithe ar fhuinneamh muirí agus in-athnuaite agus tá samplaí suntasacha ar fáil ó MaREI, Ionad Taighde Fuinnimh, Aeráide agus Muirí FEÉ; Córais Fuinnimh den Chéad Ghlúin Eile (NexSys), clár taighde fuinnimh uile-oileáin arna mhaoiniú ag FEÉ; agus iCRAG, Ionad Taighde FEÉ don gheo-eolaíocht fheidhmeach. Tá na cláir thaighde ildisciplíneacha mhórscála dáilte i roinnt suíomhanna fisiciúla éagsúla agus tá siad ag glacadh páirt i dtionscadail chomhoibrithe leis an earnáil thionsclaíoch (FBManna agus corparáidí ilnáisiúnta (CINanna)). Chomh maith leis sin, tá roinnt Ionad Teicneolaíochta FÉ/GFT Éireann,

31. Artificial intelligence act and regulatory sandboxes (europa.eu)

lena n-áirítear Irish Manufacturing Research (IMR), CeADAR, Ionad Ciorcad Micrileictreonaice na hÉireann, Construct Innovate agus Ionad um Thairseach Teicneolaíochta an Fhuinnimh In-athnuaite in IT Dhún Dealgan (CREDIT), Tairseach Teicneolaíochta FÉ, ag leanúint ar aghaidh ag obair ar thionscadail taighde fheidhmeacha atá á stiúradh ag an tionscal a bhaineann le gaoth amach ón gcósta.

Sholáthródh OWCE tiomanta, á stiúradh ag an tionscal, ardán do chomhoibriú agus deis cur leis an saineolas taighde atá ar fáil cheana ar mhaithe le dlús a chur le TF&N na gaoithe amach ón gcósta atá dírithe ar chúrsaí tráchtála chun nasc níos fearr fós a chruthú idir an tionscal, institiúidí breisoideachais agus ardoideachais agus an rialtas.

Lena chois sin, tá trí ionad tástála muirí bunaithe in Éirinn faoi láthair: Saoráid Tástála Aigéin Náisiúnta Lir, Co. Chorcaí; Láithreán Tástála Muirí agus Fuinnimh In-athnuaite SmartBay, Co. na Gaillimhe; agus Láithreán Tástála Fuinnimh Mhuirí an Atlantaigh (AMETS), atá á fhorbairt i gCo. Mhaigh Eo faoi láthair. Is é SmartBay saoráid náisiúnta tástála agus taispeána mhuirí na hÉireann atá á bainistiú ag Foras na Mara agus arb é an aidhm atá léi teicneolaíochtaí agus seirbhísí nuálacha a fhorbairt don earnáil mhuirí dhomhanda. Éascaíonn an láithreán tástála seo trialacha farraige ísealchostais agus bailíochtú ghléasanna, comhpháirteanna, fochóras agus feistithe ORE ag leibhéil ullmhachta teicneolaíochta éagsúla. Ceadaíonn an foscadh atá le fáil ag SmartBay d'fhorbróirí gléasanna a thástáil agus a bhailíochtú i ndálaí níos neamhurchóidí ná na dálaí a bhíonn le tabhairt faoi deara i Aigéan Oscailte an Atlantaigh.

Ar dtús, moladh AMETS chun teicneolaíocht fuinneamh tonnta a thástáil, ach tá sé oiriúnach freisin chun gléasanna gaoithe amach ón gcósta ar snámh (FLOW) a thástáil agus le déanaí bhí sé dírithe ar an gcuspóir sin. Déanfaidh AMETS tástáil ar theicneolaíochtaí FLOW den dara agus den tríú glúin (Teicneolaíochtaí Leibhéal Ullmhachta Ardteicneolaíochta) a bhfuil iarracht á déanamh acu teicneolaíocht san Atlantach a bhailíochtú nó a bhfuil iarracht á déanamh acu a ndearadh a bharrfheabhsú roimh imlonnú réamhthráchtála nó tráchtála mórscála. Chomh maith leis sin, beidh teicneolaíochtaí hibrideacha á dtástáil, agus fochóras (cumraíochtaí núíosacha ancaire nó feistithe nó cáblú dinimiciúil mar shampla) agus comhpháirteanna (cosúil le gléasanna laghdaithe lóid). Tá an poitéinseal ag baint leis na dálaí fuinneamhachais ag AMETS agus leis an lódáil luasghéaraithe ghaolmhar ar theicneolaíochtaí léargas a thabhairt ar athléimneacht na dteicneolaíochtaí a tástáladh i ndáil le hathruithe ar dhálaí a rabhthas ag súil leo mar gheall ar an athrú aeráide. Mar gheall ar na costais shuntasacha a bhaineann le forbairt teicneolaíochta gaoithe amach ón gcósta, tá méid agus scála AMETS oiriúnach le haghaidh na gcuspóirí seo.

Ainneoin go bhfuil luach fós ag baint le SmartBay agus AMETS mar shaoráidí tástála, tá sé riachtanach anois taispeántóir i bhfad níos mó a fhorbairt a bhaineann go sonrach leis an ngaoth amach ón gcósta ar snámh. Sholáthródh sé seo scóip chun forbairt shuntasach a dhéanamh ar theicneolaíocht ar snámh atá riachtanach chun lántairbhe a bhaint as poitéinseal gaoithe amach ón gcósta na hÉireann amach anseo suas go dtí 2050 agus ár spriocanna dícharbónaithe a chomhlíonadh. Go ginearálta, úsáidtear tuirbíní gaoithe fosaithe ag doimhneacht de 60 méadar nó níos lú, ach ag doimhneacht níos mó ná seo, gach seans, amach anseo, go mbeidh tuirbíní gaoithe ar snámh in úsáid go forleathan.[32] Mar atá thuasluaite, tá formhór de LEE na hÉireann faoi dhoimhneacht na bonnsraithe. Ina theannta sin, ciallaíonn dálaí crua meit-aigéin ar an gCósta Thiar go mbaineann go leor dúshlán leis an imlonnú. D'fhéadfaí glacadh le láithreán taispeána mór i suíomh a roghnaíodh go cúramach mar ghné uathúil dhíolacháin don mhargadh gaoithe amach ón gcósta domhanda, agus deis a thabhairt teicneolaíochtaí cosúil le feistiú agus cáblú fomhuirí a thástáil sna dálaí is déine agus é mar aidhm iad a thráchtálú chomh tapa agus is féidir.

Dhíreofaí ar TF&N ag an láithreán taispeántóra seo mar seo a leanas:

- Imlonnú teicneolaíochtaí réamhthráchtála nó tráchtála FLOW in uiscí Éireannacha, chun an cumas teacht slán agus iontaofacht ó thaobh brabúis ar bhonn fadtéarmach a léiriú;
- Feidhmíocht FLOW i ndálaí Ceilteacha nó Atlantacha lena n-áirítear feidhmíocht airgeadais agus theicniúil;
- Teacht ar thuiscint ar shuiteáil, O&C agus díchoimisiúnú FLOW in Uiscí Éireannacha, níos faide ar shiúl ó mhargaí agus seirbhísí tacaíochta GAC reatha; agus
- Teicneolaíochtaí comhlántacha – e.g., digiteach trí chianmhonatóireacht agus teicneolaíochtaí eile a chiallaíonn go bhfuil O&C sonrach na gaoithe amach ón gcósta ar snámh níos éifeachtúla.

Leanfar ar aghaidh ag obair ar staidéar féidearthachta agus ar chásanna gnó le haghaidh OWCE agus Taispeántóir FLOW nua in 2024 agus forbraíodh pleananna tionscadail mionsonraithe i rith na céime seo. Moltar gur cheart go mbeadh dlúthnasc idir an dá eintiteas trí chuspóirí agus cláir oibre chomhroinnte mar aon le cumasóirí comhoibrithe eile.

### 6.1.3 Tionchar

Idir an gearrthéarma agus an meántéarma, oibreoidh Foghrúpa FT&N RFTF leis na hIonaid Taighde ar tagraíodh dóibh cheana féin. Ar bhonn níos fadtéarmaí, in 2024 cuirfear tús leis an obair a bhaineann le measúnú féidearthachta agus bunófar cás gnó le haghaidh OWCE nua, á stiúradh ag an tionscal.

32. Ní teorainn chrua í doimhneacht uisce nuair a bhíonn cinneadh á dhéanamh maidir le fosaithe nó ar snámh, agus breithnítear fachtóirí eile cosúil le comhdhéanamh ghrinneall na farraige freisin. https://www.energy.gov/sites/default/files/2023-03/advancing-offshore-wind-energy-full-report.pdf)

Is é an aidhm a bheidh leis an gcéim féidearthachta seo na réimsí sin ina mbeidh comhoibriú agus comhroinnt eolais méadaithe, mar aon le hathrú a bhfuil cuspóir leis ó thaighde acadúil go dtí taighde feidhmeach, mar bhonn le 'éifeacht luain' d'iomaíochas domhanda na hÉireann san earnáil gaoithe amach ón gcósta.

Uaidh 2024, beidh ról ceannaireachta ag RFTF, trína Fhoghrúpa TF&N, i ndáil le bearta spriocdhírithe a bhfuil sé mar aidhm leo rannpháirtíocht an tionscail leis na láithreáin tástála reatha a fheabhsú atá infheidhme i ndáil le TF&N na gaoithe amach ón gcósta. Chomh maith leis sin, in 2024 freisin cuirfear tús le scrúdú a dhéanamh ar fhorbairt fhéideartha Taispeántóir Gaoithe Amach ón gCósta Ar Snámh nua. Beidh an obair seo á stiúradh ag RCAC agus SEAI agus beifear ag obair i ndlúthchomhar le RTFT, FÉ, GFT Éireann agus MI, agus leis an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta (RBATNE) agus FEÉ, trí Fhoghrúpa TF&N RFTF.

| Gníomhartha | | Spriocdháta | Úinéirí |
|---|---|---|---|
| 24 | Dul i ngleic le struchtúir atá ann cheana féin, ábhair lárnacha TF&N/ na mórdhúshláin atá roimh an tionscal maidir le OWE a aithint. | R4 2024 | RFTF (Foghrúpa TF&N RFTF) |
| 25 | Dlús a chur le OWCE a fhorbairt lena n-áirítear staidéar féidearthachta agus plean tionscadail mhionsonraithe atá le seachadadh agus é seo a sheachadadh faoi réir cead maoinithe a fháil. | R2 2025 | RFTF |
| 26 | Iniúchadh a dhéanamh ar an bhféidearthacht láithreán tástála gaoithe amach ón gcósta ar snámh a bheith ann. | R3 2024 | RCAC, RFTF |
| 27 | Plean a fhorbairt chun rannpháirtíocht le suíomhanna tástála muirí atá ann cheana féin agus an úsáid a bhaintear astu a chur chun cinn. | R3 2024 | RFTF (Foghrúpa TF&N RFTF) |
| 28 | Tacaíocht Stáit a choinneáil dár láithreáin tástála reatha nó bheartaithe agus iniúchadh a dhéanamh ar an bhféidearthacht chun tacú le suíomhanna tástála breise. | Ongoing | RCAC, SEAI, MI |
| 29 | Iniúchadh a dhéanamh ar an gcás maidir le bosca gainimh rialála a fhorbairt le haghaidh gaoithe amach ón gcósta agus teicneolaíochtaí gaolmhara. | R2 2025 | RFTF |

# Cás-Staidéar

exceedence

Bunaithe sa bhliain 2015, is cuideachta bogearraí airgeadais agus chomhairleach Éireannach é Exceedence Ltd. atá ag díriú ar earnáil an fhuinnimh in-athnuaite agus tá saineolas ag foireann na cuideachta ar fhuinneamh amach ón gcósta. Is é exfin an táirge is nuaí atá forbartha ag Exceedence, ardán samhaltaithe airgeadais theicniúil néalbhunaithe, a thacaíonn le haistear iomlán an tionscadail in-athnuaite, ón gcéim réamhfhéidearthachta go dtí díchoimisiúnú deiridh aon saoráid gaoithe amach ón gcósta, taoide, toinne nó gréine ar snámh. Is seach-chuideachta é Exceedence Ltd. de chuid Institiúid Taighde Comhshaoil Choláiste na hOllscoile, Corcaigh (UCC).

In 2020 fuair Exceedence tacaíocht shuntasach ó FÉ tríd an gclár Cothromas do T&F. Bhí tús curtha cheana féin ag an gcuideachta le bogearraí néalbhunaithe a fhorbairt agus bhí taithí ag foireann na cuideachta ar T&F, ach bhí an t-iarratas a cuireadh faoi bhráid FÉ dírithe ar roinnt míreanna treochláir a raibh sé mar aidhm leo na bogearraí a thráchtálú agus a ullmhú don mhargadh don earnáil gaoithe amach ón gcósta. Ba í an bhéim a bhí á leagan ar an táirge a bhí mar bhonn leis an rath. Trí rannpháirtíocht lena gComhairleoir Forbartha in FÉ, d'éirigh le Exceedence díriú ar na rudaí ba thábhachtaí i gcomhthéacs na cuideachta. Chomh maith leis sin, sholáthair FÉ rochtain ar roinnt meantóirí tionscail chun cabhrú lena bplean a bhailíochtú. Ag an am, bhí an chuideachta díreach i ndiaidh críoch a chur le babhta maoithe cothromais phríobháidigh agus bhí foireann na cuideachta in ann cur leis seo i gcomhpháirt leis an tacaíocht ó FÉ, rud a chur ar chumas Exceedence céimeanna suntasacha chun cinn a dhéanamh.

Chuir FÉ tacaíocht ar fáil don tionscadal thar thréimhse 3 bliana agus bhí Exceedence in ann an tairiscint néalbhunaithe a fhorbairt agus a sheoladh laistigh den am sin. Mhéadaigh agus d'fhorbair Exceedence acmhainní a foirne bogearraí, ceapadh príomhbhainisteoir tráchtála, agus cuireadh obair i gcrích le hoifigí FÉ sa Ríocht Aontaithe, sa Fhrainc, i gCríoch Lochlann, SAM agus san Astráil. Chuir sé seo ar fad ar chumas Exceedence foinsí oibre a aimsiú sa Ríocht Aontaithe, san AE, san Iorua agus san Astráil fiú. Chomh maith leis sin, bhuaigh an chuideachta tairiscintí níos cóngaraí don bhaile, agus chuir sí saineolas ar fáil trí úsáid a bhaint as a bogearraí ar roinnt creatlach le SEAI agus RCAC. Cúis áthais do Exceedence a bheith gearrliostaithe ar na painéil seo de bhrí go bhfuil siad anois taobh leis na 4 chuideachta mhóra agus cuideachtaí aitheanta eile san earnáil seo agus ní bheadh sé seo indéanta gan an tacaíocht a fuarthas ó FÉ.

## 6.2 Cur leis an Infheistíocht in TF&N a bhaineann le Gaoth Amach ón gCósta

### 6.2.1 Cúlra Agus Réasúnaíocht

Ainneoin go bhfuil cláir T&F den chéad scoth forbartha ag roinnt cuideachtaí atá páirteach i slabhra soláthair na gaoithe amach ón gcósta, tá líon suntasach cuideachtaí páirteach sa slabhra soláthair atá ag caitheamh níos lú ná €100,000 ar TF&N gach bliain. Nuair a chuirter san áireamh, cé chomh suntasach agus atá an deis seo, agus ar an éileamh atá ar réitigh nuálacha chun cabhrú le gaoth amach ón gcósta a imlonnú ar fud an domhain, ní mór go mbeadh cuideachtaí in ann tairbhe a bhaint as cur chuige níos réamhghníomhaí i ndáil le nuálaíocht ionas gur féidir leo dul chun cinn a dhéanamh in earnáil na gaoithe amach ón gcósta. Príomhthiománaí chun a chinntiú go dtarlaíonn sé seo é tacú le cuideachtaí, go háirithe FBManna, chun tairbhe a bhaint as an tacaíocht nuálaíochta atá ar fáil agus chun oibriú i dteannta leo chun infheistíocht mhéadaithe i nuálaíocht atá á treorú ag an margadh a dhreasú.

Tairgeann Fondúireacht Eolaíochta Éireann (FEÉ), FÉ, SEAI, GFT Éireann agus Foras na Mara (MI) raon leathan clár agus tacaíochtaí chun infheistíocht in TF&N a spreagadh agus chun cabhrú le cuideachtaí agus le SPEnna lena n-aistear TF&N. Tá siad seo á gcur ar fáil sa bhreis ar thionscnaimh Eorpacha cosúil le IPCEI agus Fís Eorpach. Tá liosta de na cláir agus tacaíochtaí seo le fáil in Aguisín E.

### 6.2.2 Sárthaispeántas Tf&N Amach Ón Gcósta Agus Imeachtaí Maidir Le Rochtain Ar Mhaoiniú

In 2024, cuirfidh RFTF tús le clár bliantúil imeachtaí mar shárthaispeántas den rath atá ar TF&N gaoithe amach ón gcósta, ar mhaithe le níos mó infheistíochta in TF&N laistigh den tionscal a spreagadh. In 2024, samhlaítear go mbeidh imeacht comhdhála lae, a mbeidh deis ag daoine freastal air, á reáchtáil i suíomh réigiúnach lena mbaineann tábhacht straitéiseach don ghaoth amach ón gcósta, mar aon le seimineáir ghréasáin agus go ndíreofar ar na réimsí seo a leanas:

- Scéalta dearfacha a bhaineann le TF&N: Beidh deis ag cuideachtaí Éireannacha tamall a chaitheamh i mbun cainteanna, taispeántas agus labhairt lena bpiaraí maidir le taighde agus nuálaíocht ar éirigh thar cionn leis, cur síos a dhéanamh ar gharspriocanna na cuideachta, tionscadail TF&N, comhpháirtíochtaí comhoibríocha, cineál agus foinse an mhaoinithe TF&N, etc.
- Rochtain ilghníomhaireachta ar cheardlanna maoinithe: Beidh deis ag Ranna Rialtais agus/nó gníomhaireachtaí, cosúil le RFTF, RCAC, RBATNE, FÉ, GFT Éireann, SEAI, FEÉ, MI, Corparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann (CBSÉ), a bhfuil bun acu i gcuideachtaí atá lonnaithe in Éirinn a mhaoiniú agus SPEnna, cur síos mionsonraithe a dhéanamh ar an maoiniú atá ar fáil anois agus conas iarratas a dhéanamh ar an maoiniú sin.

Faoi réir rannpháirtíochta ón tionscal, reáchtálfar sraith imeachtaí den chineál céanna ó 2025 ar aghaidh.

### 6.2.3 Feachtas Cumarsáide Tf&N Gaoithe Amach Ón Gcósta

Trí úsáid a bhaint as líonraí agus ardáin chumarsáide Rialtais atá ar fáil cheana féin, eagróidh RFTF, i gcomhpháirt leis an Roinn agus leis na gníomhaireachtaí ábhartha, feachtas cumarsáide leanúnach chun aird a tharraingt ar scéalta dearfacha TF&N faoin ngaoth amach ón gcósta a bhfuil an earnáil thionsclaíoch ag tacú leo, mar aon le scéimeanna maoinithe agus iarrachtaí tras-Rialtais a bhaineann le taighde agus nuálaíocht.

| Gníomhartha | | Spriocdháta | Úinéirí |
|---|---|---|---|
| 30 | Taispeántas TF&N Amach ón gCósta agus Imeacht Rochtana ar Airgeadas a reáchtáil chomh maith le ceardlanna ar líne a chuireann béim ar na tacaíochtaí atá ar fáil d'eagraíochtaí feadh an tslabhra soláthair OWE. | R4 2024 | DETE |
| 31 | Feachtas cumarsáide a fhorbairt chun deiseanna TF&N a chur chun cinn | Le linn 2024 | DETE |
| 32 | Glaoch FÉ ar thaighde lasmuigh den chuideachta do ghaoth amach ón gcósta le suas le €5 mhilliún de mhaoiniú ar fáil lena cheadú. | R4 2024 | DETE |
| 33 | Rannpháirtíocht i CNTB a chur chun cinn d'eagraíochtaí a bhíonn ag plé le TF&N le haghaidh earnálacha gaoithe amach ón gcósta agus earnálacha gaolmhara. | Leanúnach ó 2024 | EI |
| 34 | Rannpháirtíocht a chur chun cinn sna cláir Chomhpháirtíochta Straitéiseach agus Clár Dámhachtana Spoke de chuid an FEÉ. | Glao Leanúnach | FEÉ |

# Cás-Staidéar

Subsea Micropiles

Tá Subsea Micropiles i mbun obair cheannródaíoch chun teicneolaíocht mhicripíleála talún a chur in oiriúint don earnáil tógála amach ón gcósta do bhonnsraitheanna agus ancairí grinnill farraige ardfheidhmíochta, ag tacú le raon leathan úsáidí lena n-áirítear tuirbíní gaoithe amach ón gcósta níos mó fiú ag costas i bhfad níos ísle agus lena mbaineann lorg coise beag ar an timpeallacht.

I ndiaidh clár taighde a chur i gcrích, ar cuireadh tús leis breis is deich mbliana ó shin, bhain Subsea Micropiles agus a chomhpháirtithe tairbhe as ranníocaíocht deontais luach €2.9 milliún a bronnadh in 2021 faoin gCiste Nuálaíochta um Theicneolaíochtaí Bunathraitheacha (CNTB). Thacaigh an tionscadal a maoiníodh le forbairt agus tástáil rathúil an chéad chóras druileála fomhuirí róbatach dá leithéid do thógáil amach ón gcósta, cáiliú modheolaíochtaí druileála nua, mar aon le dearadh, déanamh agus tástáil ancairí micripíleáilte.

Fócasphointe agus dreasacht airgeadais luachmhar don chomhoibriú idir an earnáil thionsclaíoch agus acadúil i réimsí cosúil le róbataic fhomhuirí, teicneolaíocht druileála, innealtóireacht gheoiteicniúil, déantúsaíocht agus suirbhé geoifisiceach ba ea deontas CNTB. Cabhraíonn na comhpháirtíochtaí nua seo le Subsea Micropiles feidhmiú mar chuideachta bonnsraitheanna bhunathraitheach dhomhanda agus le hÉirinn feidhmiú mar ionad taighde bairr feabhais i réimse na mbonnsraitheanna amach ón gcósta.

# 7. Forbairt Gheilleagrach Réigiúnach Chothrom ón nGaoth Amach ón gCósta a Chinntiú



Tarraingítear aird i *gClár an Rialtais* ar an tábhacht a bhaineann le cur ar chumas gach cuid d'Éirinn dul chun cinn a dhéanamh ionas go mbeidh rath ar an tír trí chéile. Tá an tuiscint chéanna le tabhairt faoi deara i *bPáipéar Bán ar an bhFiontraíocht 2022-2030*, ina sonraítear gur gné lárnach é tacú le forbairt gheilleagrach réigiúnach agus forbairt na fiontraíochta. Mar náisiún oileánda, síneann poitéinseal ORE na hÉireann mórthimpeall ar ár gcósta ar fad agus is ionann é seo agus poitéinseal suntasach mar thiománaí na forbartha geilleagraí sna réigiúin chósta seo agus sna pobail thuaithe in aice láimhe. Táthar ag súil go mbainfidh a leithéid de cheantair tairbhe as forbairt thionscal OWE in Éirinn, deis dháiríre níos mó tairbhe a bhaint as na scileanna, an bonneagar agus na cumais eile atá ag na réigiúin seo a úsáid chun tacú leis an earnáil OWE, agus ag an am céanna tairbhe a bhaint as na hinfheistíochtaí nua a bhfuiltear ag súil leo nuair a bheidh tionscadail OWE bunaithe.

Lena chois sin, tarraingíodh aird i gcomhairliúcháin leis an earnáil thionsclaíoch mar chuid d'fhorbairt na Straitéise Tionsclaíche seo ar an bpoitéinseal atá ann láithreáin fiontair a fhorbairt mórthimpeall ar shuíomhanna a bhfuil ról lárnach acu in imlonnú agus feidhmiú thionscadail OWE, cosúil le ceantair thart ar chalafoirt. Bheadh na láithreáin fiontair seo ag freastal ar fhorbairt thionscadail OWE agus ag cur buntáistí geilleagracha ar fáil do na réigiúin níos ginearálta i dtéarmaí post nua ar ardchaighdeán agus sholáthróidís tiománaí tábhachtach d'fhorbairt gheilleagrach réigiúnach chothrom Príomhghné den Straitéis seo é tionscnaimh réigiúnacha reatha a úsáid chun dlús a chur leis na deiseanna seo.

## 7.1 Pleananna Fiontair Réigiúnacha

### 7.1.1 Cúlra/Forléargas

Ag tús 2022, sheol RFTF naoi *bPlean Fiontair Réigiúnacha* (PFRanna) nua a bheidh bailí go dtí 2024. Tá na naoi PFR forbartha ag páirtithe leasmhara réigiúnacha, gníomhaireachtaí fiontair, oifigí fiontair áitiúil, fóraim scileanna réigiúnacha, agus institiúidí oideachais agus oiliúna. Tá maoirseacht agus monatóireacht á déanamh orthu ag Coistí Stiúrtha a bhfuil ionadaithe ó na hearnálacha poiblí agus príobháideacha páirteach iontu agus tá siad á stiúradh ag ionadaí ón bpobal gnó.

Soláthraíonn na PFRanna fóram éifeachtach chun comhoibriú réigiúnach a éascú agus tá ról lárnach acu i ndlús a chur le forbairt an phoitéinsil gheilleagraigh ar leith a bhaineann le gach réigiún faoi seach, béim shuntasach a leagan ar an éiceachóras fiontair a threisiú agus ar an tslí sin, tacú le cruthú fostaíochta i ngach réigiún. Tá €145 milliún faighte faoi *Scéim Nuálaíochta Fiontair na Réigiún Cliste*, cómhaoinithe faoi *CFRE* chun cabhrú le tionscadail atá ailínithe le PFRanna, chun tacú le gníomhaíocht fiontair agus chun le fás i ngach réigiún. Is ionann fuinneamh na gaoithe amach ón gcósta agus na deiseanna a eascraíonn as d'fhorbairt thionsclaíoch ghlas agus príomhréimse de phoitéinseal réigiúnach agus tá fianaise ar an méid seo le fáil i roinnt PFRanna.

### 7.1.2 Tionchar

Mar aitheantas ar an scála deiseanna a bhaineann le gaoth amach ón gcósta ar fud na hÉireann, fiafraíodh de gach Coiste Stiúrtha PFR breithniú ar dhéanamh ar cibé acu an bhféadfaí nó nach bhféadfaí deiseanna gaoithe amach ón gcósta a fheabhsú ina bpleananna reatha.

I láthair na huaire, tá cuspóirí nó gníomhartha straitéiseacha á gcur san áireamh ag sé PFR as naoi PFR ar mhaithe le dlús a chur faoi aistriú a réigiúin chuig geilleagar ísealcharbóin, agus tá béim á leagan ar ghaoth amach ón gcósta i gcuid acu. Thionscain PFR an Iarthuaiscirt, an Iardheiscirt agus an Oirdheiscirt pleananna chun grúpaí oibre atá dírithe ar an ngaoth amach ón gcósta a bhunú, páirtithe leasmhara áitiúla a thabhairt le chéile chun cuspóirí agus gníomhartha a bhaineann leis an ngaoth amach ón gcósta a chur i gcrích, agus deiseanna nua a aithint don earnáil freisin. Tá grúpa oibre bunaithe ag PFR an Iardheiscirt chun gníomhartha Gaoithe Amach ón gCósta PFR a chomhordú, díriú ar na bearnaí atá sa slabhra soláthair a líonadh, dlús a chur le comhoibriú agus TF&N a threisiú, agus cur leis an mbonneagar agus éiceachóras láidir atá bunaithe sa réigiún cheana féin. Bhunaigh PFR an Oirdheiscirt grúpa a bhfuil sé mar aidhm aige straitéis a fhorbairt don réigiún chun an oiread tairbhe agus is féidir a bhaint as na deiseanna a bhaineann leis an ngaoth amach ón gcósta, agus cur le Straitéis Thionsclaíoch na Gaoithe Amach ón gCósta freisin. I dteannta lena chéile, choimisiúnaigh PFRanna an Iarthair, an Mheán-Iarthair agus an Iarthuaiscirt, tuarascáil chun measúnú a dhéanamh ar na tionchair phoitéinsiúla fostaíochta agus gheilleagracha níos ginearálta a d'fhéadfadh a bheith ag tionscal gaoithe amach ón gcósta ar scála mór a fhorbairt. Tá níos mó staidéar féidearthachta, cuairteanna staidéir margaidh agus raon saothar eile a bhaineann leis an earnáil gaoithe amach ón gcósta curtha i gcrích sna réigiúin.

Is féidir na struchtúir PFR sna réigiúin ábhartha a úsáid chun an obair chomhoibríoch a chur i gcrích agus chun cuspóirí agus gníomhartha riachtanacha a chur chun feidhme ag leibhéal réigiúnach d'fhonn a chinntiú go mbaintear tairbhe as an mbuntáiste geilleagrach is mó agus is féidir a bhaineann lenár sprioc de 37GW ORE ar fud na hÉireann. Beidh cuspóirí na Straitéise náisiúnta seo mar bhonn le forbairt ón mbun aníos gníomhartha a bhaineann le OWE i *bPleananna Fiontair Réigiúnacha* a chuirfear i dtoll a chéile amach anseo.

# Cás-Staidéar

Is cuideachta nuálach dearaidh, déantúsaíochta agus tástála í ÉireComposites a bunaíodh sa bhliain 1998 mar sheach-chuideachta de chuid Ollscoil na Gaillimhe. Díríonn an chuideachta seo ar dhearadh, déantúsaíocht agus tástáil ábhar ilchodach éadrom-mheáchain, ardfheidhmíochta, snáithíntreisithe, agus tá bonn custaiméirí idirnáisiúnta aici sna tionscail seo a leanas - spás, aeraspás, muirí, fuinneamh in-athnuaite agus ábhar ilchodach tionsclaíoch.

Bhunaigh MaREI caidreamh le ÉireComposites i ndiaidh aithne a chur ar dhuine d'fhoireann na cuideachta in Ollscoil na Gaillimhe agus anois tá trí thionscadal taighde chomhoibríocha ar leith bunaithe, atá cómhaoinithe ag an gcuideachta agus ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann agus atá ag díriú ar nuálaíochtaí teicniúla a bhaineann le dearadh, déantúsaíocht agus tástáil ábhar ilchodach éadroim-mheáchain ardfheidhmíochta. Chomh maith leis sin, thacaigh breis comhoibrithe idir MaREI agus ÉireComposites leis seo trí chlár TF&N SEAI agus clár Comhaltachta TF&N Tionscail FEÉ, agus trí na tionscadail seo a leanas - LEAPWind (EMFF), STEP4WIND (Marie Curie ITN), CRIMSON (H2020) agus MI-DRONE (CNTB).

Ba é an tionchar a bhí ag an gcaidreamh comhoibríoch seo gur forbraíodh teicneolaíocht ÉireComposites ó Leibhéal Ullmhachta Teicneolaíochta (LUT) 6 go 9, agus gur cabhraíodh le hinmharthanacht fhadtéarmach na cuideachta a chinntiú agus poist a chosaint i nGaeltacht Chonamara. Mar a dúirt duine d'fhoireann na cuideachta, *"bhí ról lárnach ag taighdeoirí ó MaREI sna tionscadail taighde seo, a thug deis dúinn teicneolaíocht núíosach a fhorbairt agus custaiméirí nua a mhealladh. Úsáideadh samhaltú agus sonraí tástála ó MaREI in Ollscoil na Gaillimhe chun ár réitigh fuinnimh mhuirí a dhí-rioscú agus chun ár ndearaí a fheabhsú tuilleadh. Tríd is tríd, chabhraigh an obair ar fad a rinne MaREI go mór le rath na cuideachta".*

## 7.2 Tuarascáil Thascfhórsa Geilleagrach Inbhear na Sionainne

Bunaíodh an tascfhórsa neamhspleách, *Tascfhórsa Geilleagrach Inbhear na Sionainne (TFGIS)*, in 2022 chun breithniú a dhéanamh ar phoitéinseal forbartha geilleagraí réigiún Inbhear na Sionainne, i ndiaidh gealltanas a tugadh i *gClár an Rialtais* plean forbartha geilleagraí don réigiún a bhunú. Páirteach in TFGIS bhí páirtithe leasmhara réigiúnacha as na hearnálacha seo a leanas - tionscal, acadúil, taighde agus rialtas áitiúil, agus tarraingíodh aird ar an réigiún mar shuíomh a d'fhéadfadh a bheith an-oiriúnach chun gaoth amach ón gcósta a fhorbairt ann. D'fhoilsigh TFGIS a thuarascáil deiridh i mí Iúil 2023, agus leagadh béim ar leith ar thacar moltaí a fhorbairt a chumasódh gaoth amach ó chósta an Atlantaigh a chur ar fáil.[33]

Le cois beart réigiúnsonrach a mholadh, rinne TFGIS roinnt moltaí beartais náisiúnta, lena n-áirítear straitéis thionsclaíoch náisiúnta a fhorbairt do ghaoth amach ón gcósta. Tá foilsiú na Straitéise seo ag teacht leis an moladh sin. Forbrófar moltaí eile a bhaineann le forbairt OWE agus éiceachóras tionsclaíoch glas gaolmhar, lena n-áirítear bearta molta maidir le TF&N, slabhraí soláthair agus braislí, ag leibhéal náisiúnta trí chur chun feidhme na Straitéise seo.

Tarraingíodh aird i nuashonrú cur chun feidhme, a foilsíodh i mí na Nollag 2023, go raibh roinnt forbairtí beartais náisiúnta molta ag TGFGIS curtha i bhfeidhm ag an Rialtas cheana féin ó cuireadh an Tuarascáil i gcrích.[34] Ina measc bhí Údarás Rialála Limistéir Mhuirí (MARA) a bhunú, *Straitéis Náisiúnta Hidrigine*, *Beartas Idirnaisc Leictreachais*, agus *Straitéis Slándála Fuinnimh* a fhoilsiú.

Fianaise ba ea an nuashonrú feidhmithe freisin ar ghealltanas a thug an Rialtas measúnú a dhéanamh ar an bpoitéinseal a bhaineann le DMAP Chósta an Iarthair a fhorbairt agus scrúdú a dhéanamh ar chostas agus inmharthanacht a leithéid de thionscadail FLOW a thionscnamh sa DMAP seo fad is atá iarracht á déanamh ag Éirinn tacú le forbairt na hearnála seo. Glacann an Tascfhórsa leis gurb ionann a leithéid de DMAP a fhorbairt agus príomhchumasóir i ndáil le himlonnú OWE an Atlantaigh.

33. Shannon Estuary Economic Taskforce Report - DETE (enterprise.gov.ie)
34 https://enterprise.gov.ie/en/publications/shannon-estuary-economic-taskforce-report-implementation-update.html

| Gníomhartha | | Spriocdháta | Úinéirí |
|---|---|---|---|
| 35 | Measúnú a dhéanamh ar an bpoitéinseal chun dlús a chur le forbairt DMAP Chósta an Iarthair agus iniúchadh a dhéanamh ar an gcostas agus an inmharthanacht a bhaineann le tionscnaimh ghaoithe ar snámh amach ón gcósta a thionscnamh sa DMAP seo agus Éire ag iarraidh tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt na hearnála seo. | R4 2024 | RCAC |

# Cás-Staidéar

Tá BSL ag feidhmiú mar an chuideachta fuinnimh is mó in Éirinn ó bhliain a bunaithe i1927. Tá sé mar aidhm ag BSL difríocht a dhéanamh trí astaíochtaí carbóin glan-nialasacha a chinntiú faoin mbliain 2040. Mar fhóntas láidir, éagsúil, tá BSL ag feidhmiú ar fud an mhargaidh leictreachais, lena n-áirítear giniúint agus tarchur agus dáileadh, chun soláthar a chur ar fáil do chustaiméirí agus chun a líonraí a úsáid chun snáithín teileachumarsáide a iompar.

Tá caidreamh bunaithe ag BSL le hionaid taighde FEÉ, cosúil le MaREI, chun tacú le taighde neamhspleách ar ghaoth amach ón gcósta, chómhaoinigh BSL 12 thionscadal taighde chomhoibríocha ar leith le comhpháirtithe tionscail, agus tá tairbhe bainte aige as barr feabhais acadúil in institiúidí acadúla MaREI. Ina measc tá comhpháirtíochtaí a bhaineann le tionscadal EirWind, atá dírithe ar threochlár a fhorbairt d'fhorbairt fuinnimh gaoithe amach ón gcósta in Éirinn, tionscadal leanúnach H-WIND, atá dírithe ar ghníomhachtú margaí nua do hidrigin arna giniúint ó fhuinneamh gaoithe amach ón gcósta, mar aon le tacú le pleanáil straitéiseach agus le húsáid uirlisí samhaltaithe fuinnimh comhtháite chun aird a tharraingt ar bheartas, deiseanna teicniúla agus dúshláin i gcomhthéacs na hÉireann. Trí bheith ag obair le MaREI agus Cuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge ar an tionscadal Gaoth Amach ón gCósta Ar Snámh (FLOW), beidh an tionscal in ann teacht ar thuiscint mhaith ar na ceanglais a bhaineann le saoráidí riachtanacha do stóráil shealadach amach ón gcósta de thuirbíní gaoithe amach ón gcósta ar snámh.

Is teicneolaíocht riachtanach í gaoth amach ón gcósta chomh fada is a bhaineann leis an gcuspóir uaillmhianach atá ann aistriú chuig earnáil fuinnimh atá slán, comhtháite agus dícharbónaithe. Tacaíonn taighde acadúil atá á urrú ag an tionscal le nuálaíocht agus iomaíochas san earnáil seo, mar aon le teicneolaíochtaí comhlántacha cosúil le hidrigin in-athnuaite. Trí bheith ag obair le comhpháirtithe tionscail agus taighdeoirí acadúla is féidir cabhrú le déileáil leis na dúshláin a bhaineann le himlonnú na gaoithe amach ón gcósta, agus cabhrú le foireann oibre oilte a fhorbairt, mar aon le slabhra soláthair láidir agus geilleagar inbhuanaithe, slán, aeráidneodrach d'Éirinn.

Tá taighde neamhspleách, fianaisebhunaithe tábhachtach chun plé náisiúnta agus forbairt beartais a mhúnlú.

# 8. Éileamh agus Úsáidí Deiridh an Fhuinnimh Gaoithe Amach ón gCósta

**Mar a luadh i gCaibidil 2, freastalóidh seachadadh rathúil 37GW de ghaoth amach ón gcósta faoin mbliain 2050 ar an éileamh dúbailte ar leictreachas atá á thuar ag EirGrid. Ní hamháin go gcuirfidh an fuinneamh glas ar fad a bheidh ar fáil ar ár gcumas ár spriocanna aeráide a chomhlíonadh, feabhsóidh sé iomaíochas domhanda na hÉireann go suntasach freisin. Is léir ó chomhairliúcháin a rinneadh le páirtithe leasmhara mar chuid d'fhorbairt na Straitéise, ionas gur féidir tairbhe a bhaint as an bpoitéinseal seo, go bhfuil gá le cur chuige atá bunaithe ar phlean chun úsáidí deiridh a fhorbairt d'fhuinneamh in-athnuaite amach anseo. Tá tús curtha cheana féin le hobair ar fud an Rialtais chun measúnú a dhéanamh ar idirghabhálacha poitéinsiúla, mar atá mionsonraithe sa rannóg seo, agus tá eolas le fáil thíos freisin maidir le bearta tosaigh a bhfuil sé mar aidhm leo tacú le comhshuíomh ghiniúint agus éileamh ORE.**

# 8.1 Pacaí Tionsclaíocha Fuinnimh Ghlais a Fhorbairt

## 8.1.1 Cúlra/Forléargas

Tarraingíodh aird sa *Straitéis Náisiúnta Hidrigine* ar an bpoitéinseal a bhaineann le comhshuíomh úsáideoirí mórfhuinnimh, cosúil le hionaid sonraí, agus úsáid a bhaint as giniúint fuinnimh in-athnuaite chun cabhrú le tionscal mór a dhícharbónú, mar aon le déileáil le dúshláin soláthair agus stórála fuinnimh eile.[35]

Tá an coincheap seo ag teacht leis an gcur chuige atá in úsáid ag roinnt tíortha ar fud an domhain atá ag forbairt samhlacha éagsúla do cheantair thionsclaíocha mórthimpeall ar láithreáin a bhfuil ról lárnach acu i bhfuinneamh glas a tháirgeadh. GreenLab[36] sa Danmhairg mar shampla; An Coimpléasc Tionsclaíoch Glas Cliste, An Chóiré Theas[37] Páirc Tionscail Ventspils[38], an Laitvia; agus Páirc Thionscail Ghlas Haraholmen[39], an tSualainn, ar samplaí iad de scálaí difriúla de pháirceanna tionscail glasa atá deartha chun tacú le comhshuíomh sholáthar agus éileamh an fhuinnimh in-athnuaite, agus in go leor cásanna tá siad in úsáid mar shaoráidí tástála do nuálaíocht theicneolaíoch.

### Case Study - Ventspils Industrial Park

Is tionscadal atá á reáchtáil ag leibhéal náisiúnta é Páirc Tionscail Ventspils a bhfuil sé mar aidhm leis an geilleagar glas atá ag fás sa réigiún mórthimpeall ar Ventspils, in iarthuaisceart na Laitvia a sheirbhísiú agus a spreagadh. Tá an pháirc deartha chun trí phríomhnód a chur san áireamh atá dírithe ar Theicneolaíocht Ghlas, Fuinneamh Glas agus Ardteicneolaíocht. Tá Limistéar an Fhuinnimh Ghlais dírithe ar fhuinneamh glas a tháirgeadh agus ailínithe le roinnt tionscadal fuinnimh in-athnuaite, lena n-áirítear feirmeacha gaoithe amach ón gcósta atá beartaithe a fhorbairt. Ciallaíonn a chóngaraí is atá sé don phort, agus teirminéil a bheith ar fáil cheana atá in ann leictribhreoslaí a láimhseáil, lena n-áirítear amóinia ghlas, go bhfuil an pháirc tionscail sa suíomh ceart chun an geilleagar cumhacht a thiontú go X agus hidrigine a fhorbairt. Tá roinnt réimsí tosaíochta speisialaithe cliste sa pháirc tionscail lena n-áirítear bithgheilleagar dlútheolais, bithmhíochaine, teicneolaíochtaí leighis, cógaisíocht, fótónaic agus ábhair chliste, teicneolaíochtaí agus córais innealtóireachta, fuinneamh agus soghluaisteacht chliste, teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide.

35. gov.ie - Straitéis Náisiúnta Hidrigine (www.gov.ie)
36. GreenLab - Páirc thionscail ghlas na todhchaí (stateofgreen.com)
37. Coimpléasc Tionsclaíoch Glas Cliste: Mol an Bhirt Nua Ghlais in Saemangeum - Rialtais Áitiúla - Cruinniú Mullaigh Infheistigh sa CHÓIRÉ (kotra.biz)
38. Páirc Tionscail - Infheistigh in Ventspils
39. Haraholmen – Paca Tionsclaíoch Glas ina bhfuil Ról Lárnach ag Inbhuanaitheacht | Nuacht - Cathair Chliste na Sualainne

Ba cheart breithniú a dhéanamh ar an úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as ORE farasbairr d'úsáideoirí mórfhuinnimh i rith thréimhse na Straitéise seo ar bhealach atá ailínithe le gníomhartha a bhaineann le húsáid deiridh agus comhshuíomh beartaithe sholáthar agus éileamh an fhuinnimh in-athnuaite. Is sampla maith iad ionaid sonraí d'úsáideoirí mórfhuinnimh a bhféadfaí ORE farasbairr a úsáid mar réiteach mar chuid dá ndícharbónú.

Tacaíonn ionaid sonraí le hearnáil dhigiteach na hÉireann, tá siad ag feidhmiú mar bhonnsraith do bheagnach gach gné ar líne dár saol sóisialta agus oibre. Tá an méid seo a leanas scríofa i *Leas a bhaint as Digitiú - Creat Digiteach na hÉireann* faoi ionaid sonraí - "príomhchumasóir bonneagair de gheilleagar nuálach atá bunaithe ar theicneolaíocht, a chiallaíonn gur rogha suímh í Éire le haghaidh raon leathan earnálacha agus gníomhaíochtaí breisluacha, cosúil le comhoibriú gnó, tráchtáil ar líne, baincéireacht, agus bainistíocht slabhra soláthair."[40] Beidh fás san earnáil ag tacú le tuilleadh infheistíochta agus poist bhreise, agus le forbairt agus mealladh scileanna agus tallainne in IS, ríomhaireacht chandamach sa bhreis ar thacú le roinnt gníomhaíochtaí gaolmhara. Is príomhghnéithe de thairiscint luacha na hÉireann mar shuíomh infheistíochta iad ionaid sonraí – a mheallann cuideachtaí ceannródaíocha atá dírithe ar an todhchaí. Tá go leor infheistíochta déanta ag a lán ionad sonraí i mbunú agus forbairt a gcuid oibríochtaí in Éirinn, agus deiseanna fostaíochta agus réitigh thábhachtacha a chur ar fáil d'fhiontair eile.

Chomh maith leis sin, tá ionaid sonraí ar fud an domhain ag déanamh go leor infheistíochta in athnuaiteáin. Dar le IEA, bíonn ról ceannaireachta ag oibritheoirí ionaid sonraí hipearscála i soláthar an fhuinnimh in-athnuaite chorparáidigh, go príomha trí chomhaontuithe ceannaigh cumhachta (CCCanna) le Amazon, Microsoft, Meta agus Google, na ceithre cheannaitheoir is mó de CCCanna an fhuinnimh in-athnuaite chorparáidigh.[41] Tharraing IEA aird ar an méid seo a leanas, "Cheannaigh nó ghin Apple (2.8TWh), Google (18.3TWh), Meta (9.4TWh) agus Microsoft (13TWh) dóthain fuinnimh in-athnuaite chun teacht le 100% dá n-ídiú leictreachais oibríochtúil in 2021 (in ionaid sonraí go príomha)" agus "d'ídigh Amazon 30.9 TWh (85% in-athnuaite) ina oibríochtaí ar fad in 2021".[42]

### 8.1.2 Réasúnaíocht

Is léir ó chomhairliúcháin a rinneadh leis an earnáil thionsclaíoch mar chuid d'fhorbairt na Straitéise Tionsclaíche seo go bhfuil deis ann gnóthaí dúchasacha nua glasa a bhunú agus infheistíochtaí nua IDC a mhealladh go hÉirinn, bunaithe ar an soláthar d'fhuinneamh in-athnuaite flúirseach a bhfuiltear ag súil leis, agus bheadh cur chuige straitéiseach maidir le comhshuíomh sholáthar agus éileamh an fhuinnimh in-athnuaite ag feidhmiú mar dhreasacht láidir d'earnálacha atá ag brath ar sholáthairtí fuinnimh suntasacha.

40. Leas a bhaint as Digitiú - Creat Digiteach na hÉireann
41. Ionaid sonraí & líonraí - IEA
42. Ibid.

Tá sé seo ag teacht le hobair leanúnach atá á déanamh ag GFT Éireann chun réitigh iomaíocha, mhórscála réadmhaoine, fóntais agus bhonneagair a sholáthar, i gcomhpháirt le páirtithe leasmhara ábhartha ar fud an éiceachórais, mar aon le hathrú ar scála, castacht agus ullmhacht atá riachtanach d'infheistíochtaí mórscála. Tá dlús á chur ag earnálacha éagsúla lena n-áirítear eolaíochtaí na beatha, leathsheoltóirí, monarú bia, fuinneamh in-athnuaite agus feithiclí leictreacha le héileamh ar réitigh dá leithéid agus tá go leor tíortha ag feabhsú a dtairiscint féin le haghaidh infheistíochtaí ag scála níos mó trí réitigh bhonneagair iomaíocha nua a chur ar fáil ar an margadh, mar atá mínithe thuas. Tá an obair seo ag teacht le *Tionscnamh na Láithreán Straitéiseach*, a raibh agus a bhfuil ról lárnach aige i ndáil le IDC a chur ar fáil le blianta beaga anuas, agus i ndáil le tacú le GFT Éireann agus cuspóir straitéiseach FÉ tacú le forbairt réigiúnach.

Tá GFT Éireann páirteach i gclár leanúnach a bhfuil sé mar aidhm leis Páirceanna Gnó, Láithreáin Straitéiseacha agus Láithreáin na Chéad Ghlúine eile a chur ar fáil chun tacú le hinfheistíochtaí ag scálaí difriúla a fháil. San áireamh sa chlár seo tá iarracht a dhéanamh a chinntiú go bhfuil na láithreáin seo suite gar do bhonneagar agus d'fhóntais oiriúnacha chun fad saoil a chinntiú i ndáil lena bpoitéinseal forbartha tacú le hinfheistíochtaí a bhaineann le roinnt gníomhaíochtaí agus earnálacha. Sa chomhthéacs sin, leanfaidh GFT Éireann ar aghaidh ag obair le soláthraithe fóntais chun úsáid a bhaint as foinsí fuinnimh nua de réir a chéile agus chun lántairbhe a bhaint as bonn sócmhainní GFT Éireann i suíomhanna geografacha difriúla ar fud na tíre. Cuirfidh sé seo ar chumas an bhoinn chliant reatha agus todhchaíoch, atá ag feidhmiú ag scálaí difriúla, lántairbhe a bhaint as a phoitéinseal forbartha ar bhealach níos inbhuanaithe.

Beidh an cur chuige seo ag teacht leis an *Straitéis Náisiúnta um Éileamh ar Fhuinneamh* (SNÉF) atá le foilsiú go luath agus atá á forbairt faoi láthair, faoi stiúir an Choimisiúin um Rialáil Fóntais (CRU). Lorgófar deiseanna in SNÉF chun ár n-úsáid fuinnimh náisiúnta a dhícharbónú chun éileamh a ailíniú ar bhealach níos fearr leis an soláthar atá ar fáil, agus leis an soláthar in-athnuaite go háirithe. D'fhéadfadh fás nua ar éileamh comhshuite le nó gar do ghaoth amach ón gcósta, i dteannta le teicneolaíochtaí stórála fuinnimh, úsáid éifeachtach a bhaint as an mbonneagar greille atá ar fáil cheana féin, teorannú a laghdú agus forbairt thionsclaíoch ísealcharbóin nó carbón-nialasach a éascú.[43] Ba cheart a thabhairt faoi deara gur sheol CRU comhairliúchán poiblí maidir le *hAthbhreithniú ar Bheartas Nasctha Úsáideoirí Mórfhuinnimh (ÚMF)* níos túisce in 2024 freisin.

43. An Straitéis Náisiúnta um Éileamh ar Fhuinneamh | CRU.ie: https://www.cru.ie/publications/27870/

### 8.1.3 Tionchar

Soláthraíonn réitigh réadmhaoine den chéad scoth arna gcumhachtú ag fuinneamh in-athnuaite ar scála mór deis freastal ar go leor ceanglas úsáideoirí mórfhuinnimh, cosúil le hionaid sonraí, agus tionscail a bhfuil béim shuntasach á leagan ar inbhuanaitheacht acu, le cuspóirí baile maidir le soláthar agus stóráil fuinnimh, greille, forbairt an tslabhra soláthair OWE bhaile, pleanáil agus forbairt gheilleagrach réigiúnach chothromaithe. Chomh maith leis sin, bheadh a leithéid de pháirceanna ag tairiscint bealach chun margaidh neamhghreille le haghaidh OWE freisin.

| Gníomhartha | | Spriocdháta | Úinéirí |
|---|---|---|---|
| 36 | Tabhairt faoi obair bhreise chun measúnú a dhéanamh ar an ról a d'fhéadfadh páirceanna comhtháite fuinnimh a imirt inár gcóras fuinnimh amach anseo, lena n-áirítear na tairbhí a d'fhéadfadh a bheith acu agus na bacainní a d'fhéadfadh a bheith ann (margadh, dlíthiúil nó eile). | R4 2025 | RCAC |
| 37 | Measúnú earnála a choimisiúnú ar choincheapa páirce fuinnimh lena n-áirítear anailís ar eacnamaíocht na hinfheistíochta caipitil atá ag teastáil.. | R3 2024 | RFTF |
| 38 | Misean aimsithe fíricí a threorú le príomhpháirtithe leasmhara chuig láithreacha idirnáisiúnta inar bunaíodh páirceanna tionsclaíochta fuinnimh ghlais go rathúil. | R4 2024 | RFTF |
| 39 | Creat píolótach a bhunú chun seachadadh ailínithe giniúna agus greille amach ón gcósta agus bealaí chuig an margadh a chumasú lena n-áirítear breithniú ar úsáideoirí móra fuinnimh. | R4 2025 | RCAC, CRU, EirGrid, RFTF, FÉ, GFT |
| 40 | Measúnú a dhéanamh ar na tacaíochtaí agus/nó na creataí cumasúcháin a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil chun acmhainn a uasmhéadú ó bhealaí malartacha go dtí an margadh. | R4 2025 | RCAC |

## 8.2 Dlús a Chur le hÚsáidí Deiridh OWE

Tá roinnt tionscnamh tras-Rialtais bunaithe cheana féin, a bhfuil sé mar aidhm leo lántairbhe a bhaint as foinsí fuinnimh in-athnuaite, cosúil le OWE, i gcóras fuinnimh na hÉireann agus sa gheilleagar trí chéile. Tacaíonn siad seo le hailíniú ar fud réimsí beartais agus beidh siad ag feidhmiú mar phríomhfhóram a úsáidfear chun tuilleadh beart a bhaineann le héileamh agus úsáidí deiridh OWE a fhorbairt faoin Straitéis seo.

Lena chois sin, soláthraíonn rannpháirtíocht le tíortha eile ar spéis leo comhoibriú le hÉirinn i ndáil le fuinneamh inbhuanaithe, cosúil leis an nGearmáin, deiseanna chun cásanna sonracha úsáide deiridh a fhorbairt d'fhuinneamh farasbairr a chruthaíonn OWE.

### 8.2.1 An Straitéis Náisiúnta Hidrigine

Leagtar amach sa *Straitéis Náisiúnta Hidrigine*, foilsithe i mí Iúil 2023, an fhís straitéiseach maidir leis an ról a bheidh ag hidrigin i gcóras fuinnimh na hÉireann, agus díreofar ar a ról fadtéarmach mar phríomhghné de gheilleagar saor ó charbón, lena n-áirítear deiseanna forbartha tionsclaíocha glasa a fhorbairt. Breithnítear sa Straitéis riachtanais an tslabhra soláthair hidrigine ar fad lena n-áirítear táirgeadh, úsáidí deiridh, iompar agus stóráil, sábháilteacht, rialúchán, margaí, nuálaíocht agus scileanna.

Tá sprioc 2GW chun OWE a tháirgeadh do chuspóirí teoranta neamhghreille, lena n-áirítear hidrigin in-athnuaite, le forbairt faoin mbliain 2030, arb ionann í agus deis dlús a chur le cuspóir na hÉireann an bonn tionsclaíoch a dhícharbónú agus tionscail ghlasa nua a fhorbairt amach anseo.

#### Grúpa Oibre Idir-rannach Hidrigine

Tá cur chun feidhme na *Straitéise Náisiúnta Hidrigine* á chomhordú tríd an nGrúpa Oibre Idir-rannach Hidrigine, Grúpa a bhfuil na Príomhranna Rialtais, Gníomhaireachtaí Stáit agus oibritheoirí an chórais fuinnimh páirteach ann. Ina theannta sin, tá sé de chúram ar an nGrúpa Oibre comhleanúnachas a chinntiú i ngach réimse beartais i ndáil le hidrigin in-athnuaite agus is fóram comhairleach atá ann d'fhorbairt leanúnach beartais hidrigine.

Glacann RTFT páirt sa Ghrúpa Oibre seo agus tá sé beartaithe go mbeidh sé seo mar bhonn le forbairt leanúnach *Ag Cumhachtú Rathúnais: Straitéis Thionsclaíoch na hÉireann um Fhuinneamh Gaoithe Amach ón gCósta* sna blianta amach romhainn.

44. gov.ie - Straitéis Náisiúnta Hidrigine (www.gov.ie)

### 8.2.2 Tionscnaimh Trasrialtais Eile

Ina theannta sin, glacann RTFT páirt sna Grúpaí Oibre seo a leanas a chuirfidh bonn eolais ar fáil do bhearta úsáide deiridh poitéinsiúla OWE mar chuid d'fhorbairt leanúnach na Straitéise seo.

Breoslaí Malartacha don Ghrúpa Oibre Iompair

Páirteach sa Ghrúpa Oibre seo tá páirtithe leasmhara atá freagrach as agus a bhfuil spéis acu i bhforbairt beartais agus i gcur chun feidhme breoslaí malartacha idir táirgeadh agus úsáid deiridh san earnáil iompair. Is éard atá i gceist le 'Breoslaí Malartacha' ná breoslaí nó foinsí cumhachta, lena n-áirítear foirmeacha in-athnuaite fuinnimh, a úsáidtear, i bpáirt ar a laghad, seachas foinsí ola iontaise san fhuinneamh a úsáidtear san earnáil iompair agus a bhfuil an poitéinseal acu cabhrú le dícharbónú na hearnála agus feidhmíocht chomhshaoil na hearnála iompair a fheabhsú. Is é ról an Ghrúpa Oibre seachadadh ar fud an chórais a chomhordú i gcomhthéacs sholáthar na mbreoslaí malartacha atá le húsáid san earnáil iompair.

San áireamh anseo freisin tá measúnú a dhéanamh ar na buntáistí feabhsaithe geilleagracha agus sochaíocha a bhaineann leis an soláthar breoslaí malartacha atá le húsáid san earnáil iompair a mhéadú. Tairgeann úsáid na n-amhábhar in-athnuaite le haghaidh na mbreoslaí malartacha seo, cosúil le fuinneamh díorthaithe ó OWE, úsáid deiridh bhaile phoitéinsiúil a bhaint as an bhfoinse fuinnimh in-athnuaite seo.

#### Tascfhórsa na mBreoslaí Eitlíochta Inbhuanaithe

Bunaíodh Tascfhórsa na mBreoslaí Eitlíochta Inbhuanaithe (BEInna) sa bhliain 2023 chun *Treochlár Beartais SAF*. náisiúnta a fhorbairt. Is breoslaí eitlíochta inionadaithe iad BEInna ar bithbhreoslaí iad a táirgeadh ó amhábhair nó breoslaí eitlíochta sintéiseacha ó fhoinsí in-athnuaite. De réir mar a bheidh teicneolaíocht, táirgeadh agus deimhniú ag forbairt, beidh níos mó úsáide á baint as breoslaí sintéiseacha forbartha ó bhreoslaí in-athnuaite.

Tá sé beartaithe go sainaithneofar i *dTreochlár Beartais BEI* na gníomhartha atá riachtanach d'fhonn a chinntiú gur féidir le hÉirinn a hoibleagáidí rialála maidir le heitlíocht a dhícharbónú a chomhlíonadh. Mar chuid dá chúram, déanfaidh Tascfhórsa BEInna measúnú ar an bpoitéinseal a bhaineann le BEInna a tháirgeadh go háitiúil sa Stát, agus ar an tslí sin, úsáid deiridh phoitéinsiúil a chur ar fáil d'fhuinneamh díorthaithe ó ghaoth amach ón gcósta, ar bhonn fadtéarmach.

### Grúpa Stiúrtha an Staidéir Féidearthachta ar Chonair Athbhreoslaithe Hidrigine Glaise

Choimisiúnaigh an Roinn Iompair, i gcomhar le haonad an Oileáin Chomhroinnte i Roinn an Taoisigh agus An Roinn Geilleagair (Tuaisceart Éireann), staidéar féidearthachta (réamh-infheistíochta) do chonair athbhreoslaithe hidrigine glaise idir Baile Átha Cliath agus Béal Feirste. Beidh an staidéar seo mar bhonn leis an bpoitéinseal agus scóip fhéideartha a bhaineann le hinfheistíocht chaipitil a dhéanamh ina dhiaidh sin i dtionscadal taispeántóra/infheistíocht i gconair ghlas ar bhonn uile-oileáin de réir na n-oibleagáidí a bhaineann le stáisiún athbhreoslaithe hidrigine atá le cur ar fáil faoin mbliain 2030 faoi Rialachán an AE maidir le Bonneagar Breoslaí Malartacha agus de réir cheanglais Thuaisceart Éireann. I measc na sruthanna oibre a cuireadh san áireamh sa staidéar bhí staidéar féidearthachta eacnamaíoch inar cuimsíodh Anailís Costais is Tairbhe ina ndearnadh measúnú ar chásanna éilimh tuartha a bhain le hidrigin san earnáil iompair, measúnú ar acmhainn an tslabhra soláthair agus anailís suímh bharrmhaith.

## 8.2.3 Dearbhú Comhpháirteach Intinne Maidir le Comhar i Réimse na Hidrigine Glaise Idir Éire agus An Ghearmáin

Shínigh Éire Dearbhú Comhpháirteach Intinne leis an nGearmáin i mí na Bealtaine 2023 chun bonn foirmiúil a chur faoi chomhar a bhain le réimse na hidrigine glaise idir an dá thír. Leagtar béim sa Dearbhú Comhpháirteach Intinne ar thoilteanas an dá stát comhar a thionscnamh i ndáil le taighde agus forbairt a bhaineann leis na réimsí seo a leanas - táirgeadh, stóráil, iompar agus úsáid na hidrigine glais, a díorthaigh san áireamh. Príomhchuspóir den Dearbhú Comhpháirteach Intinne is é scrúdú a dhéanamh ar thionscadal comhpháirteach píolótach a bhunú maidir le slabhra luacha trasteorann hidrigine glaise poitéinsiúil in Éirinn agus sa Ghearmáin.

45. gov.ie - Dearbhú Comhpháirteach Intinne maidir le comhar i réimse na hidrigine glaise idir Éire agus an Ghearmáin (www.gov.ie)

# 9. Cur chun Feidhme

**Tá RTFT agus gach páirtí leasmhar Rialtais ábhartha eile a bhfuil ionadaíocht á déanamh orthu ar OWDT, faoi chathaoirleacht RCAC, airdeallach ar an bpointe, chun a spriocanna gaoithe amach ón gcósta a chomhlíonadh agus chun buntáiste iomaíoch a fhorbairt d'Éirinn i slabhra soláthair na gaoithe amach ón gcósta agus TF&N, nach mór don Rialtas oibriú i dteannta leis an tionscal. San áireamh sna tograí beartais agus gníomhartha atá sonraithe sa Straitéis seo, ainneoin go bhfuil siad faoi úinéireacht Rann agus Gníomhaireachtaí Rialtais, tá ionadaíocht láidir ón earnáil thionsclaíoch agus tá príomhról ag an earnáil seo sna hiarrachtaí atá á ndéanamh iad a chomhlíonadh.**

Ainneoin go gcuirfidh RTFT obair i gcrích d'fhonn a chinntiú go bhfuil gníomhartha laistigh den Straitéis seo á gcur chun feidhme, tuairisceofar dul chun cinn ar ghníomhartha trí Shruth Oibre 7 den OWDT, atá dírithe ar an slabhra soláthair. Tá an Sruth Oibre seo á stiúradh ag RFTF, FÉ agus GFT Éireann, i gcomhar le príomhpháirtithe leasmhara Rialtais eile agus leis an earnáil thionsclaíoch trí rannpháirtíocht WEI agus MRIA.

Lorgófar maoirseacht agus ionchur breise ó na grúpaí seo a leanas:

- Páirteach i **bhFóram um Thionscal Gaoithe Amach ón gCósta (OWIF)**, a bhunaigh RFTF in 2023, tá ionadaithe ó WEI, MRIA agus painéal d'ionadaithe cuideachta ón slabhra soláthair ghaoithe amach ón gcósta. Leanfaidh OWIF ar aghaidh ag bualadh lena chéile ar bhonn tréimhsiúil agus tabharfar cuireadh dó páirt a ghlacadh i bplé faoi dhlús a chur le slabhra soláthair na gaoithe amach ón gcósta, TF&N agus ábhar ríthábhachtach eile.
- Páirteach i **nGrúpa Idir-rannach na Gaoithe Amach ón gCósta RFTF**, a bunaíodh in 2023 freisin, tá comhghleacaithe ó RFTF, FÉ, GFT Éireann agus ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta), RBATNE, an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe, RCAC, an Roinn Airgeadais, Roinn an Taoisigh, an Roinn Iompair, MARA agus SEAI.
- **Foghrúpa TF&N na Gaoithe Amach ón gCósta RTFT**, a bunaíodh in 2023 faoin bPríomhghrúpa Idir-rannach, a bhfuil FÉ, GFT Éireann, SEAI agus Fondúireacht Eolaíochta Éireann (FEÉ) páirteach ann. Déanfar an Foghrúpa a dhaingniú in 2024 agus leagfar béim ar leith ar ghnéithe áirithe den obair, forbrófar téarmaí tagartha agus plean oibre nua, agus ceapfar baill nua. Mar atá sonraithe i gCaibidil 6 maidir le TF&N, beidh ról lárnach ag an bhFoghrúpa TF&N sna hiarrachtaí teacht ar chomhaontú maidir leis na hearnálacha agus teicneolaíochtaí a bheidh in ann buntáiste iomaíoch a chruthú d'Éirinn i réimse na gaoithe amach ón gcósta, díreach mar a rinneadh i dtionscail eile roimhe seo, leithéidí TFC agus cógaisíocht.
- Sruth Oibre 8 OWDT (Scileanna) agus an Sainghrúpa Comhairleach, á stiúradh ag RBATNE.

Déanfar scrúdú ar Chomhairle Tionscail na Gaoithe Amach ón gCósta nua a bhunú faoi chomhchathaoirleacht an tionscail agus an Rialtais agus leanfar leis an obair de réir mar is gá.

Lena chois sin, foilseoidh an Roinn tuarascálacha ar dhul chun cinn, ag tosú in 2025.

# Gluais Téarmaí



| | |
|---|---|
| CFBC | Cuspóirí Feidhmeacha agus Bunúsacha Comhcheangailte |
| SGBTE | Suirbhé Gnó Bliantúil ar Thionchar Eacnamaíoch |
| IS | Intleacht Shaorga |
| AMETS | Láithreán Tástála Fuinnimh Mhuirí an Atlantaigh |
| PGA | An Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide |
| IBF | Ionad Bairr Feabhais |
| CRU | An Coimisiún um Rialáil Fóntais |
| RFTF | An Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta |
| RBATNE | An Roinn Breisoideachais, Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta |
| DMAP | Pleananna Limistéir Mhuirí Ainmnithe |
| DI | Dearbhuithe Intinne |
| CNTB | An Ciste Nuálaíochta um Theicneolaíochtaí Bunathraitheacha |
| MEND | An Mol Eorpach maidir leis an Nuálaíocht Dhigiteach |
| LEE | Limistéar Eacnamaíoch Eisiach |
| FÉ | Fiontraíocht Éireann |
| CNE | An Chomhairle Nuálaíochta Eorpach |
| CFRE | Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa |
| BSL | Bord Soláthair an Leictreachais |
| AE | An tAontas Eorpach |
| IDC | Infheistíocht Dhíreach Choigríche |
| FLOW | Gaoth Amach ón gCósta Ar Snámh |
| FTE | Coibhéis Lánaimseartha |
| GDG | Gavin & Doherty Geosolutions |
| PTCG | Plean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais |
| GCT | Gás Ceaptha Teasa |
| OBL | Oll-bhreisluach |
| GW | Gigeavata |
| IAO | Institiúid Ardoideachais |
| GNAA | Gnólachtaí Nuathionscanta Ardacmhainne |
| iCRAG | Ionad na hÉireann um Thaighde sna Geo-eolaíochtaí Feidhmeacha |

| | |
|---|---|
| TFC | Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide |
| IEA | An Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta Fuinnimh |
| IMDO | Oifig Forbartha Muirí na hÉireann |
| IoT | Idirlíon na Rudaí Nithiúla |
| IPCEI | Tionscadail Thábhachtacha ar Leas Coiteann na hEorpa |
| IRC | An Chomhairle um Thaighde in Éirinn |
| CISÉ | Ciste na hÉireann le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha |
| ITI | Idir-Thrádáil Éireann |
| CPG | Comhphlean Gníomhaíochta |
| OFÁ | Oifig Fiontair Áitiúil |
| ÚMF | Úsáideoirí Mórfhuinnimh |
| MAP | Pleanáil Limistéir Mhuirí |
| MARA | An tÚdarás Rialála Limistéir Mhuirí |
| MaREI | Fuinneamh Muirí agus In-athnuaite na hÉireann |
| MI | Foras na Mara |
| MIIN | Líonra Tionscail Mhuirí na hÉireann |
| CIN | Corparáid Ilnáisiúnta |
| MT | Meabhrán Tuisceana |
| MRIA | Cumann Tionscail na nAthnuaiteán Muirí |
| MW | Meigeavata |
| SNÉF | An Straitéis Náisiúnta um Éileamh ar Fhuinneamh |
| NexSys | Córais Fuinnimh na Chéad Ghlúine Eile |
| TÉ | Tuaisceart Éireann |
| CNPM | An Creat Náisiúnta um Pleanáil Mhuirí |
| NOWC | Braisle Gaoithe Amach ón gCósta na hIorua |
| CNP | An Creat Náisiúnta Pleanála |
| GCFMT | Grúpa Comhair Fuinnimh na Mara Thuaidh |
| CNO | An Ciste Náisiúnta Oiliúna |
| GBCN | Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta |
| O&C | Oibríochtaí agus Cothabháil |

| | |
|---|---|
| OEA | Comhghuaillíocht an Fhuinnimh Amach ón gCósta |
| DBTanna | Déantúsóirí Buntrealaimh |
| ORE | Fuinneamh In-athnuaite Amach ón gCósta |
| ORESS | Scéim Tacaíochta an Fhuinnimh In-athnuaite Amach ón gCósta |
| OWCE | Ionad Bairr Feabhais Gaoithe Amach ón gCósta |
| OWDT | Tascfhórsa um Sheachadadh Gaoithe Amach ón gCósta |
| OWE | Fuinneamh Gaoithe Amach ón gCósta |
| OWIF | Fóram Tionscail Gaoithe Amach ón gCósta |
| TLA | Tionscadail Leasa Choitinn |
| TLF | Tionscadail Leasa Fhrithpháirtigh |
| T&F | Taighde agus Forbairt |
| T&N | Taighde agus Nuálaíocht |
| TF&N | Taighde, Forbairt agus Nuálaíocht |
| RED | An Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite |
| RES | Sciar Fuinnimh In-athnuaite |
| PFR | Pleananna Fiontair Réigiúnacha |
| ET | Eagraíocht a Dhéanann Taighde |
| RTE | Réseau de Transport d'Électricité |
| RVO | Gníomhaireacht Fiontair na hÍsiltíre |
| SAF | Breosla Eitlíochta Inbhuanaithe |
| CBSÉ | Corparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann |
| PF | Próifíleoir Fo-íochtair |
| SEAI | Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann |
| TFGIS | Tascfhórsa Geilleagrach Inbhear na Sionainne |
| FEÉ | Fondúireacht Eolaíochta Éireann |
| FBM | Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide |
| CCT | Cláir um chomhar teicneolaíochta |
| TER | Ceanglas Leictreachais Iomláin |
| Tw | Teireavata |
| WEI | Fuinneamh Gaoithe na hÉireann |

# Aguisín


| | |
|---|---|
| Aguisín A – Tábla Gníomhartha | 87 |
| Aguisín B – Spriocanna | 94 |
| Aguisín C – Tascfhórsa um Sheachadadh Gaoithe Amach ón gCósta | 97 |
| Aguisín D - Dea-chleachtas Idirnáisiúnta | 100 |
| Aguisín E – Cláir agus Tacaíochtaí TF&N | 104 |




# Aguisín A

# Tábla Gníomhartha

| Gníomhartha | | Spriocdháta | Úinéirí |
|---|---|---|---|
| 1 | Sonraí bonnlíne a bhunú agus spriocanna réamh-mheasta a shocrú le haghaidh<br>• Caiteachas T&F sa slabhra soláthair<br>• Líon na bpost sa slabhra soláthair gaoithe amach ón gcósta<br>• Gnólachtaí Nuathionscanta sa slabhra soláthair gaoithe amach ón gcósta<br>• Easpórtálacha<br>• Acmhainn IDC | R4 2024 | RFTF |
| 2 | Measúnú tionchair eacnamaíoch a dhéanamh ar acmhainneacht na gaoithe amach ón gcósta in Éirinn. | R4 2024 | RFTF |
| 3 | Rannpháirtíocht i gcláir cheannaireachta gnó a mhéadú i measc an tslabhra soláthair gaoithe amach ón gcósta agus tacaíochtaí sainiúla cumais a fhorbairt d'iontrálaithe nua san earnáil gaoithe amach ón gcósta. | Ar siúl faoi láthair | FÉ |
| 4 | Roghanna maoinithe straitéiseacha fadtéarmacha a sheachadadh chun tacú le scálaithe cuideachtaí slabhra soláthair gaoithe amach ón gcósta na hÉireann. | Ar siúl faoi láthair | FÉ, RFTF, CBSÉ, CISÉ |
| 5 | Gnólachtaí nuathionscanta méadaithe agus gnólachtaí nuathionscanta ardacmhainne a thiomáint i ngaoth amach ón gcósta, trí chláir fheabhsaithe forbartha fiontraithe agus tacaíochtaí maoinithe spriocdhírithe. | Ar siúl faoi láthair | FÉ, RFTF |
| 6 | Oibriú le gníomhaireachtaí ábhartha eile cosúil le SEAI, FEÉ, MI, IMDO, chun tairbhe a bhaint as cláir thacaíochta agus deiseanna maoinithe chun an oiread tairbhe agus is féidir a bhaint as leibhéil ábhair an tslabhra soláthair áitiúil i margadh baile na hÉireann. | Ar siúl faoi láthair | RFTF, SEAI, FEÉ, MI, IMDO |
| 7 | Féachaint le síneadh a chur leis an Scéim Iasachta Fáis agus Inbhuanaitheachta de €500 milliún agus aon ghá le scéim nó tionscnamh maoinithe eile chun tacú le fás an tslabhra soláthair gaoithe amach ón gcósta. | R4 2024 | RFTF, CBSÉ |

| Gníomhartha | | Spriocdháta | Úinéirí |
|---|---|---|---|
| 8 | Breithniú a dhéanamh ar mholtaí na Tuarascála Measúnaithe Scileanna Greentech Skillnet/WEI agus, ag baint úsáide as maoiniú spriocdhírithe ón gCiste Náisiúnta Oiliúna (CNO), faoi réir comhaontaithe sa phróiseas meastacháin, gníomhartha a chomhaontú chun tosaíochtaí scileanna a sheachadadh chun spriocanna fuinnimh gaoithe amach ón gcósta a bhaint amach. | 2024 ar aghaidh | RBATNE |
| 9 | Ceardlanna oiliúna soláthair phoiblí a sheachadadh do chuideachtaí ar fud shlabhra soláthair na hÉireann.. | R4 2024 | FÉ, EirGrid |
| 10 | MT a bhunú agus a chur i bhfeidhm idir EirGrid agus na gníomhaireachtaí fiontair ábhartha. | R2 2024 | EirGrid, FÉ, GFT |
| 11 | Trí rannpháirtíocht le comhpháirtithe tionscail, feasacht a ardú agus rannpháirtíocht a spreagadh i nglao iomaíoch náisiúnta ar chnuasaigh faoin gClár um Chnuasaigh Náisiúnta a luaithe a fhógraítear é. | Le linn 2024 | RFTF, FÉ, GFT, SEAI, MI, IMDO |
| 12 | Straitéis GFT na hÉireann 2021 – 2024: Leanúint ar aghaidh ag díriú agus ag tacú le gealltanais infheistíochta 'Inbhuanaitheacht agus Geilleagar Glas' IDC. | R4 2024 | RFTF, GFT |
| 13 | Straitéis GFT na hÉireann 2025 – 2029: Cinntiú go socraítear spriocanna agus cuspóirí soiléire chun infheistíocht IDC a bhuachan agus chun tacú leis in earnáil na gaoithe amach ón gcósta. | R4 2024 | RFTF, GFT |
| 14 | Dul san iomaíocht go hidirnáisiúnta chun infheistíochtaí móra ar scála a bhaint amach ó IDC straitéiseach, a chomhlánaíonn forbairt chumas gaoithe amach ón gcósta na hÉireann agus an fás ar chineálacha nua infheistíochta 'ardluacha'. | Ar siúl faoi láthair | RFTF, GFT |

| | Gníomhartha | Spriocdháta | Úinéirí |
|---|---|---|---|
| 15 | Comhoibriú go dlúth lena chinntiú gur féidir deiseanna comhpháirtíochta a uasmhéadú le cuideachtaí idirnáisiúnta in earnáil na gaoithe amach ón gcósta. | Ar siúl faoi láthair | RFTF, GFT, FÉ |
| 16 | Oibriú go dlúth le RFTF agus le Ranna eile chun a chinntiú go bhfuil na meicníochtaí tacaíochta cuí agus na scéimeanna maoinithe i bhfeidhm chun tacú le forbairt IDC gaoithe amach ón gcósta idirnáisiúnta. | R2 2024 | RFTF, GFT |
| 17 | Ballraíocht na hÉireann i gComhghuaillíochtaí Comhoibrithe amhail GCFMT, agus comhaontuithe déthaobhacha atá ann cheana féin le comhpháirtithe Eorpacha a úsáid chun forbairt deiseanna idirnáisiúnta slabhra soláthair OWE a chur chun cinn. | Ar siúl faoi láthair | RFTF, GFT, FÉ |
| 18 | Gníomhaíochtaí nua féideartha a aithint le cur san áireamh sa tríú CPG idir an Ghearmáin agus Éire a dhírigh ar chomhoibriú i réimse na slabhraí soláthair OWE. | R4 2024 | RFTF |
| 19 | Deiseanna a lorg chun comhpháirtíocht straitéiseach a fhorbairt le tíortha nó eagraíochtaí eile, lena n-áirítear i bhfoirm MoUanna nó DoIanna, chun comhroinnt eolais agus fás an tslabhra soláthair in Éirinn a chumasú. | Ar siúl faoi láthair | RFTF |
| 20 | Éire a chur chun cinn mar mhargadh OWE ardacmhainneachta trí mhisin trádála aireachta agus rannpháirtíocht ghníomhach i gcomhdhálacha idirnáisiúnta, seónna trádála agus imeachtaí móra earnála OWE eile, lena n-áirítear trí rannpháirtíocht le comhlachtaí ionadaíocha tionscail. | Ar siúl faoi láthair | RFTF, FÉ, GFT, RCAC |
| 21 | Misean aimsithe fíricí a threorú chuig calafort Esbjerg le príomhpháirtithe leasmhara chun féachaint conas a d'fhorbair sé chun tacú leis an slabhra soláthair gaoithe amach ón gcósta. | R4 2024 | RFTF, FÉ |

| Gníomhartha | | Spriocdháta | Úinéirí |
|---|---|---|---|
| 22 | Dul i dteagmháil le Roinn Geilleagair Thuaisceart Éireann agus Idirthráchtáil Éireann (ITI) maidir le deiseanna féideartha slabhra soláthair OWE uile-oileáin. | Ar siúl faoi láthair | RFTF, FÉ, GFT, ITI |
| 23 | Comh-imeacht bliantúil a bhunú le hAlbain atá dírithe ar chomhphlé idir-Rialtais agus rannpháirtíocht le tionscal i réimse an fhuinnimh in-athnuaite a chur chun cinn. | R2 2024 | RFTF |
| 24 | Dul i ngleic le struchtúir atá ann cheana féin, ábhair lárnacha TF&N/ na mórdhúshláin atá roimh an tionscal maidir le OWE a aithint. | R4 2024 | RFTF (Foghrúpa TF&N RFTF) |
| 25 | Dlús a chur le OWCE a fhorbairt lena n-áirítear staidéar féidearthachta agus plean tionscadail mhionsonraithe atá le seachadadh agus é seo a sheachadadh faoi réir cead maoinithe a fháil | R2 2025 | RFTF |
| 26 | Iniúchadh a dhéanamh ar an bhféidearthacht láithreán tástála gaoithe amach ón gcósta ar snámh a bheith ann. | R3 2024 | RCAC, RFTF |
| 27 | Plean a fhorbairt chun rannpháirtíocht le suíomhanna tástála muirí atá ann cheana féin agus an úsáid a bhaintear astu a chur chun cinn. | R3 2024 | RFTF (Foghrúpa TF&N RFTF) |
| 28 | Tacaíocht Stáit a choinneáil dár láithreáin tástála reatha nó bheartaithe agus iniúchadh a dhéanamh ar an bhféidearthacht chun tacú le suíomhanna tástála breise. | Ar siúl faoi láthair | RCAC, SEAI, MI |
| 29 | Iniúchadh a dhéanamh ar an gcás maidir le bosca gainimh rialála a fhorbairt le haghaidh gaoithe amach ón gcósta agus teicneolaíochtaí gaolmhara. | R2 2025 | RFTF |
| 30 | Taispeántas TF&N Amach ón gCósta agus Imeacht Rochtana ar Airgeadas a reáchtáil chomh maith le ceardlanna ar líne a chuireann béim ar na tacaíochtaí atá ar fáil d'eagraíochtaí feadh an tslabhra soláthair OWE. | R4 2024 | RFTF |

| Gníomhartha | | Spriocdháta | Úinéirí |
|---|---|---|---|
| 31 | Feachtas cumarsáide a fhorbairt chun deiseanna TF&N a chur chun cinn | Le linn 2024 | RFTF |
| 32 | Glaoch FÉ ar thaighde lasmuigh den chuideachta do ghaoth amach ón gcósta le suas le €5 mhilliún de mhaoiniú ar fáil lena cheadú. | R4 2024 | FÉ |
| 33 | Rannpháirtíocht i CNTB a chur chun cinn d'eagraíochtaí a bhíonn ag plé le TF&N le haghaidh earnálacha gaoithe amach ón gcósta agus earnálacha gaolmhara. | Leanúnach ó 2024 | RFTF, FÉ, GFT, FEÉ |
| 34 | Rannpháirtíocht a chur chun cinn sna cláir Chomhpháirtíochta Straitéiseach agus Clár Dámhachtana Spoke de chuid an FEÉ. | Glao Leanúnach | FEÉ |
| 35 | Measúnú a dhéanamh ar an bpoitéinseal chun dlús a chur le forbairt DMAP Chósta an Iarthair agus iniúchadh a dhéanamh ar an gcostas agus an inmharthanacht a bhaineann le tionscnaimh ghaoithe ar snámh amach ón gcósta a thionscnamh sa DMAP seo agus Éire ag iarraidh tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt na hearnála seo. | R4 2024 | RCAC |
| 36 | Tabhairt faoi obair bhreise chun measúnú a dhéanamh ar an ról a d'fhéadfadh páirceanna comhtháite fuinnimh a imirt inár gcóras fuinnimh amach anseo, lena n-áirítear na tairbhí a d'fhéadfadh a bheith acu agus na bacainní a d'fhéadfadh a bheith ann (margadh, dlíthiúil nó eile). | R4 2025 | RCAC |
| 37 | Measúnú earnála a choimisiúnú ar choincheapa páirce fuinnimh lena n-áirítear anailís ar eacnamaíocht na hinfheistíochta caipitil atá ag teastáil. | R3 2024 | RFTF |
| 38 | Misean aimsithe fíricí a threorú le príomhpháirtithe leasmhara chuig láithreacha idirnáisiúnta inar bunaíodh páirceanna tionsclaíochta fuinnimh ghlais go rathúil. | R4 2024 | RFTF |

| Gníomhartha | | Spriocdháta | Úinéirí |
|---|---|---|---|
| 39 | Creat píolótach a bhunú chun seachadadh ailínithe giniúna agus greille amach ón gcósta agus bealaí chuig an margadh a chumasú lena n-áirítear breithniú ar úsáideoirí móra fuinnimh. | R4 2025 | RCAC, CRU, EirGrid, RFTF, FÉ, GFT |
| 40 | Measúnú a dhéanamh ar na tacaíochtaí agus/nó na creataí cumasúcháin a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil chun acmhainn a uasmhéadú ó bhealaí malartacha go dtí an margadh. | R4 2025 | RCAC |

# Aguisín B Spriocanna

Le himeacht ama, éileoidh na tionscnaimh agus tograí atá leagtha amach sa Straitéis seo tacar comhlántach spriocanna a bheidh in ann cur chun feidhme éifeachtach a chinntiú. Cinnteoidh monatóireacht chúramach sheachadadh na spriocanna seo go gcuirfidh gníomh an Rialtais le tionscal ORE Éireannach atá láidir agus rathúil. Ar bhonn fadtéarmach, cumasóidh sé sainaithint breis beart agus gníomhartha atá riachtanach chun tacú le forbairt thionscal ORE na hÉireann fad is atá sé ag forbairt.

Dírítear sa chéad leagan de *Ag Cumhachtú Rathúnais: Straitéis Thionsclaíoch na hÉireann um Fhuinneamh Gaoithe Amach ón gCósta* ar dhá phríomhréimse: slabhra soláthair bhisiúil gaoithe amach ón gcósta agus éiceachóras táirgiúil TF&N a bhunú. Beidh dul chun cinn i bhforbairt an tslabhra soláthair á thomhas bunaithe ar spriocanna cosúil le fás sa líon post agus sa líon gnólachtaí nuathionscanta sa tionscal seo. Chomh maith leis sin, is féidir monatóireacht a dhéanamh ar an líon cuideachtaí atá ag baint tairbhe as tacaíochtaí TF&N, breis tráchtálaithe taighde agus breis easpórtálacha de theicneolaíochtaí nuálacha chun léargas a fháil ar an rath atá ar bhearta TF&N.

Ní hamháin go bhfuil sé mar aidhm le beartais forbartha an tslabhra soláthair an slabhra soláthair bhaile a fhorbairt, tá sé mar aidhm leis freisin dlús a chur le rannpháirtíocht na hÉireann sa tionscadal gaoithe amach ón gcósta idirnáisiúnta. Is é an aidhm atá leis an Straitéis seo ná tacú le cuideachtaí Éireannacha chun easpórtálacha a mhéadú, i dtéarmaí sheirbhísí an tslabhra soláthair, trí idirnasc nó fuinneamh glas, agus teicneolaíochtaí nuálacha. Ghlacfaí le méadú suntasach ar easpórtálacha mar fhianaise dhearfach ar na beartais a cuireadh chun feidhme mar chuid den Straitéis seo. Chomh maith leis sin, tá sé mar aidhm leis an Straitéis seo mealltacht na hÉireann mar shuíomh le haghaidh IDC a fheabhsú, i dtéarmaí cuideachtaí gaoithe amach ón gcósta agus roinnt úsáideoirí mórfhuinnimh ilnáisiúnta nua a bhunú in Éirinn.

Trí spriocanna a thomhas i gcuid de na príomhréimsí seo cinnteofar go mbeidh acmhainní á leithdháileadh go héifeachtach agus go mbeidh na torthaí inmhianaithe á mbaint amach. Chomh maith leis sin, cabhróidh sé le réimsí a shainaithint ar gá díriú arís ar an straitéis a bhaineann leo, mar aon le haiseolas a chumasú do bheachtú agus barrfheabhsú beartas d'fhonn a chinntiú go bhfuil dul chun cinn leanúnach á dhéanamh. Anuas air sin, cinnteoidh sé go bhfuil páirtithe leasmhara cuntasach as torthaí inláimhsithe a bhaint amach.

## Dúshláin A Bhaineann Le Spriocanna A Thomhas

Éileoidh spriocanna comhleanúnacha, féideartha a ghiniúint rochtain ar shonraí mionsonraithe agus iontaofa maidir le príomhghnéithe de thionscal ORE; beidh sé riachtanach na sonraí seo a nuashonrú go rialta chun a chinntiú gur féidir dianmhonatóireacht agus monatóireacht bheacht a dhéanamh ar sheachadadh spriocanna. I láthair na huaire, ainneoin go bhfuil roinnt foinsí sonraí ar fáil, tá na sonraí seo scoilte óna chéile, agus níl an mhéadracht bheacht a theastaíonn chun spriocanna na Straitéise seo a thomhas ar fáil

agus níl nuashonruithe rialta inrochtana.
Beidh sé riachtanach ar dtús cinneadh a dhéanamh maidir le rannpháirtíocht cuideachtaí i dtionscal gaoithe amach ón gcósta na hÉireann, agus figiúirí reatha (bonnlíne) a bhunú do gach spriocréimse. Féadfar sonraí ábhartha áirithe, easpórtálacha agus IDC mar shampla, a asbhaint ó fhoinsí reatha, cosúil leis an Suirbhé Gnó Bliantúil ar Thionchar Eacnamaíoch (SGBTE).
Ní féidir rannpháirtíocht cuideachtaí san earnáil gaoithe amach ón gcósta a shainmhíniú go héasca, áfach. Tá go leor cuideachtaí ORE ag feidhmiú i roinnt tionscal, agus bheadh sé riachtanach céatadán a ngníomhaíochtaí a bhaineann leis an earnáil ORE a oibriú amach sula bhféadfaí figiúirí beachta a bhunú ar shonraí atá ar fáil cheana féin (cosúil le SGBTE). Lena chois sin, soláthraíonn foinsí cosúil le SGBTE sonraí beachta do chliantchuideachtaí FÉ agus GFT Éireann, ach ní chiallaíonn sé sin go bhfuil eolas á bhailiú faoin raon iomlán cuideachtaí atá i mbun oibríochtaí san earnáil ORE. Beidh sé riachtanach taighde mionsonraithe a dhéanamh sna míonna amach romhainn chun liosta cuimsitheach cuideachtaí atá ag feidhmiú in earnáil ORE na hÉireann a bhunú, agus ag an am céanna cinneadh a dhéanamh maidir leis an gcéatadán d'oibríochtaí, easpórtálacha, fostaíocht, etc. a bhaineann leis na cuideachtaí seo, a eascraíonn go díreach as ORE.

Nuair a bhíonn spriocanna éifeachtacha á ndearadh, beidh sé riachtanach freisin foinsí sonraí iontaofa a bhunú a ndéantar a nuashonrú go rialta, d'fhonn a chinntiú gur féidir seachadadh spriocanna a rianú go cruinn. Tá eolas úsáideach le fáil i roinnt staidéar atá déanta cheana féin maidir le gnéithe áirithe den earnáil ORE. Mar shampla, i staidéar a rinneadh le déanaí thar cheann Shruth Oibre 8 Scileanna agus Lucht Oibre de OWDT, dar teideal *Ár bPoitéinseal a Fhorbairt: Riachtanais Scileanna agus Tallainne Gaoithe Amach ón gCósta na hÉireann*, soláthraítear meastacháin úsáideacha maidir leis an éileamh fostaíochta i mblianta FTE a d'fhéadfadh a bheith riachtanach chun cabhrú le hÉirinn a spriocanna ORE 2030 agus 2040 a chomhlíonadh. Ar an gcuma chéanna, soláthraíonn Foras na Mara,[46] sa staidéar a rinne sé in 2023 ar Gheilleagar Aigéin na hÉireann, figiúirí úsáideacha a bhaineann le fostaíocht, láimhdeachas agus oll-luach do thionscal ORE na hÉireann. Ní cheadóidh staidéar neamhspleách, ainneoin go bhfuil a leithéid úsáideach chun léargas a thabhairt ar shonraí bonnlíne agus réamh-mheastacháin thodhchaíocha, rianú leanúnach a dhéanamh ar athruithe agus treochtaí i bpríomhréimsí.

46. Geilleagar Aigéin na hÉireann 2023.pdf (marine.ie)

Ainneoin na ndúshlán seo a bhaineann le rochtain a fháil ar shonraí riachtanacha faoi láthair, is í an uaillmhian atá ann ná príomhpharaiméadair a shainiú agus modh chun iad a thomhas a bhunú, de bhrí go bhfuil sé riachtanach na spriocanna seo a chomhlíonadh chun tacú le cur chun feidhme na Straitéise seo. Tá roinnt réiteach ann chun déileáil leis an mbearna sonraí atá le tabhairt faoi deara faoi láthair, agus déanfar measúnú orthu seo. Réiteach amháin dá leithéid é úsáid a bhaint as figiúirí measta, ginte bunaithe ar eolas faoinár gceanglais i dtéarmaí saothair agus soláthair chun feirm ghaoithe 1GW a fhorbairt, a nglactar leis mar thionscadal atá ionadaíoch ar scála na dtionscadal GAC atá beartaithe in Éirinn mar aon le réamh-mheastacháin tionlacain. Tá réiteach eile bunaithe ar scrúdú mionsonraithe ar na sonraí atá ar fáil chun méadracht úsáideach a asbhaint. Nuair a bheidh measúnú iomlán déanta ar na sonraí ar fad atá ar fáil, is féidir oibríochtaí ORE na hÉireann a mhapáil go cuimsitheach, agus tá poitéinseal ann freisin suirbhé bliantúil a dhéanamh atá saincheaptha go sonrach do spriocanna na Straitéise seo, a d'fhéadfadh a bheith úsáideach don tionscal ORE trí chéile freisin.

## Spriocanna Atá Le Sainaithint Sna Réimsí Seo A Leanas:

Caiteachas T&F sa slabhra soláthair
Líon na bpost sa slabhra soláthair gaoithe amach ón gcósta
Gnólachtaí nuathionscanta sa slabhra soláthair gaoithe amach ón gcósta
Easpórtálacha
Spriocanna IDC

# Aguisín C

# Tascfhórsa um Sheachadadh Gaoithe Amach ón gCósta

Bhunaigh an tAire Ryan OWDT na hÉireann i mí Aibreáin 2022 chun dlús a chur le seachadadh na spriocanna gaoithe amach ón gcósta atá sonraithe sa Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide, agus chun geilleagar na hÉireann a spreagadh chun tairbhe a bhaint as deiseanna geilleagracha agus sochaíocha trí chomhoibriú éifeachtach tras-Rialtais.

## Ballraíocht

Tá an Tascfhórsa seo ag feidhmiú faoi chathaoirleacht na Roinne Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, agus páirteach ann tá oifigigh shinsearacha ó Ranna agus Gníomhaireachtaí Rialtais a mheastar atá riachtanach chun tacú le seachadadh uaillmhianta ORE na hÉireann:

- an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide
- an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta;
- an Roinn Iompair;
- an Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta;
- an Roinn Breisoideachais, Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta;
- an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe;
- an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail;
- Fiontraíocht Éireann;
- an Coimisiún um Rialáil Fóntais;
- EirGrid;
- an tÚdarás Rialála Limistéir Mhuirí;
- Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann; agus
- Foras na Mara.

Chomh maith leis sin, freastalaíonn an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, an Roinn Cosanta, Roinn an Taoisigh agus GFT Éireann ar chruinnithe an tascfhórsa mar bhreathnóirí. Lena chois sin, ó mhí an Mheithimh 2023, reáchtáil an Tascfhórsa seisiúin rialta leis an tionscal gaoithe amach ón gcósta, rinne Fuinneamh Gaoithe na hÉireann (WEI) agus Cumann Tionscail na nAthnuaiteán Muirí (MRIA) ionadaíocht air, chun nuashonruithe maidir leis

na forbairtí beartais agus tionscail is déanaí a mhalartú.

## Cuspóirí Agus Sruthanna Oibre

Tá tacar cuspóirí ag an Tascfhórsa d'fhonn a chinntiú go mbeidh gaoth amach ón gcósta á seachadadh go héifeachtach, go mbaintear an oiread tairbhe agus is féidir as na buntáistí eacnamaíocha agus sochaíocha a eascraíonn as an tionscal seo, agus go bhfuil forbairt na hearnála ORE ailínithe le hobair atá á déanamh chun bithéagsúlacht mhuirí a fheabhsú agus a chosaint. Ag croílár na hoibre seo tá plean comhdhlúite a fhorbairt agus maoirseacht a dhéanamh air, gach gníomhaíocht atá á déanamh i ranna agus gníomhaireachtaí a thiomsú chun seachadadh gaoithe amach ón gcósta a chinntiú. An Clár Fuinnimh Gaoithe Amach ón gCósta a thugtar air seo, a bhfuil deich Shruth Oibre san áireamh ann.

| | |
|---|---|
| **Sruth Oibre 1** | **Pleanáil agus Toiliú Muirí, agus Bithéagsúlacht – RCAC:** Freagracht as beartas agus reachtaíocht mhuirí, agus tacú le húdaráis phleanála le reachtaíocht agus treoirlínte a bhaineann le forbairt gaoithe amach ón gcósta. Ailíniú a chinntiú idir forbairt agus gníomhaíochtaí gaoithe amach ón gcósta chun an timpeallacht mhuirí a chosaint agus a chaomhnú; agus toiliú agus ceadúnú na forbartha gaoithe amach ón gcósta. |
| **Sruth Oibre 2** | **Creat don Todhchaí – RCAC:** Tacú le forbairt bheartas agus straitéis ORE i ndiaidh 2030, lena n-áirítear príomh-gharspriocanna do ghaoth agus hidrigin amach ón gcósta ar snámh. |
| **Sruth Oibre 3** | **Cumarsáid ORE – RCAC:** Cumarsáid straitéiseach a chomhordú maidir leis gClár Fuinnimh Ghaoithe Amach ón gCósta agus rannpháirtíocht leis an bpobal agus le gach páirtí leasmhar ábhartha a éascú. |
| **Sruth Oibre 4** | **Scéim Tacaíochta ORE – RCAC:** Ceantanna ORESS a dhearadh agus a chur chun feidhme (i.e., an bealach chun margaidh). |
| **Sruth Oibre 5** | **EirGrid:** Nascadh leis an ngreille lena n-áirítear ceadúnú/rialúchán: Forbairt gach tionscadal greille a theastaíonn i gcomhair 2030. |

| | |
|---|---|
| **Sruth Oibre 6** | **Beartas Iompair Mhuirí agus Calafort Tráchtála – An Roinn Iompair:** Tacú le forbairt bonneagair chun an oiread úsáide agus is féidir a bhaint as calafoirt na hÉireann, agus treoir a thabhairt maidir le sábháilteacht loingseoireachta, rialú ar thruailliú agus freagairt éigeandála. |
| **Sruth Oibre 7** | **An Slabhra Soláthair – RCAC, FÉ, GFT Éireann:** Tacú le rioscaí a mhaolú a bhaineann le slabhra soláthair fhorbairt na gaoithe amach ón gcósta agus lántairbhe a bhaint as deiseanna eacnamaíocha an fhuinnimh gaoithe amach ón gcósta do ghnólachtaí Éireannacha. |
| **Sruth Oibre 8** | **Scileanna agus Foireann Oibre – RBATNE:** Tacú leis an acmhainn scileanna agus foireann oibre a theastaíonn ón earnáil gaoithe amach ón gcósta a fhorbairt chun a chinntiú gur féidir leis na Stát lántairbhe a bhaint as an earnáil. |
| **Sruth Oibre 9** | **Fáil Sonraí – RCAC:** Le sruthanna suirbhéireachta agus sonraí. |
| **Sruth Oibre 10** | **Ainmniúcháin DMAP – RCAC:** Tacú leis an obair a bhaineann le cinneadh a dhéanamh faoi na réimsí ginearálta inar féidir tionscadail ORE a fhorbairt. |

Tá tuilleadh eolais faoin Tascfhórsa le fáil ag gov.ie.

# Appendix D Dea-chleachtas Idirnáisiúnta

Mar chuid dá thaighde chun bonn eolais a chur ar fáil d'fhorbairt na Straitéise seo, choimisiúnaigh RCAC 'Anailís Chomparáideach ar Straitéisí Tráchtálaithe Idirnáisiúnta na Gaoithe Amach ón gCósta'. San áireamh sa staidéar, a chuir Everoze Partners Limited i gcrích, bhí anailís ar chuir chuige tráchtálaithe i gcúig dhlínse le tionscail ghníomhacha gaoithe amach ón gcósta. Tá achoimre ar na príomhthorthaí infheidhme le fáil thíos.

Bhí acmhainní ag **Albain** sa slabhra soláthair ola agus gáis cheana féin mar aon le taithí ar longchlóis agus oibriú miotail. Chabhraigh scileanna agus eolas inaistrithe léi a tionscal gaoithe amach ón gcósta a fhorbairt ag scála ó 2009 ar aghaidh.

- Tá uirlisí as ar fud na Ríochta Aontaithe úsáidte ag Albain cosúil leis an gComhpháirtíocht Fáis Gaoithe Amach ón gCósta agus as ORE Catapult chun a cumas nuálaíocht a dhéanamh a fheabhsú. Is ionad nuálaíochta é ORE Catapult atá i mbun gníomhaíochta ar fud na Ríochta Aontaithe agus tá oibríochtaí aige in Albain, i nGlaschú agus in Obar Dheathain. In 2022, bhunaigh ORE Catapult, i gcomhpháirt le hOllscoil Obar Dheathain, Ionad Teicneolaíochta Aeráid-Neodrach agus an earnáil thionsclaíoch, Ionad Nuálaíochta Náisiúnta na Gaoithe Amach ón gCósta Ar Snámh chun dlús a chur le tráchtálú theicneolaíocht na gaoithe amach ón gcósta ar snámh.
- Tá dhá bhraisle gaoithe amach ón gcósta in Albain, Deepwind agus Forth&Tay, atá le cumasc i mbraisle náisiúnta amháin. Ba cheart go gcabhródh comhdhlúthú chun gníomhaíocht agus nuálaíocht na gaoithe amach ón gcósta a lárú agus ba cheart go bhfeabhsódh sé comhoibriú agus rannpháirtíocht ar fud na tíre.
- Chruthaigh Grúpa Creata Comhoibríoch, faoi stiúir Chéad Aire na hAlban, próiseas Shamhail Infheistíochta Straitéisí na hAlban. Is é an aidhm atá leis an tsamhail, trí iarrachtaí comhpháirteacha, infheistíocht a fháil sula bhforbraítear conarthaí cinnte. Ceadaíonn sé do thionscadail gaoithe amach ón gcósta comhoibriú lena chéile, cabhraíonn sé le calafoirt agus le cuideachtaí slabhra soláthair riosca a mhaolú agus déileáil le bearnaí maoinithe chun tacú le cinntí infheistíochta deiridh agus dóthain ama a thabhairt chun tacú le seachadadh.[48]

Tá cáil idirnáisiúnta ar an **Ísiltír** as a cumas dlús a chur lena tionscal gaoithe amach ón gcósta go tapa.

- Bhí braisle mhuirí bunaithe san Ísiltír cheana a d'úsáid sí chun a braisle tionscail gaoithe amach ón gcósta a fhorbairt, Oibreacha Gaoithe agus Uisce, a bhfuil sainchúram náisiúnta aici. Ba í Gníomhaireacht Fiontair na hÍsiltíre (RVO) a d'fhorbair agus a mhaoinigh an bhraisle seo ar dtús i ndlúthchomhar leis an tionscal. Tá Oibreacha Gaoithe agus Uisce á bhainistiú ag grúpaí tionscail príobháideacha anois ach tá dlúthnasc aige leis an rialtas fós.
- Chuir Oibreacha Gaoithe agus Uisce cleachtadh mapála ar shlabhra soláthair na hÍsiltíre i gcrích: Treoir Gaoithe

Amach ón gCósta na hÍsiltíre 2024. Tá an slabhra soláthair náisiúnta mapáilte i gcomparáid le próiseas forbartha na gaoithe amach ón gcósta, agus tá uirlis úsáideach cruthaithe d'fhorbróirí ag gach céim d'fhorbairt tionscadail.

47. Tá NDC agus ORE Catapult páirteach i gcomhpháirtíocht taighde gaoithe amach ón gcósta ar snámh | Nuacht | Ollscoil Obar Dheathain (abdn.ac.uk)

48. I rith Chéim 1 de SIM roghnaíodh 38 tionscadal, a raibh luach £9 billiún d'infheistíocht chaipitil phoitéinsiúil luaite leo, agus tá infheistíocht chalafoirt san áireamh freisin, monarchana nua agus IDC poitéinsiúla uasleibhéil. Tá sé beartaithe tús a chur le Céim 2 ag tús 2024..

- San Ísiltír tá timpeallacht cruthaithe ina bhfuiltear ag tacú le nuálaíocht. Tá láithreáin tástála éagsúla, amach ón gcósta agus ar an talamh, ar fáil chun teicneolaíochtaí nua a thástáil. Tá nuálaíocht spriocdhírithe chun

dul chun tairbhe tionscadal amach anseo, agus cumasaíonn nádúr aonchineálach láithreáin ghaoithe amach ón gcósta na hÍsiltíre é seo. [49]

- Maolaíonn tionscnamh bailithe sonraí Rialtas na hÍsiltíre rioscaí tionscadail agus feabhsaíonn sé inseachadtacht. Bailítear sonraí suirbhé amach ón gcósta thar ceann Rialtas na hÍsiltíre agus cuirtear na sonraí seo ar fáil do gach tairgeoir. Tá na sonraí seo ar fáil ar thairseach sonraí náisiúnta anois.

Gheall **an Fhrainc** tionscal gaoithe amach ón gcósta a bhunú agus a fhorbairt ar shlí a bheadh bunaithe ar chur chuige láidir a bhfuil an Stát freagrach as.

- Thug an Fhrainc sainordú do dhiancheanglais ábhair áitiúla, a bhféadfadh costas ard a bheith luaite leo, ach a cheadaigh don Fhrainc, tír ina bhfuil slabhra soláthair íosta faoi láthair, feidhmiú mar mhargadh gaoithe amach ón gcósta bunaithe.
- D'úsáid an Fhrainc braisle chun príomhréimsí deise a shainaithint agus a fhorbairt don ghaoth amach ón gcósta. Tá a sé bhraisle ailínithe ag comhghuaillíocht idirbhraisle: Athnuaiteáin Amach ón gCósta na Fraince. Cumasaíonn na braislí comhoibriú idir gníomhaireachtaí réigiúnacha, agus díríonn siad ar fhorbairt sna réigiúin, calafoirt agus cuideachtaí áitiúla.[50]
- D'aithin an Fhrainc go raibh dlínsí eile bunaithe cheana féin in earnáil na gaoithe amach ón gcósta fosaithe. Dá réir sin, rinne sí go leor infheistíochta d'fhonn a chinntiú go mbeadh sí ag feidhmiú mar cheannaire luath i

réimse na gaoithe amach ón gcósta ar snámh, trí cheithre láithreán taispeántóra 24MW a thairiscint le fóirdheontais fhlaithiúla. Táthar ag súil go ndíreofar ar choimisiúnú na gcéad trí thionscadal seo in 2024.[51]

49. Treoir Nuálaíochta Ghaoth Amach ón gCósta na hÍsiltíre 2024 (rvo.nl)
50. Athnuaiteáin Amach ón gCósta na Fraince
51. Gaoth amach ón gcósta ar scála domhanda: An Fhrainc | Dlíghnólacht domhanda | Norton Rose Fulbright

Buntáiste a bhain leis an **Téaváin** go raibh moil shuntasacha déantúsaíochta agus slabhra soláthair inti ó thionscail eile ach ní raibh aon saineolas ar ghaoth amach ón gcósta sa tír.

- Rinne Rialtas na Téaváine idirghabháil i ndáil le húsáid a bhaint as tionscal áitiúil na gaoithe amach ón gcósta trí bheartais chomhchruinnithe a fhorfheidhmiú agus in 2017, cuireadh Plean Promóisin Fuinnimh Gaoithe ceithre bliana i bhfeidhm chun dlús a chur le forbairt an tionscail gaoithe amach ón gcósta.[52] Ba é an aidhm a bhí leis an bplean seo ná corparáidí idirnáisiúnta a spreagadh chun infheistíocht a dhéanamh i bhforbairt áitiúil gaoithe amach ón gcósta agus comhoibriú le soláthraithe áitiúla a spreagadh trí Tharaifí Dreasachta agus Ceanglais Ábhair Áitiúil, a spreag neart forbróirí idirnáisiúnta a bhí sásta tacú le forbairt bonn eolais agus saineolais áitiúil. [53]
- Tá ardchlár braislithe forbartha ag an Téaváin, a thacaíonn go sonrach le braislí gaoithe amach ón gcósta trí thionscnaimh cosúil le Plean Promóisin an Tionscail Fuinnimh Gaoithe Amach ón gCósta de chuid an Bhiúró Forbartha Tionsclaíche. Is é aidhm an chláir seo ná timpeallacht a chruthú ina mbíonn cóngaracht mar bhonn le breis comhoibrithe, costais laghdaithe agus breis nuálaíochta sa slabhra soláthair. Tá dhá phríomh-mhol braisle gaoithe amach ón gcósta suite mórthimpeall ar Taichung agus Changhua, a bhí mar bhonn le hinfheistíochtaí i gcóimeáil lann agus naoisilí ag na suíomhanna seo.
- Tá cáil idirnáisiúnta ar an Téaváin mar gheall ar a tiomantas don nuálaíocht. Thacaigh an Téaváin le taighde

comhoibríoch, comhoibriú le cuideachtaí idirnáisiúnta agus institiúidí taighde chun comhpháirtíochtaí domhanda a fheabhsú. Tá roinnt láithreán taispeántóra ag an Téaváin a bhfuil béim á leagan iontu ar theicneolaíocht fhosaithe agus ar snámh.

52. Chien, Ker-Hsuan. (2019). Pacing for Renewable Energy Development: The Developmental State in Taiwan's Offshore Wind Power. Annals of the American Association of Geographers. 10.1080/24694452.2019.1630246.
53. Ibid.

Tá **SAM – Maryland**[54] an-tiomanta don tionscal gaoithe amach ón gcósta a fhorbairt ag leibhéal stáit agus feidearálach.

- Tá obair á déanamh faoi láthair a bhfuil sé mar aidhm léi braisle gaoithe amach ón gcósta a bhunú go foirmiúil in Maryland. Tá infheistíocht déanta ag an Stát in anailís inniúlachta áitiúil agus i mbunachar sonraí soláthraithe agus é mar aidhm tacú le slabhra soláthair agus iarracht bhraisle. Cabhróidh na huirlisí seo lena chinntiú go mbeidh acmhainn an tslabhra soláthair áitiúil soiléir in intinn forbróirí ionchasacha, agus cumasóidh siad infheistíocht spriocdhírithe.
- Éilíonn critéir léasaithe solúbtha cáilíochtúla Maryland ar fhorbróirí oibriú ar bhonn réamhghníomhach le ceardchumainn oibrithe agus ar mhaithe le caiteachas áitiúil a uasmhéadú. Ceadaíonn solúbthacht sna critéir mheastóireachta le forbróirí iarrachtaí ábhair áitiúla a dhíriú ar inniúlachtaí sonracha agus ábhartha atá ann cheana féin. Chomh maith leis sin, bhí tacaíocht réamhghníomhach Stáit d'fhorbróirí mar bhonn le gealltanais láidre infheistíochta áitiúla do tháirgeadh cruach, túir agus bonnsraithe, acmhainn chábla O&C mar aon le feabhas ardleibhéil ar an mbonneagar calafoirt.
- Tacaíonn tionscnaimh fheidearálacha ar bhonn gníomhach le hábhar áitiúil trí dhreasachtaí cánach a thairiscint trí roinnt meicníochtaí cosúil le hAcht um Boilsciú a Laghdú SAM, a sholáthraíonn dreasachtaí cánach chun an slabhra soláthair bhaile a spreagadh, agus scéim Creidmheasa Táille Oibriúcháin an Ábhair Áitiúil, a thairgeann lacáiste 50% ar tháillí oibriúcháin i gcomhair 5 bliana má tá comhpháirteanna á dtáirgeadh sa bhaile i rith an léasaithe.
- Bunaíodh Ionad Nuálaíochta Gaoithe Amach ón gCósta Maryland in 2016 le cabhair ó mhaoiniú stáit agus páirteach ann tá taighdeoirí ó chúig ollscoil i Maryland. Is í uaillmhian choiteann an Ionaid ná an costas a bhaineann le gaoth amach ón gcósta in Maryland a laghdú agus go ginearálta, eolas agus nuálaíocht bhunúsach eolaíochta, innealtóireachta agus eacnamaíoch a mhéadú chun tacú le tionscal gaoithe amach ón gcósta, náisiúnta agus rathúil, a fhorbairt sna Stáit Aontaithe.[55] Chomh

maith leis sin, tá sainordú déanta maidir le nuálaíocht ag leibhéal feidearálach agus, in 2022, d'fhógair Roinn

Fuinnimh SAM an Tionscnamh Gaoithe Amach ón gCósta ar Snámh chun dlús a chur le ceannaireacht SAM i ndáil le dearadh, forbairt agus déantúsaíocht na gaoithe amach ón gcósta ar snámh.[56]

54. Níor scrúdaíodh ach Stát Maryland mar chuid den taighde seo.
55. WINDExchange: Maryland Universities Form National Offshore Wind Innovation Center (energy.gov)
56. Dlús a chur le Fuinneamh Gaoithe Amach ón gCósta sna Stáit Aontaithe

# Appendix E TF&N Cláir agus Tacaíochtaí

## Cláir Agus Tacaíochtaí Feé

Tá neart taithí ag FEÉ ar thacú go héifeachtach le dlúth-chomhoibriú idir Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide, ilnáisiúntaigh agus institiúidí breisoideachais agus ardoideachais trí roinnt dá sruthanna maoinithe. I measc na gclár taighde atá ag tacú le taighde ceannródaíoch i réimse an fhuinnimh, na haeráide agus na hinbhuanaitheachta faoi láthair tá:

- Chruthaigh **Clár Ionad Taighde FEÉ** timpeallacht ina bhfuil comhoibriú ilinstitiúide agus ildisciplíneach ag tarlú mar ghnáthrud anois, timpeallacht ina nglacann an lucht acadúil páirt i dtionscadail taighde chomhoibríocha le tionscail dhúchasacha agus ilnáisiúnta chun taighde idirnáisiúnta ceannródaíoch a dhéanamh, agus chun tacú le teicneolaíochtaí agus forbairtí ceannródaíocha. Chomh maith leis sin, meallann siad daoine cumasacha as ar fud an domhain agus forbraíonn siad foireann oibre na todhchaí. Seoladh gairm ar ionad taighde nua le déanaí agus fáiltíodh roimh iarratais a bhí bunaithe ar an téama seo a leanas - Fuinneamh, Aeráid agus Inbhuanaitheacht. Fógrófar torthaí na gairme seo in 2025.
- Is feithicil é **clár dámhachtana Spoke FEÉ** (gairm rollach oscailte d'Ionaid Taighde FEÉ atá bunaithe cheana féin) chun comhpháirtithe agus tionscadail thionsclaíocha agus acadúla nua a chur ar fáil in Ionaid Taighde FEÉ atá bunaithe cheana féin, agus chun deis a thabhairt d'ionaid fás agus forbairt de réir tosaíochtaí agus deiseanna nua. Feabhsaíonn sé cumas Ionaid Taighde FEÉ tionchar geilleagrach agus sochaíoch suntasach a imirt ar son na hÉireann.
- Tá sé mar aidhm le **Clár Comhaltachta TF&N Tionscail FEÉ** tacú le hidirghníomhaíochtaí acadúla-tionscail chun measúnú a dhéanamh ar dhúshláin a bhaineann leis an tionscal. Is féidir dámhachtainí faoin gclár seo a bhronnadh ar thaighdeoirí acadúla (ag leibhéal dáimhe agus iardhochtúireachta) ar mian leo am a chaitheamh ag obair san earnáil thionsclaíoch ar fud an domhain. Éascaíonn sé socrúchán sealadach taighdeoirí acadúla le comhpháirtí tionscail.
- Is meicníocht sholúbtha í **Clár Comhpháirtíochta Straitéiseach FEÉ** (gairm rollach) a thugann deis do thaighdeoirí acadúla comhoibriú le príomhpháirtithe leasmhara, cosúil leis an earnáil thionsclaíoch, gníomhaireachtaí maoinithe eile, carthanachtaí, eagraíochtaí daonchairdiúla, institiúidí ardoideachais (IAO), nó meascán de cheann ar

bith acu seo.

- Tacaíonn **bonneagar taighde** leis an bpobal taighde an acmhainn bhonneagair riachtanach a chur ar fáil chun taighde ardchaighdeáin, ardtionchair agus nuálach a dhéanamh sna réimsí eolaíochta, teicneolaíochta, innealtóireachta agus matamaitice, a fheabhsaíonn agus a thacaíonn le hiomaíochas fiontair agus forbairt shochaíoch in Éirinn.
- Éascaíonn **ciste an Dúshláin Náisiúnta** foirne ildisciplíneacha taighdeoirí agus nuálaithe chun déileáil le dúshláin shochaíocha náisiúnta agus dhomhanda chun tacú leis an aistriú glas.

## Tacaíochtaí Fhiontraíocht Éireann

Tairgeann FÉ raon leathan tacaíochtaí do chuideachtaí dúchasacha atá ag feidhmiú i ngach earnáil.
Seo thíos roinnt samplaí den tacaíocht a thairgeann FÉ:

- **Ciste T&F:** (Cothromas) – Soláthraíonn foireann Gnólachtaí Nuathionscanta Ardacmhainne (GNAA) FÉ tacaíocht agus comhairle phraiticiúil d'fhiontraithe agus do chuideachtaí luathchéime a shíleann FÉ a bhfuil an poitéinseal acu díolacháin idirnáisiúnta a dhéanamh agus fostaíocht a chruthú trí tháirge, seirbhís nó teicneolaíocht nuálach. Tairgtear tacaíocht chothromais agus Nótaí Iasachta In-chomhshóite le haghaidh GNAA.
- **Deontais T&F:** Soláthraíonn tacaíochtaí T&F cuideachta FÉ tacaíocht le haghaidh taighde, forbairt agus nuálaíocht theicneolaíoch ábhartha ag gach céim d'fhorbairt na cuideachta, chun cur ar chumas cuideachtaí dul chun cinn a dhéanamh bunaithe ar thionscadal taighde tosaigh agus ansin díriú ar nuálaíocht agus gníomhaíochtaí T&F ag leibhéal níos airde. Tá T&F á mhaoiniú chun tacú le tionscadail ionchuideachta a bhfuil an poitéinseal acu táirgí agus seirbhísí núíosacha a fhorbairt a bhfuil buntáiste iomaíoch soiléir acu ina spriocmhargadh. Cuirfidh sé seo ar chumas cuideachtaí fostaíocht a mhéadú trí dhíolacháin a mhéadú ar bhealach inbhuanaithe. Ceadaíonn Ciste Nuálaíochta Agile, mar shampla, suas le 50% de thacaíocht do thionscadail a bhfuil costas iomlán uasta de €300,000 luaite leo agus is féidir iad a cheadú go mear.
- Tá ról tábhachtach ag **Ciste Nuálaíochta um Theicneolaíochtaí Bunathraitheacha (CNTB)** an Rialtais, atá á riar ag FÉ, i dtacú le fiontair in Éirinn chun tairbhe a bhaint as na deiseanna fiontair a bhaineann le 'teicneolaíochtaí bunathraitheacha' trí thionscadail chomhoibríocha a dhírioscú. Is féidir leis na tionscadail ar fad tairbhe a bhaint as an maoiniú chun a dteicneolaíochtaí bunathraitheacha a fhorbairt agus a imlonnú ar bhonn tráchtála, agus a gcumas freagairt do na deiseanna agus dúshláin a bhaineann le huathoibriú agus digitiú méadaithe a athrú ó bhonn. Tá comhoibriú idir gnólachtaí nuathionscanta, FBManna, ilnáisiúntaigh agus institiúidí acadúla i gceist le gach tionscadal agus ní mór go mbeadh FBM amháin ar a laghad san áireamh.

## Cláir Fhiontraíocht Éireann

Chomh maith leis sin, tairgeann FÉ cláir a bhfuil sé mar aidhm leo an leibhéal gníomhaíochtaí comhoibríoch T&F idir an earnáil thionsclaíoch agus an lucht acadúil a mhéadú. I measc na gclár den chineál sin tá:

- Éascaíonn tionscnaimh an **Dearbháin Nuálaíochta** rochtain chuideachta ar sholáthraithe eolais na gcoláistí tríú leibhéal agus go minic is é seo an chéad chéim d'aistear nuálaíochta cuideachta. Cuirtear dearbháin luach €5,000 (€10,000 go luath) ar fáil do ghnólachtaí beaga chun buneolas maidir le nuálaíocht a roinnt leo, chun iad a nascadh le líonra de sholáthraithe eolais, ó Thuaidh agus ó Dheas den teorainn.
- Tairgeann **Comhpháirtíochtaí Nuálaíochta** tacaíocht airgeadais do chuideachtaí atá i mbun tionscadal taighde comhoibríoch le hOllscoileanna agus Ollscoileanna Teicneolaíocha Éireannacha; Cuireann FÉ deontais ar fáil de suas le 80% de chostais incháilithe an tionscadail taighde.
- Tacaíonn **Clár an Ionaid Teicneolaíochta** le bunú agus cothabháil naoi n-ionad a bhfuil sé mar aidhm leo dlúth-idirghníomhaíochtaí a bhunú le cuideachtaí. Is é an aidhm atá ann ná eolas agus scileanna maidir le teicneolaíochtaí atá ábhartha do ghnóthaí a aistriú. Ceadaíonn sé do ghrúpaí tionscail clár taighde a mbaineann luach tráchtála leis a bhunú a mbeidh taighdeoirí acadúla san ionad teicneolaíochta in ann díriú air.
- Soláthraíonn **Tairseacha Teicneolaíochta** tacaíocht le haghaidh líonraí taighde feidhmigh in Ollscoileanna Teicneolaíocha agus in Institiúidí Teicneolaíochta. Is é an aidhm atá leis an gclár seo ná forbairt a dhéanamh ag scála atá oiriúnach chun deis a thabhairt dóibh tionchar a imirt ar an earnáil thionsclaíoch ina gcomharsanacht féin. Tá Clár Tairseach Teicneolaíochta Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE) seolta, agus tá 17 dTairseach bunaithe anois. Tá an Tairseach Chreidmheasa i nDún Dealgan an-ábhartha de bhrí go soláthraíonn sí saineolas teicneolaíoch i réimse Fhuinneamh na Gaoithe & an Fhuinnimh Dáilte; Saor ó Charbón & Barrfheabhsú Fuinnimh; agus Comhtháthú Fuinnimh chun réitigh a fhorbairt do riachtanais gar don mhargadh earnáil thionsclaíoch agus ghnó na hÉireann a fhorbairt.
- Soláthraíonn an clár **New Frontiers** oiliúint, tacaíocht agus meantóireacht d'fhiontraithe ar mian leo dlús a chur le forbairt a ngnóthaí nua.
- San áireamh i gclár **na Mol Eorpach maidir leis an Nuálaíocht Dhigiteach** (MEND), a bhfuiltear ag tacú leis ó 2022, bhí ceithre MEND a bhunú a bhfuil sé mar aidhm leo an tairbhe atá á baint ag an tionscal (FBManna go háirithe) as IS, mar aon le ríomhaireacht ardfheidhmíochta, cibearshlándáil agus ardscileanna digiteacha agus teicneolaíochtaí digiteacha eile a spreagadh. Is 'ionaid ilfhreastail' iad a sholáthraíonn rochtain ar shaineolas agus tástáil theicniúil, seirbhísí nuálaíochta cosúil le comhairle airgeadais, agus an oiliúint agus forbairt scileanna atá riachtanach do chlaochlú digiteach rathúil.

Chomh maith leis sin, déanann cláir FÉ iarracht tairbhe a bhaint as poitéinseal

tráchtála phobal taighde na hÉireann, rud a dhéantar ar na bealaí seo a leanas.

- Tacaíonn **Clár spáis ghorlainne** leis an gcostas a bhaineann le hionaid ghorlainne a fhorbairt agus a bhainistiú, ionaid atá nasctha le hOllscoileanna, Institiúidí Teicneolaíochta agus Ollscoileanna Teicneolaíocha. Spreagann siad seach-chuideachtaí teicneolaíochta a bhunú, comhoibriú struchtúrtha idir gnólachtaí sa cheantar agus an coláiste, a gcuid spriocanna a chomhlíonadh agus a fheabhsú, agus cláir agus tacaíochtaí a fhorbairt.
- Tacaíonn **tionscnaimh aistrithe eolais**, KT Boost go háirithe, le líonra de bhaill foirne tiomanta laistigh d'fheidhm tráchtálaithe institiúidí tríú leibhéal (Oifigí Nuálaíochta) d'fhonn a chinntiú go mbaintear an úsáid is fearr agus is féidir as aschur taighde a bhfuil poitéinseal tráchtála ag baint leis.
- Chomh maith leis sin, tacaíonn **Ciste Tráchtálaithe FÉ** le taighdeoirí in Institiúidí Ardoideachais agus ETnna tabhairt faoi thaighde lena mbaineann an poitéinseal tacú le tráchtálú nuálaíochtaí nua trí cheadúnais chun iomaíochas Thionscal na hÉireann a fheabhsú nó trí seachfhiontair nuathionscanta nua a bhunú.

## Údarás Fuinnimh Inmharthana Na Héireann (Seai)

Tá SEAI freagrach as maoiniú TF&N na hearnála fuinnimh in Éirinn. Chuir SEAI maoiniú stairiúil de bhreis is €20 milliún ar fáil don earnáil ORE idir 2004 agus 2018. San áireamh anseo bhí taighde ar theicneolaíochtaí cumasúcháin, cosúil le cáblú dinimiciúil agus teicneolaíochtaí cianmhonatóireachta, ardábhair, agus ní hamháin tacaíocht do theicneolaíochtaí fuinnimh aigéin. Lena chois sin, tá SEAI ag tacú le taighde san earnáil gaoithe amach ón gcósta le fada an lá. Sáraíonn tacaíocht don ghaoth amach ón gcósta, trí chlár TF&N SEAI, breis is €10 milliún ón mbliain 2019.

- Is páirtí conarthach náisiúnta é SEAI i gcláir um chomhar teicneolaíochta (CCTanna) IEA. Ina measc seo, tá CCT Gaoithe, CCT na gCóras Fuinnimh Aigéin (CFA) agus an CCT Hidrigine ábhartha le haghaidh ORE agus tá Éire páirteach iontu. Déanann SEAI ionadaíocht ar Éirinn ar choistí feidhmiúcháin na gclár taighde seo agus ceapann agus comhordaíonn sé rannpháirtíocht taighdeoirí Éireannacha i gcúraimí agus iarscríbhinní na dtosaíochtaí taighde comhordaithe atá sainaitheanta sna CCTanna.
- Chomh maith leis sin, is é SEAI an pointe teagmhála náisiúnta le haghaidh **Fís Eorpach, Colún 3 – Nuálaíocht Eorpach agus Fís Eorpach, Braisle Fuinnimh – Braisle 5** – atá dírithe ar aeráid, fuinneamh agus soghluaisteacht. Is dhá cheann scríbe iad seo atá dírithe ar fhuinneamh laistigh de Bhraisle 5. Ceann Scríbe 3: Soláthar fuinnimh inbhuanaithe, slán agus iomaíoch, a bhfuil sé mar aidhm leis tionchar a imirt i dtrí phríomhréimse: ceannaireacht dhomhanda san fhuinneamh in-athnuaite; córais fuinnimh, greillí agus stóráil; agus gabháil, úsáid agus stóráil charbóin. Ceann Scríbe 4: Úsáid fuinnimh éifeachtúil,

inbhuanaithe agus ionchuimsitheach, le béim ar nuálaíochtaí a spreagann éifeachtúlacht fuinnimh agus a laghdaíonn éileamh ar fhuinneamh i bhfoirgneamh agus sa tionscal. Chomh maith leis sin, cuireann SEAI comhairle ar fáil maidir le Comhpháirtíochtaí Teicneolaíochta Fuinnimh Ghlais a mhaoiniú.

- Tá an ghairm bhliantúil do **Chlár Maoinithe Náisiúnta Fuinnimh TF&N SEAI** oscailte don tionscal, comhlachtaí oideachais tríú leibhéal agus comhlachtaí poiblí agus leathstáit. Tá béim á leagan ar chomhoibriú idir an lucht acadúil agus an tionscal, nó comhlachtaí poiblí agus leathstáit, nó idir an dá ghrúpa. Is féidir maoiniú cothrom le suas le €1 mhilliún a chur ar fáil do thionscadail thar thréimhse 4 bliana. In 2022, cuireadh maoiniú luach €3 mhilliún ar fáil do thionscadail a bhain le OW, agus in 2023 cuireadh maoiniú luach €4.3 milliún ar fáil. Tá tuilleadh breithniúcháin á dhéanamh ar scéimeanna tacaíochtaí SEAI a fhorbairt chun tionscadail phíolótacha mhóra in-athnuaite a chur san áireamh. Tá bunachar taighde fuinnimh náisiúnta[57] ag SEAI a áirítear ann gach tionscadal maoinithe a bhaineann le fuinneamh, lena n-áirítear ní hamháin tionscadail atá á maoiniú ag SEAI ach tionscadail a bhaineann le fuinneamh atá á maoiniú go seachtrach freisin, agus i láthair na huaire tá 28 tionscadal a bhaineann leis an ngaoth amach ón gcósta liostaithe (tionscadail atá ar siúl go leanúnach nó críochnaithe).
- Chomh maith leis sin, tá SEAI freagrach as **bonneagar náisiúnta láithreán tástála ORE** i gcomhpháirt le MarEI agus Foras na Mara, chun tacú le forbairt teicneolaíochtaí trí leibhéil na hullmhachta teicneolaí (LUT) ar scála 1 go 10, ina gcuimsítear:
  - San áireamh i láithreán ar scála beag tá abhantrach dhomhain agus umair thástála ag saoráid Tástála Aigéin Náisiúnta LIR i gCorcaigh atá dírithe ar theicneolaíochtaí a bhaineann le LUTanna idir 1-3;
  - Láithreán meánscála ag Láithreán Tástála Fuinnimh In-athnuaite Muirí SmartBay i gCuan na Gaillimhe atá dírithe ar theicneolaíochtaí a bhaineann le LUTanna idir 4-6; agus
  - Láithreán tástála atá nasctha leis an ngreille le haghaidh teicneolaíochtaí atá ag na céimeanna deiridh d'fhorbairt réamhthráchtála ag AMETS atá dírithe ar theicneolaíochtaí a bhaineann le LUTanna idir 7 agus 10.
- Thionscain SEAI clár píolótach dar teideal **Clár Rochtana Tionscail in 2021** chun conair a sholáthar d'fhorbairt luathchéime theicneolaíochtaí ORE Éireannacha. Ba é príomhaidhm an chláir rochtana ná eolas a bhailiú faoi mhéid agus neart phíblíne na teicneolaíochta ORE in Éirinn agus díriú ar LUTanna níos airde ionas go mbeidís réidh do thástáil ar an bhfarraige oscailte. Ó 2022, is scéim tacaíochta iomlán atá ann agus bhí buiséad de €70,000 ar fáil le haghaidh 2023, agus is buiséad de €50,000 a bhí ar fáil sa chéad dhá bhliain thosaigh. D'oibrigh Lir le 33 cuideachta forbartha ORE Éireannacha atá ag feidhmiú faoi LUT 4 mar chuid den Chlár Rochtana Tionscail. I rith an phróisis meastóireachta, tugtar tús áite d'iarrthóirí nua. Is fianaise é an líon cobhsaí iarratas ar an éileamh

57. Bunachar Sonraí Taighde Fuinnimh Náisiúnta | Sonraí & Léargas | SEAI ar fáil anseo: https://www.seai.ie/data-and-insights/seai-research/research-database/
58. AFLOWT: An Plean Forbartha Gaoithe Amach ón gCósta ar Snámh

suntasach atá ar ghairm.

- Glacann SEAI páirt i dtionscadail taighde a thacaíonn le forbairt ORE trí chomhordú, éascú nó forbairt bonneagair. I measc na dtionscadal Eorpach a cuireadh i gcrích le déanaí bhí LNCA (Líonra Nuálaíochta na Cumhachta Aigéin) agus AFLOWT (Dlús a chur le glacadh an mhargaidh le Teicneolaíochtaí Gaoithe Amach ón gCósta ar Snámh). Maidir le AFLOWT, rinne SEAI comhchathaoirleacht (i dteannta le hInstitiúid Fraunhofer um Chórais Fuinnimh Ghaoithe) ar an mbord comhairleach a chuir an *Plean Forbartha Gaoithe Amach ón gCósta ar Snámh*[58] i dtoll a chéile in 2023.

## Foras Na Mara (MI)

Is iad feidhmeanna Fhoras na Mara, de réir na reachtaíochta, an méid seo a leanas a dhéanamh, "taighde agus forbairt mhuirí a dhéanamh, a chomhordú, a chur chun cinn agus tacú lena leithéid agus cibé seirbhísí a bhaineann le taighde agus forbairt mhuirí a chur ar fáil a thacóidh le forbairt gheilleagrach, a chruthóidh fostaíocht agus a chosnóidh an timpeallacht mhuirí i dtuairim an Fhorais" (Acht Foras na Mara, 1991).

- Mar Mhaoinitheoir Taighde, bainistíonn MI an **Clár Náisiúnta um Thaighde Muirí**, a chuireann maoiniú ar fáil d'earnáil mhuirí na hÉireann trí ghairmeacha iomaíocha. Cuirtear maoiniú ar fáil do thaighde muirí atá dírithe ar thosaíochtaí straitéiseacha náisiúnta, lena n-áirítear iad siúd atá sonraithe in Tionchar 2030.
- Riarann MI maoiniú an chláir náisiúnta um thaighde muirí ar bhonn iomaíoch. Bronntar maoiniú taighde ar bhonn iomaíoch le haghaidh T&F muirí 'feidhmeach' de réir na gcuspóirí atá leagtha amach i straitéisí náisiúnta. Riarann agus bainistíonn MI na catagóirí maoinithe seo a leanas:
    - **Dámhachtainí Tionscadail:** Tionscadail Taighde Straitéiseacha, Tionscadail Taighde Fheidhmeacha, Tionscadail Taispeána agus Staidéar Deisce/Féidearthachta;
    - **Dámhachtainí Taighdeora:** Ceapacháin Taighde Straitéiseacha, Acmhainn Taighde/Forbairt Inniúlachta, Comhaltachtaí Iardhochtúireachta agus Scoláireachtaí PhD;
    - **Dámhachtainí Taighde Tionscaltreoraithe:** Dámhachtainí Cuideachta agus Dámhachtainí Comhoibríocha; agus
    - **Dámhachtainí Bonneagair:** Fáil Bonneagair agus Rochtain ar Bhonneagar, e.g., Am Loinge ar bord Árthaí Taighde Náisiúnta agus Láithreán Tástála SmartBay i gCuan na Gaillimhe.
- Mar Thionscnóir, Comhordaitheoir agus Catalaíoch Taighde, comhordaíonn agus tacaíonn MI le taighde muirí, agus tugann sé le chéile lucht tionscail, institiúidí ardoideachais agus comhlachtaí rialtais chun tacú le geilleagar eolais agus earnáil mhuirí na hÉireann a fhorbairt.
- Soláthraíonn MI roinnt seirbhísí a bhaineann le forbairt acmhainn mhuirí fhairsing na hÉireann. Go sonrach, tá IMDO dírithe ar fhorbairt agus cur chun cinn na hearnála loingseoireachta agus iompair mhuirí. Lena chois sin, téann MI i mbun dlúth-idirchaidrimh le gníomhaireachtaí forbartha náisiúnta chun lántairbhe a bhaint as poitéinseal eacnamaíoch na n-earnálacha muirí atá bunaithe cheana féin (e.g., bia mara) agus

earnálacha muirí atá ag forbairt (e.g., ORE).

- Chomh maith leis sin, oibríonn MI i ndlúthchomhar le FÉ chun tacú le 'Éire Mhuirí' agus chun é a chur chun cinn, e.g., trí **Líonra Tionscail Mhuirí na hÉireann** (MIIN). Páirteach in MIIN tá grúpa de chuideachtaí, eagraíochtaí stáit, grúpaí taighde agus institiúidí ardoideachais éagsúla, atá ag obair i ngeilleagar gorm na hÉireann. Bunaíodh MIIN in 2016 agus é mar aidhm leis, go leor gnéithe d'Éire Mhuirí a thabhairt le chéile. Ó bunaíodh é, d'fheabhsaigh sé an tuiscint fhoriomlán ar acmhainní muirí na hÉireann, na seirbhísí agus táirgí atá á dtairiscint agus na margaí a bhfuiltear ag freastal orthu.
- D'fhorbair MI bonneagar taighde mhuirí den chéad scoth, lena n-áirítear Ceanncheathrú & Coimpléasc Saotharlainne (54 saotharlann) in Órán Mór, Co. na Gaillimhe; dhá Árthach Taighde Náisiúnta ilfheidhmeacha; feithicil chianrialaithe (ROV); láithreán tástála SmartBay i gCuan na Gaillimhe; raon trealaimh eolaíoch speisialaithe agus saoráidí bainistíochta sonraí.
- Sa tréimhse idir 2014 agus 2023, d'infheistigh MI €4.5 milliún i dtaighde a bhain le téama an fhuinnimh in-athnuaite aigéin. Seolfaidh MI an chéad ghairm tionscaltreoraithe eile i mí Aibreáin 2024, agus tá sé beartaithe infheistíocht luach €2.5 milliún a chur ar fáil.
- Le cois am árthaigh taighde agus rochtain ar shaoráid tástála do ghléasanna beaga ORE atá le tástáil in-situ, is acmhainn thábhachtach iad na bunachair sonraí stairiúla atá i seilbh MI agus comhpháirtithe cosúil le Met Éireann agus SEAI do thaighdeoirí chun rochtain a fháil orthu, mar aon le bailiú leanúnach sonraí comhshaoil agus aigéaneolaíochta trí chláir mhonatóireachta.

## Tionscnaimh Eile

### Maoiniú - CISÉ agus Bannaí Glasa

Bainistíonn Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (GBCN), Ciste Infheistíochta Straitéisí na hÉireann (CISÉ) ar fiú thart ar €15 billiún é. Leanfaidh CISÉ ar aghaidh le hinfheistíocht a dhéanamh i ndlús a chur le forbairt inbhuanaithe gheilleagar na hÉireann. I mí Meithimh 2022, seoladh *Ráiteas Tionchair CISÉ* leasaithe, agus tá aeráid san áireamh ann mar cheann dá cheithre phríomhthéama infheistíochta. Is í straitéis aeráide CISÉ infheistíochtaí a dhéanamh a chabhróidh le seasamh na hÉireann geilleagar carbóin glan-nialasach a chinntiú mar a shamhlaítear sa *Phlean Náisiúnta um Ghníomhú ar son na hAeráide* agus athléimneacht gheilleagar na hÉireann a fheabhsú de réir mar a athraíonn an margadh domhanda agus mar a dhíríonn sé ar chleachtais ghnó inbhuanaithe. Cuimsítear i straitéis aeráide CISÉ infheistíochtaí i rudaí éagsúla lena n-áirítear bonneagar inbhuanaithe agus teicneolaíochtaí agus samhlacha gnó nua a bheidh mar bhonn leis an aistriú chun aeráidneodracht sna príomhfheidhmeanna astaithe carbóin den gheilleagar: leictreachas, iompar, foirgnimh, talmhaíocht agus an fiontar trí chéile.

I measc na samplaí d'infheistíochtaí atá déanta ag CISÉ tá:

- Gealltanas a thabhairt d'ardán aeráide Generation Investment Management, Just Climate, a dhéanann iarracht tionchar aeráide a spreagadh ag scála in earnálacha ar deacair iad a dhícharbónú.
- Infheistíocht a dhéanamh i gcistí Comhpháirtithe Energy Impact chun rochtain cuideachtaí Éireannacha luathchéime agus fáis ar na foinsí cearta caipitil a fheabhsú.
- Chomh maith leis sin, tá infheistíocht déanta ag CISÉ i gciste Temporis Aurora agus Greencoat Renewables - dhá chuideachta shuntasacha i réimse bhonneagar athnuaiteáin na hÉireann.

Is uirlisí luachmhara do rialtais iad bannaí glasa sonracha a d'fhéadfadh cabhrú le héagsúlú agus le costas caipitil tionscadal glas a laghdú trí infheisteoirí nua a mhealladh agus, faoi réir dearaidh, d'fhéadfaidís dlús a chur freisin le caipiteal príobháideach a d'fhéadfaí a úsáid le haghaidh tionscadal inbhuanaithe san earnáil phríobháideach agus chun an margadh d'airgeadas inbhuanaithe a fhorbairt.

Mar shampla, ag deireadh 2021, d'fhógair Ciste Infheistíochta Straitéisí na hÉireann (CISÉ) GBCN clár infheistíochta um ghníomhú ar son na haeráide cúig bliana luach €1 bhilliún. Go dtí seo, ghin eisiúint bannaí glasa ceannasacha na hÉireann breis is €10 billiún agus leithdháileadh na fáltais ar thionscadail ghlasa a bhain le sé chatagóir lena n-áirítear: éifeachtúlacht fuinnimh, fuinneamh in-athnuaite agus iompar glan.

### Tionscadail Thábhachtacha ar Leas Coiteann na hEorpa

Is tionscadail mhórscála iad Tionscadail Thábhachtacha ar Mhaithe le Leas na hEorpa i gCoitinne (IPCEI) atá á maoiniú faoi Chreat Státchabhrach sonrach a úsáidtear nuair is ann do theip mhargaidh nó chórasach nach féidir déileáil léi ar aon bhealach eile. Úsáidtear iad chun tacú le tionscadail a chruthaíonn riosca suntasach teicneolaíoch nó airgeadais do na rannpháirtithe, agus dá réir sin, ní chuirfí an tionscadal i gcrích nó chuirfí an tionscadal i gcrích ag scála níos lú mura mbeadh an Státchabhair faighte. Díríonn IPCEI ar TF&N suas go dtí an chéad imlonnú tionsclaíoch agus is féidir le cuideachtaí, idir bheag agus mhór, tairbhe a bhaint as. Chomh maith leis sin, glacann go leor eagraíochtaí taighde páirt in IPCEI mar chomhpháirtithe indíreacha, ag obair leis na cuideachtaí sin a bhfuil tionscadail chomhoibríocha á stiúradh acu. Ainneoin nach bhfuil aon Chiste IPCEI AE ann, is féidir le Ballstáit tacú le tionscadail faoi Chreat Státchabhrach IPCEI, an Rialachán Ginearálta maidir

le Blocdhíolúine agus scéimeanna Státchabhrach eile (ag brath ar an gcineál rannpháirtí).

Go dtí seo, tá roinnt IPCEI ceadaithe ag an gCoimisiún Eorpach, lena n-áirítear i gcomhair hidrigin, agus tá roinnt IPCEI á bhforbairt don todhchaí. Go dtí seo, níl aon togra nithiúil le haghaidh IPCEI Gaoithe Amach ón gCósta déanta. Má mholtar IPCEI, áfach, beidh sé tábhachtach breithniú a dhéanamh ar rannpháirtíocht na hÉireann san IPCEI seo.

### Infheistíocht Dhíreach Choigríche, Slabhra Soláthair Idirnáisiúnta agus Deiseanna Domhanda – Tacaíochtaí agus Cláir d'Infheistíocht idirnáisiúnta

Oibríonn GFT Éireann le hinfheisteoirí chun gnó nua a bhunú agus oibríochtaí in Éirinn a fhorbairt. D'fhéadfadh an méid seo a leanas a bheith i gceist le cláir thacaíochta:

- Caiteachas caipitil chun saoráidí déantúsaíochta nua a fhorbairt, a thógáil agus a fheistiú.
- Infheistíocht a dhéanamh i dtionscnaimh Éifeachtúlachta fuinnimh agus inbhuanaitheachta.
- Taighde agus forbairt táirgí, seirbhísí agus próiseas nua.
- Forbairt tallainne agus digitiú chun acmhainn a threisiú agus tacú le huas-sciliú.
- Fostaíocht ardluacha a chruthú.

Déantar cláir thacaíocht a chaibidliú agus a chomhaontú go díreach le GFT Éireann de réir an cháis.


Rialtas na hÉireann
Government of Ireland